

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

# Tuarascáil Bhliantúil 2023

# Gluais

**CSA** – Údarás Maoirseachta lena mBaineann

**DPA** – Údarás Cosanta Sonraí

**CCS** – An Coimisiún um Chosaint Sonraí

**DPO** – Oifigeach Cosanta Sonraí

**EDPB** – An Bord Eorpach um Chosaint Sonraí

**GDPR** – An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

**IMI** – Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh

**LED** – An Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí

**LSA** – Príomhúdarás Maoirseachta

**OSS** – Ionad Ilfhreastail

**SMC** – Coiste Ardbhainistíochta

# Clár Ábhair

Brollach ........ 4

Achoimre Fheidhmeach ........ 8

Misean, Fís AGUS Luachanna sa CCS ........ 15

Straitéis Rialála ........ 16

Roil agus Freagrachtaí ........ 17

Teagmhálacha, Fiosrúcháin agus Gearáin ........ 20

Sáruithe ........ 27

Fiosrúcháin ........ 30

Dlí ........ 56

Maoirseacht ........ 63

Cearta Cosanta Sonraí Leanaí ........ 76

Oifigigh Cosanta Sonraí ........ 81

Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta ........ 84

Cumarsáid, Rialachas Corparáideach agus Acmhainní Daonna ........ 89

Aguisín 1: Nochtadh Cosanta ........ 93

Aguisín 2: Tuarascáil ar Úsáid Fuinnimh ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ........ 96

Aguisín 3: Ráiteas an Choimisiúin um Chosaint Sonraí faoi Rialuithe Inmheánacha ........ 99

Aguisín 4 : Cás Staidéir ........ 100

Innéacs ........ 146



# Brollach

Bliain ghnóthach i ndáil le cearta sonraí pearsanta a chosaint ba ea an bhliain 2023. Le linn na bliana, tháinig méadú suntasach ar an líon gearán ar dhéileáil an Coimisiún um Chosaint Sonraí ("an Coimisiún") leo, agus eisíodh an líon is mó fíneálacha riamh agus forchuireadh an líon is mó orduithe ceartúcháin riamh tar éis fiosrúcháin trasteorann agus náisiúnta. Rud ba ghinearálta fós, thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh líon mór breithiúnas a bhaineann le cosaint sonraí, agus leanadh le díriú intíre a leagan ar nithe cosanta sonraí os comhair chúirteanna na hÉireann freisin.

Leagtar amach sa tuarascáil bhliantúil seo leithead na hoibre a rinne an Coimisiún ar fud na bliana 2023. Léirítear sna cás-staidéir mhionsonraithe ar fud na tuarascála an raon eagraíochtaí ar déileáladh leo. Idir chuideachtaí réadmhaoine agus airgeadais, ghníomhaireachtaí eastáit réadaigh, scoileanna agus sholáthraithe oideachais, eagraíochtaí agus oibrithe cúram sláinte, ghníomhaireachtaí earnála poiblí, fhostóirí agus fhostóirí ionchasacha, gheallghlacadóirí, sholáthraithe fuinnimh, chuideachtaí árachais, bhialanna, charthanais agus chuideachtaí meán sóisialta, déanann eagraíochtaí sonraí pearsanta daoine a úsáid agus a phróiseáil gach lá, agus an méid sin á dhéanamh acu ar bhealaí casta dothuigthe go minic. Ar fud na bliana 2023, d'fhéach an Coimisiún leis an gceart atá ag daoine aonair chun cosaint chuí a fháil dá sonraí pearsanta a chosaint trí rialáil chothrom chomhréireach a dhéanamh, ar aon dul leis na creataí dlíthiúla is infheidhme agus leis an gcásdlí a bhíonn ag athrú i gcónaí.

## Fiosrúcháin agus Forfheidhmiú Trasteorann

I dteannta breac-chuntas a thabhairt ar roinnt fiosrúchán náisiúnta a cuireadh i gcrích, tuairiscítear sa tuarascáil conas a d'oibrigh an Coimisiún le rialálaithe eile Cosanta Sonraí san Eoraip faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ar fhiosrúcháin mhórscála agus, ar bhonn ginearálta, chun treoir agus caighdeáin a leagan síos trí obair an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí. Bhí 89 bhfiosrúchán reachtúla idir lámha ag an gCoimisiún le linn na bliana, lenar áiríodh 51 fhiosrúchán trasteorann. Cuireadh roinnt fiosrúchán mórscála i gcrích, agus an Coimisiún ag forchur breis agus 87%[1] de

1) DLA Piper GDPR Fines and Data Breach Survey 2024 - https://www.dlapiper.com/en/insights/publications/2024/01/dla-piper-gdpr-fines-and-data-breach-survey-january-2024

na fíneálacha forfheidhmiúcháin RGCS uile a forchuireadh ar fud an Aontais Eorpaigh (bunaithe ar fhíneálacha airgid). Rinne an Coimisiún roinnt ionchúiseamh rathúil faoi na Rialacháin um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach freisin, áit ar tugadh aghaidh ar theachtaireachtaí margaíochta gan iarraidh.

Rud suntasach sa bhliain 2023 ba ea gur críochnaíodh an t-imscrúdú ón gCoimisiún ar dhlíthiúlacht na n-aistrithe sonraí pearsanta ón Aontas Eorpach chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá a bhí á ndéanamh ag Meta agus an t-imscrúdú ón gCoimisiún i ndáil le TikTok agus úsáideoirí is leanaí. Ós rud é gurb é an Coimisiún an Príomhúdarás Maoirseachta san Aontas Eorpach (AE) i gcásanna ina bhfuil bunaíocht aonair nó príomhbhunaíocht na cuideachta lena mbaineann lonnaithe in Éirinn, is é an Coimisiún a threoraigh na himscrúduithe sin, ar seoladh iad i gcomhar le rialálaithe eile AE faoi shásraí comhair agus comhsheasmhachta RGCS. Glacadh cinntí críochnaitheacha sna cásanna sin i mí na Bealtaine (Meta) agus i mí Mheán Fómhair (TikTok) 2023, agus forchuireadh leo fíneálacha dar luach €1.2bn agus €345m faoi seach. Gné amháin den rialáil sin ba ea gur thionscain na cuideachtaí lena mbaineann tacair chomhthráthacha éagsúla imeachtaí dlí os comhair Ard-Chúirt na hÉireann agus na gCúirteanna Eorpacha, agus iad ag déanamh agóid in aghaidh thoradh na bhfiosrúchán ón gCoimisiún agus in aghaidh an phróisis trínar cuireadh i gcrích iad.

## Caidreamh agus maoirseacht

Gné lárnach d'obair an Choimisiúin is ea treoir a thabhairt d'eagraíochtaí agus cuideachtaí faoin bhfeidhm Maoirseachta atá aige. Áiríodh leis na réimsí tosaíochta ar díríodh orthu sa bhliain 2023 na cearta sonraí atá ag leanaí agus ag daoine soghonta a chosaint faoi Straitéis Rialála an Choimisiúin 2022-27. Agus cearta cosanta sonraí á gcoimirciú aige, rinne an Coimisiún caidreamh le hearnálacha éagsúla agus thacaigh sé leo, idir bhialanna, eagraíochtaí spóirt, eagraíochtaí neamhrialtasacha, chuideachtaí ilnáisiúnta teicneolaíochta, ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, scoileanna, agus chomhlachtaí earnála poiblí.

Faoi na feidhmeanna caidrimh agus maoirseachta atá againn, bhuail an Coimisiún le comhlachtaí ionadaíocha roinnt uaireanta chun obair trí conas a d'fhéadfaí cur chuige rioscabhunaithe prionsabalbhunaithe RGCS a chur i bhfeidhm sa chleachtas. Cuireann an Coimisiún treoir agus moltaí ar fáil do ghrúpaí agus eagraíochtaí maidir leis an gcur chuige is fearr, agus oibríonn sé líne chabhrach theileafóin chun cabhrú leis an bpobal ar an ní sin agus ar nithe eile ar bhonn laethúil.

Trí chaidreamh, thug an Coimisiún aghaidh ar an diúltú faisnéis thábhachtach a chomhroinnt idir gníomhaireachtaí cúraim i gcás gur cuireadh an diúltú sin síos do RGCS. Le RGCS, ceadaítear d'eagraíochtaí faisnéis a chomhroinnt go dleathach (sonraí a phróiseáil) i gcás go bhfuil saol nó sábháilteacht (leasanna ríthábhachtacha) duine aonair i gceist – cibé acu i suíomh cúraim nó i suíomh eile. D'oibrigh an Coimisiún chun tacú le heagraíochtaí neamhrialtasacha seirbhísí a sholáthar do dhaoine aonair soghonta le linn na bliana, agus leanfar ar aghaidh leis an gcaidreamh sin sa todhchaí.

Déanann an Coimisiún caidreamh tráthrialta le cuideachtaí maidir le táirgí nua agus maidir le conas aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cosanta sonraí a d'fhéadfadh teacht chun cinn, lena n-áirítear na cearta cosanta sonraí atá ag leanaí. Sna míonna tosaigh den bhliain 2023, chuir an Coimisiún ceithre threoir ghearra le chéile do thuismitheoirí maidir leis na cearta cosanta sonraí atá ag leanaí faoi RGCS. Tá na treoracha sin ceaptha chun cabhrú le tuismitheoirí na cearta atá ag a leanaí a thuiscint agus freagra a thabhairt ar cheisteanna ar féidir leo teacht chun cinn sna gnáthchásanna ina bhfuil feidhm ag na cearta sin.

### Reachtaíocht agus ceaduithe

Thug an Coimisiún ionchur agus barúlacha maidir le breis agus 37 bpíosa reachtaíochta bheartaithe, ghníomhaigh sé mar phríomhrialálaí i ndáil le 22 iarratas ar cheadú Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha ó 14 chuideachta dhifriúla, agus d'oibrigh sé ar roinnt dréachtchód cleachtais, lenar áiríodh trí chód a forbraíodh faoin Acht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022. Tugadh an reachtaíocht sin isteach chun bunús dlí soiléir a thabhairt d'údaráis áitiúla chun úsáid a bhaint as gléasanna taifeadta amhail TCI agus ceamaraí colainne le haghaidh cionta bruscair agus cionta bainistíochta dramhaíola a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh.

### TCI

Tarraingítear aird sa tuarascáil ar chásanna inar úsáideadh TCI nó modhanna eile chun faireachas a dhéanamh ar dhaoine aonair i limistéir phoiblí agus i limistéir phríobháideacha araon. Le linn na bliana, rinneadh gníomh forfheidhmiúcháin in aghaidh roinnt údarás áitiúil agus cuideachtaí i gcás gur próiseáladh sonraí daoine aonair le TCI gan aon bhunús dleathach. Is i gcroílár RGCS atá an prionsabal 'gan dochar a dhéanamh', a aistrítear ina bprionsabail éagsúla mar a leanas: prionsabail na comhréireachta agus an riachtanais; prionsabal an íoslaghdaithe sonraí; prionsabal an teorannaithe de réir cuspóra; agus prionsabal an léirscriosta ina dhiaidh sin, nuair nach mbeidh sonraí pearsanta ag teastáil a thuilleadh chun na críche ar chuici a bailíodh iad. Ní mór d'eagraíochtaí a bhailíonn píosaí scannáin TCI údar soiléir agus bunús dleathach soiléir a bheith acu le déanamh amhlaidh. Ceanglaítear bunús dleathach soiléir a bheith acu chun an fhaisnéis/na híomhánna sin a chomhroinnt ina dhiaidh sin freisin. Sampla amháin atá tugtha sa tuarascáil is ea úsáid thréimhsiúil a bhaint as TCI i leithris, cibé acu i mbialanna nó i scoileanna. Ós rud é gurb ionann leithris agus limistéir ina bhfuil daoine aonair ag súil le hardleibhéal príobháideachta a fháil, beidh údar láidir fianaisebhunaithe ag teastáil chun aon íomhánna nó aon phíosaí scannáin TCI a thaifeadadh agus a úsáid

### Oifigigh Chosanta Sonraí

Tarraingítear aird sa tuarascáil seo ar an ról tábhachtach a imríonn Oifigigh Chosanta Sonraí laistigh d'eagraíochtaí. I ngach comhlacht poiblí, agus ina lán cuideachtaí príobháideacha, imríonn an tOifigeach Cosanta Sonraí ról ríthábhachtach maidir le cearta príobháideachta daoine aonair a chur chun cinn trína chinntiú go ndéanann an eagraíocht breithniú iomlán ar conas a chomhlíonann an dóigh a bpróiseálann sí sonraí fostaithe agus custaiméirí na hoibleagáidí dlíthiúla atá uirthi cearta aonair a sheasamh, ag gníomhú dó/di mar "chara riachtanach" do na heagraíochtaí sin tríd an gcomhrá comhlíonta a choinneáil chun tosaigh. Tacaíonn dea-chleachtais rialachais sonraí agus baill foirne tacaíochta laistigh d'eagraíochtaí le ról an Oifigigh Cosanta Sonraí. Imríonn an tOifigeach Cosanta Sonraí ról tábhachtach maidir le déileáil le mionsáruithe sonraí agus maidir le fógra a thabhairt don Choimisiún faoi sháruithe tromchúiseacha sonraí freisin. Sa bhliain 2023, tháinig méadú ar an líon fógraí faoi sháruithe a tugadh don Choimisiún. Agus rochtain tháthrialta acu ar an lucht ardbhainistíochta, tá ról neamhspleách ag Oifigigh Chosanta Sonraí maidir le caighdeáin chosanta sonraí a chothabháil laistigh d'eagraíochtaí. Sa bhliain 2023, d'oibrigh an Coimisiún le líonraí Oifigeach Cosanta Sonraí, agus d'éascaigh sé líonra earnála poiblí agus líonra náisiúnta piara le piara d'Oifigigh Chosanta Sonraí do chomhlachtaí príobháideacha agus do chomhlachtaí poiblí araon. Doimhneofar an obair sin sna blianta atá le teacht.

## Slán a fhágáil faoi bhrón

D'fhág an Coimisiún slán le beirt a chuir go mór le hobair na hoifige le cúpla bliain anuas sa bhliain 2023. Chaill Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Choimisiúin guth cumasach agus meon fiosrach nuair a fuair Bride Rosney bás roimh am i mí Mheán Fómhair. Bhí Bride ina comhalta gníomhach den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ó bunaíodh é, agus bhí an t-ádh orainn tairbhe a bhaint as a cuid eolais agus treorach. Fuair Kathleen Malone, comhghleacaí urramach agus ball foirne reatha den Choimisiún, bás tobann ina dhiaidh sin i mí na Samhna, agus an-díomá á cur ar a comhghleacaithe. Cronaímid go léir sa Choimisiún an rannchuidiú eisceachtúil a rinne Kathleen agus a heitic oibre agus a saineolas. Tapaímid an deis seo chun cuimhneamh ar an mbeirt díobh agus comhbhrón an Choimisiúin a dhéanamh le teaghlach Bride agus Kathleen araon.



**Coimisinéir Dale Sunderland agus Coimisinéir Cathaoirleach Dr Des Hogan**

## Athrú ceannaireachta

Ba faoi stiúir ag Helen Dixon a cuireadh gníomhaíochtaí an Choimisiúin i gcrích sa bhliain 2023, agus í ina Coimisinéir Cosanta Sonraí aonair le linn na bliana sular tháinig an dara téarma cúig bliana a bhí aici chun deiridh go luath sa bhliain 2024. Ba faoi thionacht an Choimisinéara Dixon agus Dale Sunderland, an comh-Choimisinéir eile, a rinneadh an obair atá mionsonraithe sa tuarascáil seo, agus tapaím an deis seo chun aitheantas a thabhairt le buíochas don mhaoirseacht a rinne an Coimisinéir Dixon ar an gCoimisiún le deich mbliana anuas. Sa bhliain 2023, rinne an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, ag gníomhú dó thar ceann Rialtas na hÉireann, formhaoirseacht ar phróiseas neamhspleách earcaíochta oscailte chun coimisinéirí nua a cheapadh chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Cuireadh an próiseas sin i gcrích go luath sa bhliain 2024, nuair a cheap an Rialtas Dale Sunderland agus mé féin chuig na róil mar Choimisinéirí Cosanta Sonraí.

Táimid ag teacht i gceannas ar rialálaí atá ceannoscailte agus a bhfuil meas air, ar rialálaí é a bhfuil sé mar luachanna aige cearta an duine aonair a sheasamh trí rialáil chothrom chomhréireach a dhéanamh sna blianta atá le teacht.



Dr Des Hogan

Cathaoirleach, An Coimisinéir um Chosaint Sonraí




# Achoimre Fheidhmeach

## Ag tacú le daoine aonair

Ón 1 Eanáir 2023 go 31 Nollaig 2023:

- Fuair an CCS breis is **25,130** teagmháil leictreonach[2] , **7,085** glao gutháin agus **1,253** teagmháil tríd an bpost;
- Sa bhliain 2023 fuair an CCS **11,200** cásanna nua[3] ó dhaoine aonair.  is ionann é sin agus méadú 20% ar an bhfigiúr **9,370** do for 2022.
- Ghlac an Coimisiún le 11,200 cás nua an bhliain seo caite: **8,600** cás a bhí ina gceisteanna a rabhthas in ann déileáil leo ar bhealach measartha tapa; agus **2,600** cás a chuaigh ar aghaidh chuig próiseas foirmiúil láimhseála gearán.




- Chomh maith le 11,200 cás nua a fháil, thug an CCS **11,147** cás chun críche in 2023, agus réitíodh **3,218** díobh tríd an bpróiseas foirmiúil láimhseála gearán. Áirítear leis an bhfigiúr seo gearáin a fuarthas roimh 2023.

In 2023, na hábhair GDPR is minice le haghaidh fiosrúcháin agus gearáin ar aghaidh ag bheith:

- Iarratais Rochtana;
- Próiseáil chothrom;
- Nochtadh;
- Margaíocht Dhíreach; agus
- Ceart chun Scriosta

2) Cuimsíonn cumarsáid leictreonach seoltaí ríomhphoist chuig cuntas info@ an CCS agus foirmeacha gréasáin a chuirtear isteach trí shuíomh Gréasáin an CCS.
3) Sainmhínítear cásanna mar theagmhálacha a dteastaíonn tuilleadh rannpháirtíochta uathu tar éis an cheist tosaigh. Mar sin is féidir gearáin ó dhaoine aonair a áireamh i gcásanna sa chás seo, ach cuimsítear ann freisin iarratais ar chomhairle agus treoir nach mbaineann gné gearáin leo. Ní áirítear leis an bhfigiúr seo teagmhálacha ó na meáin chumarsáide, cuirí cainte, fógraí sáraithe nó comhairliúchán roimh ré.

## Ag Tacú leis an Tionscal


- Fuarthas **6,991** fógra bailí ar an iomlán maidir le sárú sa bhliain 2023. Is ionann é seo agus méadú **20%** ar 5,828 sárú a fógraíodh in 2022.
- As an líon iomlán cásanna maidir le sárú a taifeadadh, tugadh **92%** chun críche sa bhliain 2023.

D'eascair an chúis ba mhinice le sáruithe a tuairiscíodh don CCS mar gheall ar chomhfhreagras a bheith míthreorach chuig na faighteoirí míchearta, ag **52%** den iomlán iomlán.

## Rialáil/ Imscrúdú agus Maoirseacht a Dhéanamh

Le linn 2023, thug an Coimisiún ionchur agus barúlacha maidir le breis agus **37** bpíosa reachtaíochta bheartaithe.

Trí ghníomhaíocht Maoirseachta, sheol an Coimisiún comhairliúchán reachtúil ar na Cóid Chleachtais a tugadh isteach faoin **Acht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022,** rud lena dtabharfar bunús dlí soiléir d'Údaráis Áitiúla chun úsáid a bhaint as gléasanna taifeadta amhail **TCI agus Ceamaraí Colainne** le haghaidh cionta bruscair agus cionta bainistíochta dramhaíola a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh. Leis sin, cinnteofar go mbeidh Údaráis Áitiúla in ann na teicneolaíochtaí sin a imscaradh ar bhealach spriocdhírithe comhréireach, i gcomhlíonadh na gcreataí reachtaíochta um Chosaint Sonraí.



Chuir an Coimisiún leis an gcaidreamh le geallsealbhóirí i réimsí **an chúraim sláinte agus an chúraim** shóisialaigh chun cabhair agus treoir a thabhairt maidir le saincheisteanna a thagann chun cinn le linn sonraí pearsanta daoine soghonta a phróiseáil. Mar chuid den chur chuige ilghnéitheach sin, iarradh ar an gCoimisiún rannchuidiú le tuarascáil ón **gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí** ar an gcreat rialála náisiúnta le haghaidh cumhdach aosach.

Ba é an Coimisiún an príomhúdarás maoirseachta i ndáil le **22 iarratas ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha** ó 14 chuideachta dhifriúla. **Ceadaíodh ceithre cinn de na hiarratais sin sa bhliain 2023**. Thug an Coimisiún cúnamh d'údaráis Eorpacha eile Cosanta Sonraí trí ghníomhú mar chomh-athbhreithnitheoir d'údarás maoirseachta eile ar chúig iarratas ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha agus ghníomhaigh sé mar rapóirtéir ar fhoirne dréachtaithe i ndáil le Tuairimí Airteagal 64 ar thrí cinn de Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha sa bhliain 2023.

**Bhí 100 cruinniú caidrimh ag an bhfoireann Maoirseachta Ilteicneolaíochta** le Cuideachtaí Teicneolaíochta éagsúla agus le hÚdaráis Mhaoirseachta eile sa bhliain 2023 agus **d'éirigh léi ceithre thionscadal sceidealaithe ardáin Idirlín a bhfuil** impleachtaí acu do chearta agus saoirsí daoine aonair a chur siar nó a leasú.

Bhí méadú suntasach ann sa bhliain 2023 sa líon ceisteanna a fuarthas faoi úsáid a bhaint as TCI **i limistéir a bhfuil ionchas níos mó go n-urramófaí príobháideacht iontu**. Mar thoradh air sin, d'fhoilsigh an Coimisiún leagan nuashonraithe mionsonraithe den Treoir ar úsáid **TCI** uaidh chun plé a dhéanamh ar na saincheisteanna sin agus ar ár n-ionchais maidir le TCI a úsáid i limistéir den sórt sin agus scríobh sé chuig roinnt rialaitheoirí sonraí agus comhlachtaí ionadaíocha earnála chun iad a chur ar an eolas faoi na forbairtí sin.

Amhail an 31 Nollaig 2023, **bhí 89 bhFiosrúchán Reachtúla idir lámha** ag an gCoimisiún, lenar áiríodh 51 Fhiosrúchán Trasteorann.

I mí na Bealtaine, d'fhógair an Coimisiún gur tugadh chun críche fiosrúchán RGCS a sheol sé ar **Meta Platforms Ireland Limited maidir le hAistrithe Sonraí**. Bhí an cinneadh faoi réir Phróiseas Réitigh Díospóide Airteagal 65, ar ina dhiaidh a d'fhorchuir an Coimisiún fíneáil €1.2 billiún ar Meta Ireland agus a thug sé ordú dó a oibríochtaí próiseála a chur i gcomhréir leis an reachtaíocht.

I mí Mheán Fómhair, d'eisigh an Coimisiún an cinneadh críochnaitheach uaidh maidir lena fhiosrúchán ar **TikTok Technology Limited**. Scrúdaíodh san fhiosrúchán seo an dóigh a raibh **sonraí pearsanta a bhaineann le leanaí** á bpróiseáil ag TikTok. Bhí an cinneadh faoi réir Phróiseas Réitigh Díospóide Airteagal 65, ar ina dhiaidh a thug an Coimisiún ordú do TikTok a phróiseáil a chur i gcomhréir leis an reachtaíocht agus a d'fhorchuir sé fíneálacha dar luach iomlán **€345 mhilliún**.

Faoi dheireadh 2023, tar éis glacadh lena chinntí, ghearr an CCS fíneálacha arbh fhiú **€1.55 billiún** iad.

Sa bhliain 2023, de bhreis ar na cásanna thuas, thug an Coimisiún **13 fhiosrúchán** chun críche, d'eisigh sé **24 dhréachtchinneadh shealadacha** chuig gearánaigh agus chuig eintitis rialáilte sular tugadh chun críche iad; sheol sé **18 ndréachtchinneadh** ar aghaidh chuig próiseas comhchinnteoireachta Airteagal 60; tharchuir sé **dhá chinneadh** chuig Sásra Réitigh Díospóide Airteagal 65 ó EDPB; **d'eisigh sé 12 chinneadh a bhí tugtha chun críche sa bhliain 2023**; agus d'iarr sé aighneachtaí ar ráitis faoi shaincheisteanna nó tuarascálacha fiosrúcháin ó pháirtithe ábhartha i **dtrí fhiosrúchán** eile. Ina theannta sin, thíolaic an CCS trí shásra comhair Airteagal 60 **229** fógra maidir le réitigh cairdiúla a baineadh amach maidir le gearáin trasteorann.

## Fiosrúcháin agus Gníomh Forfheidhmithe gaolmhar a tugadh chun críche in 2023

| Eagraíochtaí | An Cinneadh a Eisíodh | An Fhíneáil a Forchuireadh | An Beart Ceartaitheach a Forchuireadh |
|---|---|---|---|
| WhatsApp Ireland Ltd | Eanáir 2023 | €5.5 milliún | Ordú faoi bhun: Airteagail 5(1)(a) agus 6(1) RGCS. |
| Kildare County Council | Eanáir 2023 | €50,000 | Toirmeasc sealadach ar cheamaraí TCI ag láithreacha éagsúla.<br><br>Ordú faoi bhun: Airteagail 5(1)(a), 6(1), 13 agus 32(1) RGCS.<br><br>Ailt 71, 72, 76, 78 agus 82 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. |
| Airbnb Ireland UC | Eanáir 2023 | N/B | Cinneadh nach ndearnadh aon sárú. |
| Centric Health | Feabhra 2023 | €460,000 | Iomardú faoi bhun: Airteagail 5(1)(f), 5(2) agus 32(1) RGCS. |
| Banc na hÉireann | Feabhra 2023 | €750,000 | Iomardú faoi bhun: Airteagail 5(1)(f) agus 32(1) RGCS.<br><br>Ordú faoi bhun: Airteagail 5(1)(f) agus 32(1) RGCS |
| Ard-Easpag Bhaile Átha Cliath | Feabhra 2023 | N/B | Ordú faoi bhun: Airteagal 5(1)(a) RGCS. |
| Meta (Facebook) | Bealtaine 2023 | €1.2 billiún | Sreabha sonraí a fhionraí faoi bhun: Airteagal 46 RGCS.<br><br>Ordú faoi bhun: Airteagal 46 RGCS. |
| An Roinn Sláinte | 16 Meitheamh 2023 | €22,500 | Toirmeasc faoi bhun: Airteagail 5(1)(c), 6(1), 6(4) agus 9(1) RGCS.<br><br>Iomardú faoi bhun: Airteagail 5(1)(c), 5(1)(f), 6(1), 6(4) agus 32(1) RGCS. |
| Airbnb Ireland UC | Meitheamh 2023 | N/B | Cinneadh nach ndearnadh aon sárú. |
| Airbnb Ireland UC | Meitheamh 2023 | N/B | Iomardú faoi bhun: Airteagail 5(1)(c) agus 5(1)(e).<br><br>Ordú faoi bhun: Airteagail 5(1)(c) agus 5(1)(e). |

| Eagraíochtaí | An Cinneadh a Eisíodh | An Fhíneáil a Forchuireadh | An Beart Ceartaitheach a Forchuireadh |
|---|---|---|---|
| Airbnb Ireland UC | Iúil 2023 | N/B | Iomardú faoi bhun: Airteagail 5(1)(c), 6(1)(f), 15(1), 12(1) agus 12(3).<br><br>Ordú faoi bhun: Airteagal 12(1). |
| Comhairle Contae na Gaillimhe | Lúnasa 2023 | N/B | Toirmeasc sealadach ar cheamaraí TCI agus ar uathaithint uimhirphlátaí ag láithreacha éagsúla.<br><br>Toirmeasc sealadach ar cheamaraí coirp a úsáid.<br><br>Ordú faoi bhun: Airteagal 35 RGCS agus Ailt 71, 72, 76, 78, 82 agus 90(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.<br><br>Iomardú faoi bhun: Airteagal 24 RGCS. |
| TikTok | Meán Fómhair 2023 | €345 mhilliún | Iomardú faoi bhun: Airteagail 5(1)(a), 5(1)(c), 12(1), 13(1)(e), 24(1), 25(1) agus 25(2) RGCS.<br><br>Ordú faoi bhun: Airteagail 5(1)(a), 5(1)(c), 12(1), 13(1)(e), 24(1), 25(1) agus 25(2) RGCS. |
| Airbnb Ireland UC | Meán Fómhair 2023 | N/B | Iomardú faoi bhun: Airteagal 12(4). |
| Airbnb Ireland UC | Meán Fómhair 2023 | N/B | Iomardú faoi bhun: Airteagail 6(1)(f), 5(1)(c) agus 5(1)(e).<br><br>Orduithe faoi bhun: Airteagail 5(1)(c) agus 5(1)(e). |
| Airbnb Ireland UC | Meán Fómhair 2023 | N/B | Iomardú faoi bhun: Airteagail 6(1)(f) agus 5(1)(c).<br><br>Ordú faoi bhun: Airteagail 6(1)(f) agus 5(1)(c). |
| Apple Distribution International Limited | Samhain 2023 | N/B | Cinneadh nach ndearnadh aon sárú. |
| Microsoft Operations Ireland Limited | Samhain 2023 | N/B | Iomardú faoi bhun: Airteagail 12(4) agus 17.<br><br>Ordú faoi bhun: Airteagail 12(4) agus 17. |

| Eagraíochtaí | An Cinneadh a Eisíodh | An Fhíneáil a Forchuireadh | An Beart Ceartaitheach a Forchuireadh |
|---|---|---|---|
| Meta (Facebook and Instagram) | Samhain 2023 | N/B | Toirmeasc ar shonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha fógraíochta iompraíochta ar bhonn Airteagal 6(1)(b) nó (f) RGCS. |

## Deimhniú Fíneálacha Riaracháin


I mí na Samhna 2023, deimhníodh i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath na cinntí a rinne an Coimisiún um Chosaint Sonraí chun fíneálacha riaracháin a fhorchur ar chúig eagraíocht dhifriúla. Bhí na fíneálacha sin sa raon idir €15,000 agus €750,000. Ar bhailiú, fíneálacha aistrítear chuig an státchiste lárnach in Éirinn.

- VIEC, ag trádáil mar Virtue Eldercare – (€100,000)
- A&G Couriers, ag trádáil mar Fastway Couriers – (€15,000)
- Comhairle Contae Chill Dara -(€50,000)
- Centric Health – (€460,000)
- Banc na hÉireann – (€750,000)

## Caidreamh a Dhéanamh le Rialálaithe Eile

Ó bhí an 1 Eanáir 2023 ann:

- Thug an Coimisiún freagra ar bhreis agus **800** ceann d'Iarrataí Frithpháirteacha agus Iarrataí Frithpháirteacha Deonacha Airteagal 61 ar chabhair ó Rialálaithe Eorpacha eile;
- D'fhreastail an Coimisiún ar bhreis agus **150 cruinniú Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí (BECS)** a seoladh go fíorúil agus i bpearsa araon;
- Leanadh le hionadaithe a bheith acu ar gach foghrúpa EDPB; agus
- Leanann an Coimisiún de bheith ina bhall gníomhach de Ghrúpa Rialálaithe Digiteacha na hÉireann, mar aon le ComReg, leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus le Coimisiún na Meán (Údarás Craolacháin na hÉireann roimhe seo) mar chuid d'ullmhúcháin na hÉireann don athrú reachtach atá le teacht ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.



## Cosaint Sonraí a Phríomhshruthú

Labhair baill foirne den Choimisiún ag **120 imeacht cainte** sa bhliain 2023, agus iad comhdhéanta de sheimineáir fhíorúla agus de sheimineáir i bpearsa araon.





Tá an Coimisiún tiomanta fós d'fheasacht ar chearta cosanta sonraí agus ar fhreagrachtaí cosanta sonraí a bhrú chun cinn.

Fónann suíomh Gréasáin an Choimisiúin mar mhol lárnach le haghaidh faisnéis faoi chosaint sonraí, agus treoir chuimsitheach á tabhairt do dhaoine aonair maidir le topaicí éagsúla, amhail dlíthe um chosaint sonraí a thuiscint, cearta cosanta sonraí a fheidhmiú, agus sáruithe sonraí a thuairisciú. Sa bhliain 2023, rinne an Coimisiún **cúig** phíosa treorach nua[4] substaintiúla (lena n-áirítear ceithre cinn atá saincheaptha go sonrach do leanaí), dhá ghrafaic faisnéise, agus **12** chás-staidéar nua[5] a tháirgeadh le haghaidh shuíomh Gréasáin an Choimisiúin sa bhliain.

## Gníomhaíocht Eile

Sa bhliain 2023:

- Chuir an Coimisiún **237** n-imscrúdú ar mhargaíocht dhíreach leictreonach i gcrích;
- Rinne an Coimisiún **ceithre chuideachta a ionchúiseamh** i ndáil le cumarsáidí margaíochta neamhiarrtha a sheoladh gan toiliú (Rialachán 13 d'Ionstraim Reachtúil 336 de 2011) chuig daoine aonair. Rinne an Chúirt ciontuithe sna cúisimh uile agus d'fhorchuir sí fíneálacha arbh fhiú €2,000 san iomlán iad;
- **Fuair an Coimisiún 26 ghearán a bhaineann leis an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí agus chuir sé 37 gcinn de ghearáin den sórt sin i gcrích**;




4) https://www.dataprotection.ie/ga/treoir-ccs
5) https://www.dataprotection.ie/ga/dpc-guidance/case-studies

## Misean

Dlí um chosaint sonraí a chur i bhfeidhm go seasta trí rannpháirtíocht, trí mhaoirseacht agus trí fhorfheidhmiú, agus comhlíonadh na reachtaíochta um chosaint sonraí a chur chun cinn. Cosnaíonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí cearta cosanta sonraí daoine aonair agus tugann sé soiléire do na heagraíochtaí a rialaíonn sé trí:

- páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoina gcearta agus a bhfreagrachtaí;
- cur chun cinn cóir agus cothrom a ghlacadh maidir le láimhseáil gearán;
- teagmháil a dhéanamh go fairsing agus go trédhearcach le páirtithe leasmhara;
- páirt ghníomhach a ghlacadh ag leibhéal an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí chun comhsheasmhacht a bhaint amach;
- fadcheann teicneolaíochta a chothú, ag súil le forbairtí rialála amach anseo;
- pionós a ghearradh go comhréireach agus go críonna; agus
- inniúlachtaí saineolacha na foirne a choinneáil agus a thabhairt le chéile chun éifeachtacht oibríochtúil a chinntiú.

## Fís

Mar rialaitheoir ar dhlí an AE maidir le cosaint sonraí, tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí dúthrachtach faoi bheith neamhspleách, tionchar a imirt go hidirnáisiúnta, agus a bheith iontaofa ag an bpobal; trí rialú le cuspóir soiléir, le muinín an phobail, le meas ár bpiaraí agus trí bheith éifeachtach maidir le rialú.

Beidh ról ceannaireachta ag an CCS i leith soiléireacht dhlíthiúil a chur ar fáil i mblianta tosaigh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí. Glacfaidh an CCS cur chun cinn rialála bunaithe ar riosca i leith a chuid oibre, ionas go gcuirfear a gcuid acmhainní in ord tosaíochta i gcónaí ar bhonn na tairbhe is mó a thabhairt don líon is mó daoine.

Chomh maith leis sin, beidh an CCS ina áit oibre thairbheach agus dhúshlánach, ina leagfar béim ar na daoine is cuí a choinneáil, a tharraingt isteach agus a cheapadh chun cur lena shainordú, agus aitheantas á thabhairt gurb é luach agus inniúlacht na foirne an bua is mó atá aige.

## Luachanna

Is rialtóir neamhspleách é an CCS, ar a bhfuil freagracht as eagraíochtaí na hearnála príobháidí agus poiblí araon a rialú, chomh maith le cearta cosanta sonraí daoine aonair a chosaint. Agus na dualgais seo á gcomhlíonadh, tá an CCS dúthrachtach faoi ghníomhú i gcónaí i mbealach atá:

✓ Cothrom

✓ Saineolach

✓ Comhréireach

✓ Trédhearcach

✓ Cuntasach

✓ Réamhbhreathnaitheach

✓ Gníomhach

✓ Neamhspleách

✓ Dírithe ar Thorthaí





# Straitéis Rialála

I mí na Nollag 2021, d’fhoilsigh CCS a Straitéis Rialála do 2022-2027, a bheidh mar threochlár don CCS trí thréimhse bhunathraitheach.

Tá fís uaillmhianach leagtha síos ag an CCS maidir leis an méid a chreideann sé a bheidh mar chúig bliana ríthábhachtach i dteacht chun cinn dlí, rialú agus cultúr cosanta sonraí.

Tá an Straitéis – agus an clár oibre a eascraíonn as – bunaithe thart ar chúig philéar idircheangailte ó thaobh comhthosaíochta.

1. **Rialú go comhsheasmhach agus go héifeachtach**
2. **Daoine aonair a chosaint agus feasacht maidir le cosaint sonraí pearsanta a chur chun cinn**
3. **Tosaíocht a thabhairt do chosaint leanaí agus do ghrúpaí leochaileacha eile.**
4. **Soiléireacht a thabhairt chuig páirtithe leasmhara**
5. **Tacú le heagraíochtaí agus treallús a chur faoi chomhlíontacht**

Socraítear an Straitéis de réir spriocanna bunúsacha, a bhfuil misean, fís agus luachanna an CCS mar bhonn agus mar thaca acu, a rannchuidíonn le chéile le seachadadh a thosaíochtaí straitéiseacha.



# Roil agus Freagrachtaí

## Feidhmeanna an CCS

Is é an Coimisiún um Chosaint Sonraí (CCS) an t-údarás náisiúnta neamhspleách in Éirinn atá freagrach as seasamh le buncheart na ndaoine san AE go ndéanfaí a gcuid sonraí pearsanta a chosaint. Dá réir sin, is é an CCS an t-údarás maoirseachta Éireannach a bhfuil sé de chúram air monatóireacht a dhéanamh ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) (Rialachán (AE) 2016/679).

Áirítear i measc croífheidhmeanna an CCS, faoin GDPR agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 – a thugann tuilleadh éifeachta don GDPR in Éirinn

:

- **spreagadh comhlíonta fheabhsaithe le reachtaíocht chosanta sonraí ag rialaitheoirí agus ag próiseálaithe;**
- **láimhseáil ghearán ó dhaoine aonair maidir le hábhar sáruithe a gcuid ceart cosanta sonraí;**
- **cur i gcrích fiosrúchán agus imscrúduithe maidir le hábhar sáruithe na reachtaíochta cosanta sonraí;**
- **cothú feasachta i measc eagraíochtaí agus an phobail maidir leis na rioscaí, na rialacha, na cosaintí agus na cearta ar dá gcúram iad agus sonraí pearsanta á bpróiseáil; agus**
- **comhoibriú le húdaráis chosanta sonraí i mballstáit eile de chuid an AE faoi cheisteanna ina bhfuil próiseáil trasteorann i gceist.**

Gníomhaíonn an CCS mar an t-údarás maoirseachta freisin don phróiseáil sonraí pearsanta faoi roinnt creat dlí breise. Áirítear orthu seo **an Treoir maidir le Forfheidhmiú Dlí** (Treoir 2016/680, faoi mar a trasuíodh í faoin **Acht um Chosaint Sonraí 2018**) a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta ag comhlachais a bhfuil feidhmeanna forfheidhmithe dhlí acu i gcomhthéacs chosc, imscrúdú, aimsiú nó ionchúiseamh cionta coiriúla nó cur i ngníomh pionós coiriúil. Cuireann an CCS feidhmeanna áirithe maoirseachta agus forfheidhmithe i bhfeidhm freisin maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs na gcumarsáidí leictreonacha faoi na **Rialacháin e-Phríobháideachai**s (I.R. Uimh. 336 ó 2011).

Chomh maith lena chuid feidhmeanna faoin GDPR, leanann an CCS air de bheith ag cur i gcrích a chuid feidhmeanna rialála faoi **na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003**, maidir le gearáin agus imscrúduithe a bhaineann leis an tréimhse roimh 25 Bealtaine 2018, chomh maith le catagóirí áirithe srianta eile próiseála, is cuma má tharla an phróiseáil sin roimh nó tar éis 25 Bealtaine 2018.

Chomh maith le reachtaíocht shonrach chosanta sonraí, is ann do thart ar 20 píosa breise reachtaíochta, a chlúdaíonn réimsí éagsúla earnála, a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta, ina mbíonn ar an CCS feidhm áirithe mhaoirseachta a chur i gcrích a leagtar air faoin reachtaíocht sin.

## Foireann Shinsearach an CCS

Cuimsíonn Coiste Bainistíochta Sinsearaí an CCS (SMC) an Coimisinéir um Chosaint Sonraí agus an seachtar Leaschoimisinéirí. Déanann an Coimisinéir agus baill an SMC maoirseacht ar bhainistiú agus ar rialú cuí na heagraíochta, de réir na bprionsabal sin a leagtar amach sa Chaighdeán Rialachais Corparáideacha don Státseirbhís (2015). Tá sceideal foirmiúil ceisteanna le cur san áireamh agus a bhfuil cinneadh le déanamh fúthu, de réir mar is cuí, ag an SMC, chun maoirseacht agus smacht éifeachtacha na heagraíochta a chinntiú.

Foireann Shinsearach an CCS:

- Helen Dixon (An Coimisinéir um Chosaint Sonraí);
- Ian Chambers (Ceannasaí Gníomhaíochta Rialála);
- Tony Delaney (Ceannasaí Gníomhaíochta Rialála);
- MB Donnelly (Ceansaí Straitéise, Rialachais, Airgeadais agus Riosca);
- Graham Doyle (Ceannasaí Gnóthaí Corparáideacha, Meáin Chumarsáide & Cumarsáidí);
- Cian O'Brien (Ceansaí Fiosrúchán agus Imscrúduithe ar Mhórscála);
- Ultan O'Carroll (Ceannasaí Teicneolaíochta, Oibriúcháin & Feidhmíochta);
- Fleur O'Shea (Ceannasaí Ceann Gnóthaí Dlí);
- Sandra Skehan (Ceannasaí Gníomhaíochta Rialála);
- Dale Sunderland (Ceannasaí Gníomhaíochta Rialála);

An 20 Feabhra 2024, d'fhógair Helen McEntee TD, an tAire Dlí agus Cirt, gur cheap an Rialtas beirt Choimisinéirí Cosanta Sonraí nua, eadhon an Dr Des Hogan agus an tUas. Dale Sutherland, tar éis dheireadh thionacht Helen Dixon Uas., an Coimisinéir a bhí ag dul as oifig, ar tháinig a tionacht chun deiridh an 19 Feabhra tar éis di fónamh ar feadh dhá théarma cúig bliana.

## An Coimisiún um Chosaint Sonraí - Vóta 44

Maoinítear an CCS go huile is go hiomlán ag an Státchiste. Is é an Coimisinéir um Chosaint Sonraí an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Choimisiúin, Vóta 44.

Vótáil an Coimisiún um Chosaint Sonraí leithdháileadh buiséadach de €26.364M ar leithdháileadh €17.100M de do chaiteachas a bhaineann le pá, agus leithdháileadh €9.264M de sin ar chaiteachas neamhphá. B'ionann an maoiniú do 2023 agus méadú €3.1M ar leithdháileadh 2022.



**Coiste Ardbhainistíochta an Choimisiúin, Nollaig 2023.**
**An líne chúil ó chlé go deas: Ian Chambers, Dale Sunderland, Graham Doyle.**
**An líne láir ó chlé go deas: Sandra Skehan, Ultan O'Carroll, Fleur O'Shea, Cian O'Brien.**
**An líne tosaigh ó chlé go deas: Tony Delaney, Helen Dixon, MB Donnelly.**



# Teagmhálacha, Fiosrúcháin agus Gearáin

Déanann páirtithe leasmhara teagmháil leis an CCS ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear, línte teileafóin Deasc Chabhrach an CCS, foirmeacha gréasáin ar líne, ríomhphost agus tríd an bpost.

## Teagmhálaithe/Ceisteanna

Idir 1 Eanáir 2023 agus 31 Nollaig 2023:

Sa bhliain 2023, rinneadh **25,130** teagmháil leictreonach[6] leis an CCS, **7,085** glaoch gutháin agus **1,253** teagmháil tríd an bpost, méadú 18%, 3% agus 12% ar fhigiúirí 2022 faoi seach.

## Gearáin

Le linn na tréimhse céanna, fuair an CCS **11,200** cás nua[7]. Chuaigh **2,600** acu sin ar aghaidh chuig an bpróiseas foirmiúil láimhseála gearán, lena n-áirítear 230 gearán maidir le margaíocht dhíreach leictreonach. Is ionann líon iomlán na gcásanna a fuarthas agus méadú 20% ar iomlán na bliana 2022, agus an líon is mó cásanna a fuair an CCS in aon bhliain ó tháinig an GDPR i bhfeidhm.

Ar an iomlán, chuir an CCS **3,218** gearán i gcrích, lena n-áirítear **1,756** gearán a fuarthas roimh 2023.

Nuair a fhaightear ábhar imní a d'ardaigh duine aonair, déantar measúnú chun a chinneadh an bhfuil an cheist ina 'gearán' mar a shainmhínítear faoi na hAchtanna, is é sin go mbaineann an t-ábhar le próiseáil sonraí pearsanta an duine aonair agus go ndearnadh sárú ar cearta cosanta sonraí an duine aonair. Ní mór don CCS measúnú a dhéanamh freisin ar cé acu an é nó nach é an CCS an t-údarás cuí chun an gearán a scrúdú, mar go bhféadfadh sé bheith faoi dhlínse rialtóra cosanta sonraí eile.




6) Cuimsíonn cumarsáid leictreonach seoltaí ríomhphoist chuig cuntas info@ an CCS agus foirmeacha gréasáin a chuirtear isteach trí shuíomh Gréasáin an CCS.

7) Sainmhínítear cásanna mar theagmhálacha a dteastaíonn tuilleadh rannpháirtíochta uathu tar éis an cheist tosaigh. Mar sin is féidir gearáin ó dhaoine aonair a áireamh i gcásanna sa chás seo, ach cuimsítear ann freisin iarratais ar chomhairle agus treoir nach mbaineann gné gearáin leo. Ní áirítear leis an bhfigiúr seo teagmhálacha ó na meáin chumarsáide, cuirí cainte, fógraí sáraithe nó comhairliúchán roimh ré.

| Gearáin a Fuarthas faoin GDPR – na 5 Príomhshaincheist sa bhliain 2023 | Uimh. | % den iomlán |
|---|---|---|
| Iarratas ar Rochtain | 1014 | 39 |
| Próiseáil Chóir | 374 | 14 |
| Nochtadh | 348 | 13 |
| An Ceart chun Léirscriosadh | 323 | 12 |
| Margaíocht Dhíreach | 121 | 5 |

## Láimhseáil Gearán

Próiseálann an CCS gearáin faoi thrí phríomhchreat dlíthiúil:

a. an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (GDPR), a bhfuil éifeacht bhreise tugtha ag an Acht um Chosaint Sonraí 2018 (Acht 2018);

b. an Treoir um Fhorghníomhú an Dlí (LED), atá trasuíthe i ndlí na hÉireann le Codanna 5 agus 6 d'Acht 2018;

c. na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003;

d. S.I. 336/2011 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonaí), 2011.

Tugann Airteagal 57(1)(f) den GDPR sainordú don CCS gearáin a láimhseáil 'a mhéid is cuí' ag brath ar 'ábhar an ghearáin'. Faoi alt 109(1) d'Acht 2018, "scrúdóidh an Coimisiún an gearán agus déanfaidh sé, de réir an ailt seo, cibé beart ina leith is cuí leis an gCoimisiún, ag féachaint don chineál agus don imthosca."

Dá réir sin, a luaithe a dhéantar measúnú ar ábhar imní mar ghearán agus a théann sé ar aghaidh chuig aonad láimhseála gearán, déantar an scrúdú de réir na gceanglas reachtaíochta.

## Réiteach Cairdiúil

Gné bhunúsach d'oibleagáidí láimhseála gearán an Choimisiúin is ea seasamh le cearta na n-ábhar sonraí. Tá sé feicthe ag an gCoimisiún go dtí seo go mbíonn an chuid is mó de dhaoine aonair sásta nuair a thugtar aghaidh ar iompraíocht an rialaitheora sonraí a ndearnadh gearán faoi. Is féidir é sin a bhaint amach tríd an bpróiseas réitigh chairdiúil.

Faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (Acht 2018), féadfaidh an Coimisiún bearta a dhéanamh de réir mar is cuí leis chun réiteach cairdiúil ar ghearán a shocrú nó a éascú i gcás go measann sé go bhfuil dóchúlacht réasúnach ann go dtiocfaidh na páirtithe i ngearán ar réiteach cairdiúil laistigh de thréimhse ama réasúnach.

Tá á lán bealaí ann ina bhféadfaí gearán a réiteach go cairdiúil. I roinnt cásanna, mar shampla, d'fhéadfaí sásamh a dhéanamh ar cheart an ábhair sonraí go bhféadfadh gur fhéach an gearánach le hathrú i gcleachtais phróiseála a fheidhmiú nó d'fhéadfaí gearán a réiteach trí shaincheist a shoiléiriú chun sástacht an dá pháirtí.

Tá sé feicthe ag an gCoimisiún go dtí seo gur féidir céatadán ard de na gearáin a láimhseálann sé a réiteach go cairdiúil ar bhealach tráthúil.

Maidir leis na gearáin ba choitianta a cuireadh i gcrích trí réiteach cairdiúil, baineann siad le rialaitheoirí sonraí gan a bheith ag tabhairt freagra ar iarrataí rochtana nó mainneachtain a n-oibleagáidí faoi RGCS a chomhlíonadh go leordhóthanach i ndáil le custaiméirí.

## Gearáin maidir le Cearta Rochtana

Foráiltear in Airteagal 15 den GDPR go bhféadfaidh duine aonair deimhniú a fháil ón rialaitheoir á rá an bhfuil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi á bpróiseáil nó nach bhfuil, agus, i gcás inarb amhlaidh an cás, rochtain a fháil ar chóip dá gcuid faisnéise. Is ceart tábhachtach atá i gceist leis seo agus ceart a bhíonn mar chúis le líon mór gearáin chuig an CCS ar bhonn bliantúil. Tá an ceart rochtana ar cheann de na cearta bunúsacha a thugtar do dhaoine aonair faoin GDPR.

Faoi dheireadh na bliana 2023, bhí **1,014** gearán nua maidir le rochtain faighte ag an CCS agus tugadh **1,120** acu chun críche.

## Torthaí as Gearán

De réir alt 109 d'Acht 2018, déanfaidh an CCS cibé bearta a mheasann sé a bheith cuí maidir le gearán, is iad sin, gearán a dhiúltú nó a dhíbhe, fógra forghníomhaithe a eisiúint, tús le fiosrúchán bunaithe ar ghearán. nó aon ghníomh eile is cuí leis an CCS. In 2023 cuireadh leis an alt seo de na hAchtanna um Chosaint Sonraí a cheadaigh don CCS iomardú a eisiúint lasmuigh den phróiseas fiosrúcháin.

In 2023, thug na haonaid láimhseála gearán **3,218** cás chun críche tríd an bpróiseas réitigh cairdiúil nó trí úsáid a bhaint as na gníomhartha atá sonraithe in alt 109 d'Acht 2018.

## Forfheidhmiú

De réir mar is gá, úsáideann an CCS a chumhachtaí forghníomhaithe i gcoinne eagraíochta nuair a thagann sé chun solais go bhfuil ag teip uirthi ina oibleagáidí faoin reachtaíocht um chosaint sonraí. Is é an sampla is coitianta ná nuair nach mbíonn baint ag rialaitheoir sonraí leis an duine aonair nó leis an CCS, rud a chuireann bac ar cheart an duine a gcearta cosanta sonraí a fheidhmiú, agus ar oibleagáid dhlíthiúil an CCS líomhaintí sáruithe den sórt sin a scrúdú.

In 2023, d'eisigh an CCS trí fhógra forfheidhmithe chuig Liachleachtóir Ginearálta agus chuig eagraíochtaí a bhfuil baint acu le hóstán siopa, i gcomhréir le halt 109(5)(d)(i), as neamhchomhlíonadh Airteagal 15 (iarratas rochtana ábhair) agus thug sé an i ndáil le fógra breise a eisíodh i R4 de 2022. Sa chás nach gcomhlíonann eagraíocht ordú forghníomhaithe, cuirfidh an CCS iad seo i bhfeidhm a mhéid is féidir chun comhlíonadh na reachtaíochta um chosaint sonraí a chinntiú.

**Tá na cás-staidéir faoi teagmhálacha, fiosrúcháin agus ghearáin le fáil ar "Aguisín 4" den turaiscáil seo.**




**Jenny Dolan, Coimisinéir Cúnta, agus Niamh Hodnett, aoichainteoir agus Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne, Coimisiún na Meán.**
**Lá foirne an Choimisiúin, Deireadh Fómhair 2023.**

## Gearáin maidir le Margaíocht Dhíreach Leictreonach

Imscrúdaíonn agus ionchúisíonn an CCS go gníomhach cionta a bhaineann le margaíocht dhíreach leictreonach faoi I.R. 336/2011 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach) 2011 ('na Rialacháin Ríomhphríobháideachais'). Cuireann na Rialacháin Ríomhphríobháideachais an Treoir 2002/58/CE ('an Treoir Ríomhphríobháideachais) i bhfeidhm in Éirinn.

Fuair an CCS **230** gearán nua maidir le margaíocht dhíreach leictreonach sa bhliain 2023.


Tugadh **237** fiosrúchán maidir le margaíocht dhíreach leictreonach chun críche sa bhliain 2023.

Tá an figiúr seo déanta suas den mhéid seo a leanas:

- 1 ghearán ón mbliain 2021;
- 47 ghearán ón mbliain 2022;
- 189 gearán ón mbliain 2023.

In 2023, rinne an CCS **ceithre chuideachta** a ionchúiseamh as cumarsáidí margaíochta gan iarraidh a sheoladh gan toiliú (Rialachán 13 d'Ionstraim Reachtúil 336 de 2011) chuig daoine aonair. Chuir an Chúirt ciontuithe ar ais ar gach cúiseamh agus ghearr sí fíneálacha de €2,000 san iomlán.


**Tá na cás-staidéir faoi teagmhálacha, fiosrúcháin agus ghearáin le fáil ar "Aguisín 4" den turaiscáil seo.**



## Gearáin a bhaineann leis an Sásra maidir le hIonaid Ilfhreastail

Bunaíodh an sásra maidir le hIonaid Ilfhreastail faoi RGCS. Is é an cuspóir atá leis cuíchóiriú a dhéanamh ar an dóigh a ndéanann eagraíochtaí a dhéanann gnó i níos mó ná Ballstát amháin den Aontas Eorpach caidreamh le húdaráis cosanta sonraí (ar a dtugtar 'údaráis mhaoirseachta' faoi RGCS). Leis an Sásra maidir le hIonaid Ilfhreastail, cumasaítear na heagraíochtaí sin a bheith faoi réir formhaoirseacht dhíreach ag príomhúdarás maoirseachta aonair, i gcás go bhfuil "príomhbhunaíocht" acu, in ionad iad a bheith faoi réir rialáil leithleach ag na húdaráis cosanta sonraí de chuid gach ballstáit. De ghnáth, is é áit a riaracháin láir agus/nó a cinnteoireachta san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch an phríomhbhunaíocht de chuid eagraíochta.

Féadfaidh duine aonair i stát den Aontas Eorpach/den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch gearán a thaisceadh go díreach leis an údarás maoirseachta arb é an príomhúdarás maoirseachta é nó féadfaidh sé/sí é a thaisceadh lena (h)údarás áitiúil/náisiúnta, a tharchuirfidh é chuig an bpríomhúdarás maoirseachta. Sna cásanna deireanacha sin, tugtar údarás maoirseachta lena mbaineann ar an údarás náisiúnta.



Ó chur chun feidhme RGCS i leith, fuair an Coimisiún **1,678 ngearán trasteorann** san iomlán, a bhfuil an Coimisiún bunaithe mar Phríomhúdarás Maoirseachta i leith **1,459 gcinn (87%)** díobh.

Cuireadh i gcrích **82.5%** de na 1,459 ngearán trasteorann bhailí, a bhfuil an Coimisiún ar an bPríomhúdarás Maoirseachta ina leith.

Ó mhí na Bealtaine 2018 i leith, b'amhlaidh, maidir le **61%** de ghearáin trasteorann, a bhfuil an Coimisiún ar an bPríomhúdarás Maoirseachta ina leith, a thaisc gearánaigh iad le húdarás maoirseachta eile de chuid an Aontais Eorpaigh/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch agus a aistríodh iad chuig an gCoimisiún ansin tríd an Sásra maidir le hIonaid Ilfhreastail. Taisceadh 39% de ghearáin trasteorann leis an gCoimisiún go díreach.

Sa bhliain 2023, fuair an Coimisiún **156** ghearán trasteorann bhailí, a bhain le cuideachtaí a bhfuil an Coimisiún ar an bPríomhúdarás Maoirseachta ina leith[8]. Faoi dheireadh na bliana, chuir an Coimisiún **279 ngearán trasteorann** i gcrích. Le linn na tréimhse sin, taisceadh **13** ghearán eile leis an gCoimisiún i gcás gur sainaithníodh gurbh é an tÚdarás Maoirseachta an Príomhúdarás Maoirseachta.


I 2023 chuir an CCS **229** fógra isteach trí shásra comhair Airteagal 60 den GDPR 229 faoi chásanna inar baineadh amach réiteach cairdiúil. Is féidir sonraí na gcásanna seo a fháil foilsithe ar shuíomh Gréasáin an EDPB.

**Tá na cás-staidéir faoi teagmhálacha, fiosrúcháin agus ghearáin le fáil ar "Aguisín 4" den turaiscáil seo.**

## Gearáin maidir leis an Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí

Baineann an Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí (AE 2016/680) ('LED') mar a aistríodh go dlí na hÉireann an 25 Bealtaine 2018 san Acht um Chosaint Sonraí 2018 leis an gcás ina mbítear ag tabhairt faoi phróiseáil sonraí pearsanta chun críocha cosc, imscrúdaithe, brath nó ionchúiseamh cionta coiriúla, nó pionóis choiriúla a fhorghníomhú. Ar mhaithe leis an 'LED' a bheith infheidhme, ní mór gur "údarás inniúil" a bheidh sa rialaitheoir sonraí freisin, mar a leagtar amach in Alt 69 den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

In 2023, fuair an CCS **32 gearán LED agus chuir sé 37 gearán LED** i gcrích (lena n-áirítear gearáin a fuarthas roimh 2023) agus bhain a bhformhór leis an nGarda Síochána mar an rialtóir sonraí ach áiríodh freisin eagraíochtaí ar nós an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, an Roinn Sóisialta. Cosaint agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann.




8) Maidir leis na gearáin sin, fuair an Coimisiún iad go díreach agus tharchuir Údaráis Mhaoirseachta eile de chuid an Aontais Eorpaigh/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch iad chuig an gCoimisiún.

## Idirghabháil Dhíreach

Tugann an Coimisiún tús áite do shaincheisteanna is cúis le hábhair imní láithreacha cosanta sonraí do ghrúpaí móra daoine agus déanann sé idirghabháil dhíreach iontu chun freagairt thráthúil a chinntiú i gcás nithe a bhféadfadh iarmhairtí fairsinge a bheith acu. Téann an CCS i ngleic leis na saincheisteanna seo ar bhealaí éagsúla chun a chinntiú go gcomhlíontar an phróiseáil le hoibleagáidí GDPR.

Áiríodh na nithe seo a leanas le roinnt de na nithe ar tugadh tús áite dóibh le haghaidh idirghabháil dhíreach sa bhliain 2023:

- TCI i leithris scoile, i dtithe tábhairne, i gclubanna oíche agus i saoráidí iompair phoiblí;
- Próiseáil bhithmhéadrach sonraí pearsanta san áit oibre;
- Postáil íomhánna de leanaí ar líne;
- Nochtadh sonraí pearsanta íogaire i suíomhanna poiblí;

Le linn dó nithe áirithe a roghnú le haghaidh idirghabháil dhíreach, tugann an Coimisiún aird ar leith ar an Straitéis Rialála 2022-2027 uaidh, ina luaitear leanaí agus aosaigh shoghonta a bheith mar dhaoine a dteastaíonn tacaí ar leith uathu chun a chinntiú go seasfar lena gcearta cosanta sonraí.

## Gearáin faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Sa bhliain 2023, d'eisigh an Coimisinéir **11** chinneadh fhoirmiúla faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, ar sheas **6** cinn díobh go hiomlán leis an ngearán, ar sheas **4** cinn díobh go páirteach leis an ngearán agus ar dhiúltaigh ceann **amháin** díobh don ghearán.




**Caroline Spillane CDir, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn, i gcomhluadar Helen Dixon, Coimisinéir an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, Aibreán 2023.**



# Sáruithe

Faoin GDPR, aithnítear Oifigigh Cosanta Sonraí mar idirghabhálaithe idir na hÚdaráis um Chosaint Sonraí (cosúil leis an CCS), daoine aonair agus aonaid ghnó eagraíochta. Aithnítear i Straitéis Rialála 2022-27 an CCS an ról tábhachtach a imríonn OCSanna maidir le cosaint sonraí a chur chun cinn ina n-eagraíochtaí. Tá dualgas ar eagraíochtaí sáruithe sonraí a chur in iúl don CCS. Is gnách go dtagann fógraí den sórt sin trína n-OCD ar féidir leo mionsáruithe a idirdhealú ó sháruithe móra. Oibríonn an CCS go dlúth le OCS chun sáruithe sonraí a mhaolú nuair a tharlaíonn siad. Féadfaidh freagairtí luatha a bheith fíor-luachmhar chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí airgeadais, dlíthiúla agus clú d'eagraíochtaí agus chun cearta na ndaoine is ábhar do na sonraí a chosaint.


Sa bhliain 2023, fuair an Coimisiún 6,994 fhógra faoi shárú sonraí pearsanta, ar taifeadadh **6,991 sárú sonraí bailí faoi RGCS** díobh. B'ionann é sin agus **méadú 20%** (1,077 sárú sonraí) i gcomparáid leis an líon sáruithe sonraí faoi RGCS a tuairiscíodh sa bhliain 2022.

Ó thabhairt isteach RGCS i leith – agus ar aon dul le blianta roimhe – bhain an chatagóir is airde de sháruithe sonraí ar tugadh fógra fúthu don Choimisiún sa bhliain 2023 le nochtaí neamhúdaraithe, i gcásanna ina ndearnadh difear do dhuine aonair amháin nó do líon beag daoine aonair. B'ionann iad sin agus **52%** de na fógraí iomlána.

Den líon iomlán fógraí faoi sháruithe a fuair an Coimisiún sa bhliain 2023, arbh ionann é agus 6,991 fhógra, b'amhlaidh, ó thaobh miondealaithe de, a bhain 3,766 cinn leis an earnáil phríobháideach, a bhain 2,968 gcinn leis an earnáil phoiblí agus a fuarthas 257 gcinn ón earnáil dheonach agus carthanas. De na sáruithe sonraí sin a fuarthas sa bhliain 2023, cuireadh **92%** díobh i gcrích faoi dheireadh na bliana.

Mar a bhí amhlaidh i mblianta roimhe, tá comhlachtaí earnála poiblí agus bainc i measc "na ndeich n-eagraíocht is mó" i ndáil leis an líon is airde fógraí faoi sháruithe a taifeadadh ina n-aghaidh, agus cuideachtaí árachais agus teileachumarsáide le fáil go coitianta i measc an fhiche eagraíocht is mó. Rud sonrach, is le feiceáil go soiléir atá cásanna inar eisíodh comhfhreagras chuig faighteoirí míchearta mar gheall ar dhroch-chleachtais oibriúcháin agus ar earráid dhaonna – mar shampla doiciméad mícheart a bheith á chur isteach in imchlúdach atá dírithe chuig tríú páirtí neamhghaolmhar.

Rinne an Coimisiún caidreamh le roinnt eagraíochtaí trína fheidhm maoirseachta chun eagraíochtaí a chur ar an eolas faoina n-oibleagáidí agus chun treoir a thairiscint. Déanann an Coimisiún faireachán leanúnach ar na fógraí faoi sháruithe a fhaightear chun treochtaí a shainaithint agus chun bonn eolais a chur faoi fhiosrúcháin fhéideartha.




### Fógraí faoi Sháruithe: Cineál an tSáraithe le haghaidh cásanna a fuarthas, 2023

| Cineál an tSáraithe | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Nochtadh neamhúdaraithe – Ábhar Poist chuig an bhfaighteoir mícheart | 2255 | 33.69% |
| Nochtadh neamhúdaraithe – Faighteoir ríomhphoist mícheart | 1203 | 17.97% |
| Ionracas – athrú neamhbheartaithe (Nochtadh sonraí pearsanta) | 602 | 8.99% |
| Nochtadh neamhúdaraithe – Eile | 571 | 8.53% |
| Rochtain Neamhúdaraithe – Comhaid pháipéir/Doiciméid/Taifid | 415 | 6.20% |
| Infhaighteacht – (Cailleadh/scriosadh sonraí pearsanta) de thaisme | 396 | 5.92% |

## Sáruithe ar r-Príobháideachas

Fuair an CCS **146** fógra bailí um shárú sonraí (méadú 42% ar an bhfigiúr 105 do 2022 ) faoi na Rialacháin r-Phríobháideachais. Is ionann an figiúr de 146 agus díreach os cionn **2%** de na cásanna sáraithe bailí iomlána a fógraíodh don bhliain.

## Sáruithe ar an Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí

Fuair an CCS **59** fógra sáraithe bailí freisin maidir leis an LED, (Treoir (AE) 2016/680), a trasuíodh i ndlí na hÉireann, le hAcht 2018.

## Gearáin maidir le Sárú Sonraí

In 2023, dhéileáil an CCS le 43 gearán a bhain le sáruithe líomhnaithe sonraí nár cuireadh in iúl don oifig seo i gcomhréir le hAirteagal 33.

**Tá Cás-Staidéir ar Shárú le fáil in “Aguisín 4” den tuarascáil seo.**






# Fiosrúcháin

## Fiosrúcháin Reachtúla ag an CCS

Faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018, féadfaidh an CCS dhá chineál éagsúla fiosrúchán reachtúil a dhéanamh faoi Alt 110 chun a fháil amach gur tharla sárú ar an GDPR nó ar Acht 2018:

- fiosrúchán bunaithe ar ghearán; nó
- fiosrú faoi "féin"an CCS.

An 31 Nollaig 2023, rinneadh **89** fiosrúchán reachtúil ar láimh ag an CCS, lena n-áirítear **51** fiosrúchán trasteorann.




## Deimhniú Fíneálacha Riaracháin

I mí na Samhna 2023, deimhníodh i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath na cinntí a rinne an Coimisiún um Chosaint Sonraí chun fíneálacha riaracháin a fhorchur ar chúig eagraíocht dhifriúla. Bhí na fíneálacha sin sa raon idir €15,000 agus €750,000. Ar bhailiú, fíneálacha aistrítear chuig an státchiste lárnach in Éirinn.

- VIEC, ag trádáil mar Virtue Eldercare – (€100,000)
- A&G Couriers, ag trádáil mar Fastway Couriers – (€15,000)
- Comhairle Contae Chill Dara -(€50,000)
- Centric Health – (€460,000)
- Banc na hÉireann – (€750,000)

## Fiosrúcháin agus Gníomh Forfheidhmithe gaolmhar a tugadh chun críche in 2023

In 2023 chuir an CCS na fiosrúcháin seo a leanas i gcrích faoin GDPR agus faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

| Eagraíochtaí | An Cinneadh a Eisíodh | An Fhíneáil a Forchuireadh | An Beart Ceartaitheach a Forchuireadh |
|---|---|---|---|
| WhatsApp Ireland Ltd | Eanáir 2023 | €5.5 milliún | Ordú faoi bhun: Airteagail 5(1)(a) agus 6(1) RGCS. |
| Comhairle Contae Chill Dara | Eanáir 2023 | €50,000 | Toirmeasc sealadach ar cheamaraí TCI ag láithreacha éagsúla.<br><br>Ordú faoi bhun: Airteagail 5(1)(a), 6(1), 13 agus 32(1) RGCS.<br><br>Ailt 71, 72, 76, 78 agus 82 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. |
| Airbnb Ireland UC | Eanáir 2023 | N/B | Cinneadh nach ndearnadh aon sárú. |
| Centric Health | Feabhra 2023 | €460,000 | Iomardú faoi bhun: Airteagail 5(1)(f), 5(2) agus 32(1) RGCS. |
| Banc na hÉireann | Feabhra 2023 | €750,000 | Iomardú faoi bhun: Airteagail 5(1)(f) agus 32(1) RGCS.<br><br>Ordú faoi bhun: Airteagail 5(1)(f) agus 32(1) RGCS. |
| Ard-Easpag Bhaile Átha Cliath | Feabhra 2023 | N/B | Ordú faoi bhun: Airteagal 5(1)(a) RGCS. |
| Meta (Facebook) | Bealtaine 2023 | €1.2 billiún | Sreabha sonraí a fhionraí faoi bhun: Airteagal 46 RGCS.<br><br>Ordú faoi bhun: Airteagal 46 RGCS. |
| An Roinn Sláinte | Meitheamh 2023 | €22,500 | Toirmeasc faoi bhun: Airteagail 5(1)(c), 6(1), 6(4) agus 9(1) RGCS.<br><br>Iomardú faoi bhun: Airteagail 5(1)(c), 5(1)(f), 6(1), 6(4) agus 32(1) RGCS. |
| Airbnb Ireland UC | Meitheamh 2023 | N/B | Cinneadh nach ndearnadh aon sárú. |
| Airbnb Ireland UC | Meitheamh 2023 | N/B | Iomardú faoi bhun: Airteagail 5(1)(c) agus 5(1)(e).<br><br>Ordú faoi bhun: Airteagail 5(1)(c) agus 5(1)(e). |
| Airbnb Ireland UC | Iúil 2023 | N/B | Iomardú faoi bhun: Airteagail 5(1)(c), 6(1)(f), 15(1), 12(1) agus 12(3).<br><br>Ordú faoi bhun: Airteagal 12(1). |

| Eagraíochtaí | An Cinneadh a Eisíodh | An Fhíneáil a Forchuireadh | An Beart Ceartaitheach a Forchuireadh |
|---|---|---|---|
| Comhairle Contae na Gaillimhe | Lúnasa 2023 | N/B | Toirmeasc sealadach ar cheamaraí TCI agus ar uathaithint uimhirphlátaí ag láithreacha éagsúla.<br><br>Toirmeasc sealadach ar cheamaraí coirp a úsáid.<br><br>Ordú faoi bhun: Airteagal 35 RGCS agus Ailt 71, 72, 76, 78, 82 agus 90(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.<br><br>Iomardú faoi bhun: Airteagal 24 RGCS. |
| TikTok | Meán Fómhair 2023 | €345 mhilliún | Iomardú faoi bhun: Airteagail 5(1)(a), 5(1)(c), 12(1), 13(1)(e), 24(1), 25(1) agus 25(2) RGCS.<br><br>Ordú faoi bhun: Airteagail 5(1)(a), 5(1)(c), 12(1), 13(1)(e), 24(1), 25(1) agus 25(2) RGCS. |
| Airbnb Ireland UC | Meán Fómhair 2023 | N/B | Iomardú faoi bhun: Airteagal 12(4). |
| Airbnb Ireland UC | Meán Fómhair 2023 | N/B | Iomardú faoi bhun: Airteagail 6(1)(f), 5(1)(c) agus 5(1)(e).<br><br>Orduithe faoi bhun: Airteagail 5(1)(c) agus 5(1)(e). |
| Airbnb Ireland UC | Meán Fómhair 2023 | N/B | Iomardú faoi bhun: Airteagail 6(1)(f) agus 5(1)(c).<br><br>Ordú faoi bhun: Airteagail 6(1)(f) agus 5(1)(c). |
| Apple Distribution International Limited | Samhain 2023 | N/B | Cinneadh nach ndearnadh aon sárú. |
| Microsoft Operations Ireland Limited | Samhain 2023 | N/B | Iomardú faoi bhun: Airteagail 12(4) agus 17.<br><br>Ordú faoi bhun: Airteagail 12(4) agus 17. |
| Meta (Facebook and Instagram) | Samhain 2023 | N/B | Toirmeasc ar shonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha fógraíochta iompraíochta ar bhonn Airteagal 6(1)(b) nó (f) RGCS. |

# Fiosrúcháin Intíre 2023

## Fiosrúcháin a cuireadh i gcrích sa bhliain 2023

### Centric Health

D'eisigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí an cinneadh críochnaitheach uaidh san fhiosrúchán seo an Eanáir 2023. Tosaíodh an fiosrúchán tar éis ionsaí bogearraí éirice, rud a rinne difear do na sonraí othar a shealbhaítear ar an gcóras riaracháin othar atá i bhfeidhm ag Centric. Rinneadh difear do bhreis agus 70,000 othar toisc gur cailleadh rochtain ar a sonraí pearsanta agus a sonraí catagóire speisialta, toisc go ndearnadh athrú neamhúdaraithe ar na sonraí sin agus toisc gur cailleadh infhaighteacht na sonraí sin. Rinneadh difear buan do thart ar 2,500 othar toisc gur scriosadh a sonraí gan aon chóip chúltaca a bheith ar fáil. Leis an gcinneadh, tugadh iomardú do Centric agus forchuireadh fíneálacha dar luach iomlán €460,000 i leith an tsáraithe a rinne Centric ar Airteagal 5(1)(f) RGCS, ar Airteagal 5(2) RGCS agus ar Airteagal 32(1) RGCS.

### Comhairle Contae Chill Dara

D'eisigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí an cinneadh críochnaitheach uaidh san fhiosrúchán seo an Eanáir 2023. Tháinig an cinneadh sna sála ar iniúchadh inar scrúdaíodh raon saincheisteanna éagsúla, lenar áiríodh córais TCI, teicneolaíocht uathaitheanta uimhirphlátaí, agus ceamaraí coirp. Cinneadh gur sháraigh an Chomhairle Airteagail 5(1)(a), 13 agus 32(1) RGCS agus ailt 71(1)(c), 71(1)(f), 71(10), 72(1), 76(2), 78 agus 82(2) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Áiríodh leis na bearta ceartaitheacha ar fheidhmigh an Coimisiún iad toirmeasc sealadach ar shonraí pearsanta a phróiseáil trí cheamaraí TCI, toirmeasc sealadach ar shonraí pearsanta a phróiseáil trí cheamaraí TCI chun críocha bainistíochta tráchta, agus fíneáil riaracháin dar luach €50,000.

### Taifid Sláinte Ard-Easpag Bhaile Átha Cliath

D'eisigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí an cinneadh críochnaitheach uaidh san fhiosrúchán seo an Feabhra 2023. B'ionann an fiosrúchán seo agus fiosrúchán de dheoin an Choimisiúin féin ar an gceart go ndéanfaí ceartúcháin agus go ndéanfaí léirscriosadh i gcás ábhair sonraí a roghnaigh an Eaglais Chaitliceach a fhágáil. Bhí an fiosrúchán seo dírithe ar iontrálacha ar Chlár na mBaistí agus ar mhéid chearta na n-ábhar sonraí de bhun Airteagail 16 agus 17 RGCS. Feidhmíodh cumhachtaí ceartaitheacha chun a ordú don Ard-Easpag athruithe a dhéanamh ar an mBeartas Príobháideachta don Ard-Deoise. Cuireadh na hathruithe sin chun feidhme, de réir an ordaithe.

### Banc na hÉireann – Banking365

An Feabhra 2023, d'eisigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí cinneadh críochnaitheach chuig Banc na hÉireann mar chuid den fhiosrúchán ar shraith sáruithe sonraí ar aip 365 Bhanc na hÉireann. Imscrúdaíodh san fhiosrúchán deich sárú sonraí a bhain le nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta, lenar áiríodh sonraí airgeadais, ar aip 365. Cinneadh gur sháraigh Banc na hÉireann Airteagail 5(1)(f) agus 32(1) RGCS. Áiríodh leis na cumhachtaí ceartaitheacha a feidhmíodh iomardú, fíneáil €750,000, agus ordú chun próiseáil a chur i gcomhréir le hAirteagail 5(1)(f) agus 32 RGCS

## An Roinn Sláinte

D'eisigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí an cinneadh críochnaitheach uaidh chuig an Roinn Sláinte an Meitheamh 2023. Tháinig an cinneadh sna sála ar fhiosrúchán a rinneadh ar an dóigh ar phróiseáil an Roinn sonraí pearsanta i 29 gcomhad dlíthíochta a bhain le héilimh ó ábhair sonraí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Cinneadh go ndearnadh sárú ar Airteagal 5(1)(c) (íoslaghdú sonraí), ar Airteagail 6(1), 6(4) agus 9(2) (bunús dleathach agus coinníollacha le haghaidh sonraí catagóire speisialta a phróiseáil), ar Airteagal 14 (trédhearcacht), agus ar Airteagail 5(1)(f) agus 32(1) RGCS (slándáil próiseála sonraí). Áirítear leis na bearta ceartaitheacha toirmeasc ar phróiseáil, fíneáil €22,500, agus iomardú. Tá sonraí an fhiosrúcháin seo le fáil ar leathanach 36.

## Comhairle Contae na Gaillimhe

The CCS issued its Final Decision in this inquiry in August 2023. The Decision followed an audit, which examined a range of issues including CCTV systems, ANPR technology, and body worn cameras. The Decision found infringements in relation to sections 70, 71, 72, 75 78, 82 and 84 of the Data Protection Act 2018 and Articles 5(1)(a), 24(1) and 35(1) GDPR. The CCS ordered the Council to bring its processing into compliance by ceasing unlawful processing via CCTV, erecting properly worded signage and implementing appropriate technical and organisational measures to bring processing into compliance.

## Fiosrúcháin inar eisíodh dréachtchinneadh sa bhliain 2023

### Mediahuis ('MIG') (Irish News and Media plc roimhe sin)

Is ionann é seo agus fiosrúchán gearánbhunaithe ina ndéantar meastóireacht ar an gcothromaíocht idir na cearta sonraí pearsanta atá ag an ngearánach agus na cearta atá ag eagraíocht meán chun saoirse tuairimíochta, in imthosca an cháis. D'eisigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí an Dréachtchinneadh uaidh chuig an rialaitheoir sonraí agus chuig an ngearánach an Márta 2023. Fuair an Coimisiún aighneachtaí ar an Dréachtchinneadh sin. Tá an Cinneadh Críochnaitheach uaidh á ullmhú ag an gCoimisiún faoi láthair.

### Comhairle Contae Shligigh

D'eisigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí an dréachtchinneadh uaidh san fhiosrúchán seo i mí Mheán Fómhair 2023, agus tá an cinneadh críochnaitheach uaidh á dhréachtú aige faoi láthair. Thosaigh an Coimisiún an fiosrúchán seo agus rinne sé iniúchadh cosanta sonraí chun féachaint ar an dóigh a bpróiseálann an Chomhairle sonraí pearsanta, nó a bpróiseáiltear iad thar a ceann, trí úsáid a bhaint as córais TCI agus córais Uathaitheanta Uimhirphlátaí agus as aon teicneolaíochtaí eile is féidir a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar dhaoine aonair.

### An Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le Léarscáiliú Aghaidhe SAFE/PSC

Táthar ag déanamh scrúdú san fhiosrúchán seo ar a dhleathaí atá an phróiseáil sonraí pearsanta atá i gceist leis an léarscáiliú aghaidhe a dhéantar mar chuid den phróiseas trína gcláraíonn saoránach do Chárta Seirbhísí Poiblí (PSC) nó trína n-athnuann saoránach cárta den sórt sin. Sholáthair an Coimisiún um Chosaint Sonraí Dréachtchinneadh don Roinn Coimirce Sóisialaí sa bhliain 2023.

## Fiosrúcháin a shroich príomhchéim imscrúdaithe in 2023

### Comhairle Contae Átha Cliath Theas

Thosaigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí an fiosrúchán seo chun féachaint ar an dóigh a bpróiseáiltear sonraí pearsanta trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí amhail TCI, ceamaraí coirp, córais uathaitheanta uimhirphlátaí, ladrainn agus teicneolaíochtaí eile. Rinne an Coimisiún seacht gcigireacht ar an láithreán le linn an fhiosrúcháin seo. Thosaigh an Coimisiún céim na cinnteoireachta sa bhliain 2023, agus tá dréachtchinneadh á ullmhú aige faoi láthair.

### An Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le Sochar Linbh

Breithnítear san fhiosrúchán seo an amhlaidh nó nach amhlaidh, maidir le próiseáil áirithe sonraí pearsanta ag an Roinn i gcomhthéacs measúnuithe/seiceálacha leanúnacha incháilitheachta le haghaidh sochar linbh, atá sí ag comhlíonadh RGCS agus an Achta um Chosaint Sonraí, 2018.D'eisigh an CCS Ráiteas Saincheisteanna in 2023 agus rinne an Roinn aighneachtaí mar fhreagairt i mí an Mheithimh 2023. Bhí an fiosrúchán ar siúl ag deireadh na bliana.

### An Post GeoDirectory

Thosaigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí an fiosrúchán seo an 6 Iúil 2023. Táthar ag déanamh scrúdú san fhiosrúchán ar chineál na faisnéise a phróiseálann An Post GeoDirectory le linn seirbhísí agus táirgí a sholáthar do chuideachtaí is custaiméirí, ar faisnéis í ar cosúil go n-áirítear léi ábhar a mheastar a bheith ina shonraí pearsanta. D'oscail an Coimisiún fiosrúchán chun a mheasúnú cé acu atá nó nach bhfuil GeoDirectory ag gníomhú mar rialaitheoir agus/nó cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon sé na hoibleagáidí atá air mar rialaitheoir faoi RGCS agus/nó faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

### Banc Ceannais na hÉireann

D'oscail an Coimisiún um Chosaint Sonraí fiosrúchán dá dheoin féin ar Bhanc Ceannais na hÉireann i mí Dheireadh Fómhair 2023. Táthar ag déanamh scrúdú san fhiosrúchán ar shárú sonraí ar tugadh fógra faoi maidir leis an bPríomh-Chlár Creidmheasa agus ar phróiseáil ghaolmhar ag Banc Ceannais na hÉireann. Luadh san fhógra faoin sárú gur coinníodh faisnéis áirithe iasachtaithe ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa ar feadh suas le trí mhí tar éis na tréimhse ama a cheadaítear le reacht í a choinneáil agus go raibh an fhaisnéis sin ar fáil lena cur ar áireamh i dtuarascálacha creidmheasa idir an 1 Meitheamh agus an 7 Lúnasa 2023. Scrúdófar san fhiosrúchán na bearta eagraíochtúla agus teicniúla a cuireadh chun feidhme chun slándáil agus cruinneas sonraí pearsanta a chinntiú, go háirithe i ndáil le nósanna imeachta a bhaineann leis na nithe seo a leanas: coinneáil sonraí; cartlannú; earráidí a thuairisciú; cruinneas sonraí pearsanta a chinntiú; a chinntiú go ndéanann an rialaitheoir rialú agus maoirseacht ar phróiseálaithe; agus a chinntiú go gcuirtear sáruithe sonraí pearsanta in iúl d'ábhair sonraí.

### An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe maidir le hAmharc Custaiméara Aonair agus MyGovID

Baineann an fiosrúchán seo le gearán a rinneadh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí á líomhain gur cuireadh an bunachar sonraí lena mbuntacaítear leis an gCárta Seirbhísí Poiblí ('PSC') ar fáil go neamhdhleathach don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, nó gur aistríodh é go neamhdhleathach chuici, agus gur bhain an Roinn úsáid as ar bhealach nach bhfuil ag teacht leis na cearta cosanta sonraí atá ag ábhair sonraí. Líomhnaíodh go háirithe sa ghearán nach raibh aon bhunús dleathach ná aon chríoch dhleathach ag an Roinn le sonraí pearsanta ná sonraí pearsanta catagóire speisialta na n-ábhar sonraí a phróiseáil agus gurbh amhlaidh a bhí an Roinn ag próiseáil a sonraí pearsanta agus a sonraí pearsanta catagóire speisialta gan aon bhunús dlí agus gan aon trédhearcacht i ndáil leis na gníomhaíochtaí próiseála a bhí ar siúl. Tá Ráiteas maidir le Saincheisteanna á ullmhú ag an gCoimisiún faoi láthair.

## Achoimre ar Chinneadh an CCS maidir leis an Roinn Sláinte Fiosrúchán

Chuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí clabhsúr le fiosrúchán ar ghnéithe áirithe den dóigh ar phróiseáil an Roinn Sláinte sonraí pearsanta i 29 gcomhad dlíthíochta. Tosaíodh an fiosrúchán tar éis líomhaintí poiblí a fháil sa bhliain 2021 á rá go ndearna an Roinn bailiú agus próiseáil neamhdhleathach ar shonraí pearsanta faoi ghearánaithe agus faoina dteaghlach i ndlíthíocht a bhain le riachtanais speisialta oideachais.

Sna comhaid a scrúdaíodh, tháinig an Coimisiún ar fhianaise á léiriú gur lorg an Roinn faisnéis ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) faoi sheirbhísí a soláthraíodh do ghearánaithe agus dá dteaghlach. Chuir an Roinn ceisteanna leathana ar áireamh freisin, agus í ag iarraidh ar FSS 'aon saincheisteanna eile ar fiú, dar le FSS, trácht a dhéanamh orthu' a chomhroinnt léi. Ba é an toradh a bhí ar an gceist leathan sin ná gur soláthraíodh faisnéis phríobháideach faoi shaol gearánaithe agus faoi shaol a dteaghlaigh.

D'inis an Roinn don Choimisiún gur phróiseáil sí na sonraí pearsanta sin chun a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart dul i dteagmháil leis an ngearánaí chun féachaint leis an gcás a shocrú. Bhreithnigh an Coimisiún cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon an Roinn an dlí cosanta sonraí nuair a phróiseáil sí sonraí pearsanta ar an gcúis sin. Faoi ailt 41 agus 47 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, féadfaidh rialaitheoirí sonraí pearsanta a phróiseáil i gcás go mbeidh gá leis an bpróiseáil chun comhairle dlí a sholáthar nó a fháil nó i gcomhthéacs imeachtaí dlí. Chun a chinneadh cé acu a rinne nó nach ndearna an Roinn próiseáil dhleathach ar shonraí pearsanta faoin bhforáil sin, chuir an Coimisiún prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta faoi dhlí an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm.

D'eisigh an CCS a Chinneadh Deiridh chuig an Roinn Sláinte i mí an Mheithimh 2023. Chinn an Coimisiún nár sháraigh an Roinn an dlí cosanta sonraí nuair a lorg sí faisnéis faoi na seirbhísí a bhí á soláthar do ghearánaithe i ndáil le cásanna ina raibh dlíthíocht oscailte. Mar sin féin, chinn an Coimisiún gurbh amhlaidh a sháraigh an Roinn an dlí cosanta sonraí nuair a chuir sí ceisteanna leathana arbh é an toradh a bhí orthu gur soláthraíodh faisnéis íogair faoi shaol príobháideach gearánaithe agus faoi shaol príobháideach a dteaghlaigh. Áiríodh leis an bhfaisnéis sin mionsonraí faoi phoist agus imthosca maireachtála an ghearánaí, faisnéis faoi dheacrachtaí pósta an ghearánaí agus, i gcás amháin, faisnéis a fuarthas go díreach ó dhochtúir faoi na seirbhísí a bhí á soláthar don ghearánaí.

Maidir leis an bpróiseáil a rinneadh ar fhaisnéis a fuarthas de bhun na gceisteanna leathana scóipe a seoladh chuig FSS chun féachaint le cás a shocrú, chinn an Coimisiún go raibh sí iomarcach agus díréireach maidir leis na haidhmeanna a bhí á saothrú ag an Roinn agus nach raibh sí riachtanach chun críocha na dlíthíochta. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nach raibh aon bhunús dleathach ann leis an bpróiseáil sin sna comhaid a scrúdaíodh agus gur sháraigh an Roinn prionsabal an íoslaghdaithe sonraí trí na sonraí pearsanta sin a phróiseáil.

Le linn an fhiosrúcháin, fuair an Coimisiún amach gur choinnigh an Roinn faisnéis eile a bhailigh sí ó FSS agus a fuair sí ó ranna eile rialtais ar a comhaid. Níor tháinig an Coimisiún ar aon fhianaise sna 29 gcomhad dlíthíochta a scrúdaíodh á léiriú gur lorg an Roinn faisnéis go réamhghníomhach ó ranna eile rialtais. Níor tháinig an Coimisiún ach oiread ar aon sárú ar an dlí cosanta sonraí a tháinig as an bhfíoras gur stóráil an Roinn an fhaisnéis sin chun dlíthíocht a chosaint. Baineann na comhaid le dlíthíocht ghníomhach agus d'aithin an Coimisiún gurb ann do roinnt oibleagáidí lena gceanglaítear ar chosantóirí doiciméid a bhaineann le dlíthíocht oscailte a choinneáil.

Tháinig an Coimisiún ar sháruithe ar na hoibleagáidí trédhearcachta faoi RGCS freisin. Fuarthas amach san fhiosrúchán nár chuir an Roinn aon mhionsonraí faoina cleachtais ar áireamh san fhógra príobháideachta uaithi. Go háirithe, níor léiríodh san fhógra príobháideachta an méid comhroinnte faisnéise a bhí ar siúl idir an Roinn agus FSS. Chinn an Coimisiún nach bhféadfadh an Roinn brath ar aon díolúintí faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, chun gan aon fhaisnéis achomair a sholáthar faoi na cleachtais sin sa bheartas príobháideachta uaithi.

Chinn an Coimisiún freisin gur sháraigh an Roinn na ceanglais atá ann sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach slán. Cinneadh san fhiosrúchán gur cheart don Roinn a chinntiú go mbeadh srianta rochtana inmheánacha níos fearr i bhfeidhm i ndáil leis na comhaid.

Agus aird á tabhairt ar na tosca ábhartha faoi RGCS agus ar an uasteorainn fíneála ar údaráis phoiblí faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, chinn an Coimisiún fíneáil €22,500 a fhorchur i leith na sáruithe sin. Chomh maith leis sin, chuir an Coimisiún cosc ar phróiseáil bhreise a dhéanamh ar na sonraí íogaire sna comhaid a scrúdaíodh chun am cuí a chinneadh chun cás a shocrú. Mar aon leis an bhfíneáil agus leis an gcosc ar phróiseáil atá leagtha amach thuas, eisíodh iomardú i leith na sáruithe uile.

## Fiosrúcháin Trasteorann

I gcás ina mbaineann fiosrúchán ar leith le scrúdú a dhéanamh ar phróiseáil trasteorann, ceanglaítear leis an GDPR ar an CCS, i gcás ina ngníomhaíonn sé mar an Príomh-Údarás Maoirseachta ('LSA'), a chinneadh a thabhairt i gcrích i gcomhréir leis an sásra comhair a leagtar amach in Airteagal 60 GDPR. Leagtar amach i meicníocht Airteagal 60 nós imeachta a ceapadh chun éascú a dhéanamh ar chinntí a thabhairt i gcrích ar bhonn comhthoil idir an LSA agus an tÚdarás Maoirseachta lena mbaineann ('CSAanna'). Tríd an meicníocht seo, cuirtear ar chumas na CSAanna a dtuairimí ar an ábhar a roinnt leis an LSA. I gcás ina mbeidh na tuairimí sin i bhfoirm agóide ábhartha agus réasúnaithe, arna malartú mar fhreagra ar dhréachtchinneadh an LSA, ní mór don LSA na hagóidí sin a chur san áireamh trína dhréachtchinneadh a leasú, agus dá éagmais sin ní mór dó na hagóidí a tharchur chuig an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí le haghaidh. cinneadh de bhun an phróisis Réitigh Díospóide atá leagtha amach in Airteagal 65 den GDPR.

### Fiosrúcháin a tugadh chun críche in 2023

#### WhatsApp Ireland Limited ('WhatsApp'): an bunús dlí do shonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha feabhsuithe seirbhíse agus slándála

D'eisigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí an cinneadh críochnaitheach uaidh san fhiosrúchán seo an Eanáir 2023. Scrúdaíodh san fhiosrúchán an bunús dlí a mbraitheann WhatsApp air chun sonraí pearsanta úsáideoirí WhatsApp a phróiseáil. Cinneadh nach bhfuil WhatsApp i dteideal brath ar an mbunús dlí "conartha" chun críche feabhsú seirbhíse ná chun críche slándála i gcomhthéacs Théarmaí Seirbhíse WhatsApp agus gur sárú ar Airteagal 6 RGCS í an phróiseáil a rinne sé ar shonraí úsáideoirí go dtí seo, de bhua a spleáchais airbheartaithe ar an mbunús dlí "conartha".

Cinneadh freisin gur sháraigh Meta Airteagal 5(1)(a) RGCS. Leis an gcinneadh, ordaíodh do Meta a oibríochtaí próiseála a chur i gcomhréir le RGCS laistigh de thréimhse sé mhí agus forchuireadh fíneáil riaracháin €5.5 milliún. Tá achomharc á dhéanamh ar an gCinneadh Deiridh. Is féidir sonraí an fhiosrúcháin seo a fháil ar leathanach 40.

#### Meta Platforms Ireland Limited (Meta): fiosrúchán de dheoin an Choimisiúin féin maidir lena dhleathaí atá aistrithe sonraí Facebook chuig na Stáit Aontaithe

An Bealtaine 2023, rinne an Coimisiún um Chosaint Sonraí an cinneadh críochnaitheach uaidh san fhiosrúchán seo, á chinneadh gur sháraigh Meta Airteagal 46(1) RGCS trí shonraí pearsanta a aistriú ón Aontas Eorpach/ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch chuig na Stáit Aontaithe i ndáil le seirbhís Facebook.

Leis an gcinneadh, ordaíodh do Meta aon aistriú sonraí pearsanta chuig na Stáit Aontaithe amach anseo a fhionraí go dtí go mbeadh bearta ar fáil chun na hAistrithe Sonraí a dhéanamh comhlíontach, forchuireadh fíneáil riaracháin €1.2 billiún ar Meta, agus ordaíodh do Meta a oibríochtaí próiseála a chur i gcomhréir le Caibidil V RGCS, trí scor den phróiseáil neamhdhleathach, lena n-áirítear stóráil, sna Stáit Aontaithe a bhí á déanamh ar shonraí pearsanta úsáideoirí Aontais Eorpaigh/ Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch a aistríodh de shárú ar RGCS. Tá achomharc á dhéanamh ar an gCinneadh Deiridh. Tá sonraí an fhiosrúcháin seo le fáil ar leathanach 41.

## TikTok Technology Limited (TikTok): bearta i ndáil le húsáideoirí faoi bhun 18 mbliana d'aois

D'eisigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí an cinneadh críochnaitheach uaidh san fhiosrúchán seo an Meán Fómhair 2023. Scrúdaíodh san fhiosrúchán seo an dóigh a raibh sonraí pearsanta a bhaineann le leanaí á bpróiseáil ag TikTok. Díríodh ann ar shocruithe 'poiblí mar réamhshocrú', ar shocruithe a bhaineann leis an ngné 'Péireáil Teaghlaigh', ar an bhfaisnéis trédhearcachta a sholáthraítear d'úsáideoirí is leanaí, agus ar fhíorú aoise.  Chinn an Coimisiún go ndearnadh sáruithe ar Airteagail 5(1)(c), 5(1)(f), 24(1), 25(1), 25(2), 12(1), 13(1)(e) agus 5(1)(a) RGCS. Feidhmíodh cumhachtaí ceartaitheacha leis an gcinneadh, trí iomardú a thabhairt do TikTok, trína ordú do TikTok a phróiseáil a chur i gcomhréir leis an reachtaíocht agus trí fhíneálacha riaracháin dar luach iomlán €345 mhilliún a fhorchur ar TikTok. Tá achomharc á dhéanamh ar an gCinneadh Deiridh. Tá sonraí an fhiosrúcháin seo le fáil ar leathanach 42.



**Helen Dixon, an Coimisinéir, i mbun aitheasc a thabhairt d'fhoireann an Choimisiúin, Feabhra 2023.**

## Achoimre ar Chinneadh ón gCoimisiún maidir le WhatsApp Ireland Limited ('WhatsApp'): an bunús dleathach do shonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha feabhsuithe seirbhíse agus slándála

I mí Eanáir 2023, ghlac an Coimisiún an Cinneadh Críochnaitheach uaidh, á chinneadh gur sháraigh WhatsApp Airteagail 5(1)(a), 6(1), 12 agus 13(1)(c) RGCS. Bhain an fiosrúchán leis an mbunús dleathach don phróiseáil a dhéanann WhatsApp ar shonraí pearsanta chun críocha feabhsuithe seirbhíse agus slándála.

Sheol an Coimisiún Dréachtchinneadh chuig a chomhrialálaithe san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch i mí Aibreáin 2022 de réir Airteagal 60 RGCS. Tar éis agóidí ábhartha réasúnaithe a fháil ó Údaráis Mhaoirseachta eile, agus toisc nach raibh sé in ann teacht ar chomhdhearcadh leis na hÚdaráis Mhaoirseachta lena mBaineann ar ábhar na n-agóidí, tharchuir an Coimisiún na hagóidí chuig EDPB lena gcinneadh tríd an sásra réitigh díospóide faoi Airteagal 65 RGCS. Ghlac EDPB cinneadh ceangailteach ar ábhar na n-agóidí ó chomh-Údaráis Mhaoirseachta an 5 Nollaig 2022, agus d'eisigh an Coimisiún an Cinneadh Críochnaitheach uaidh an 12 Eanáir 2023.

Áirítear leis an gCinneadh Críochnaitheach fionnachtana nach bhfuil WhatsApp Ireland i dteideal brath ar an mbunús dlí conartha i ndáil leis an soláthar feabhsúcháin seirbhíse agus slándála (cé is moite de ní a dtugann EDPB 'slándáil TF' air) le haghaidh sheirbhís WhatsApp, agus gur sárú ar Airteagal 6(1) RGCS í an phróiseáil a rinne sé ar na sonraí sin go dtí seo, de bhua a spleáchais airbheartaithe ar an mbunús dlí conartha.

Ar aon dul leis an Dréachtchinneadh ón gCoimisiún, cinneadh sa Chinneadh Críochnaitheach go ndearna WhatsApp sárú ar a oibleagáidí i ndáil le trédhearcacht. Maidir leis an gcinneadh sin go ndearnadh sárú, bhí sé bunaithe ar an bhfíoras nár leagadh amach go soiléir d'úsáideoirí an fhaisnéis maidir leis an mbunús dlí a raibh WhatsApp Ireland ag brath air agus, mar thoradh air sin, ní raibh go leor soiléire ag úsáideoirí maidir le cé na hoibríochtaí próiseála a bhí á ndéanamh ar a sonraí pearsanta, maidir le cén chríoch/cé na críocha a raibh na hoibríochtaí próiseála á ndéanamh ina leith agus maidir leis an mbunús dleathach a raibh na hoibríochtaí próiseála á ndéanamh faoina threoir.

**D'fhorchuir an Coimisiún fíneáil riaracháin €5.5 milliún ar WhatsApp Ireland** i leith a sháraithe ar Airteagal 6(1) RGCS (agus an sárú ar phrionsabal cothroime Airteagal 5(1)(a) á chur san áireamh), agus thug sé ordú nach mór do WhatsApp Ireland a oibríochtaí próiseála a chur i gcomhréir le RGCS. Bhí fíneáil an-substaintiúil €225 mhilliún forchurtha ag an gCoimisiún ar WhatsApp Ireland cheana féin as sáruithe ar a oibleagáidí trédhearcachta thar an tréimhse chéanna ama, agus níor mhol sé aon fhíneáil bhreise ná aon bhearta ceartaitheacha breise a fhorchur an babhta seo.

Thionscain WhatsApp trí agóid chúirte in aghaidh an Choimisiúin/EDPB: achomharc reachtúil os comhair Ard-Chúirt na hÉireann; imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh os comhair na hArd-Chúirte; agus imeachtaí neamhnithe in aghaidh EDPB os comhair na Cúirte Breithiúnais.

## Achoimre ar Chinneadh ón gCoimisiún maidir le Meta Platforms Ireland Limited ('Meta'): fiosrúchán de dheoin an Choimisiúin féin maidir lena dhleathaí atá aistrithe sonraí Facebook chuig na Stáit Aontaithe

I mí na Bealtaine 2023, rinne an Coimisiún an Cinneadh Críochnaitheach uaidh san fhiosrúchán seo, á chinneadh gur sháraigh Meta Airteagal 46(1) RGCS trí shonraí pearsanta a aistriú ón Aontas Eorpach/ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch chuig na Stáit Aontaithe. Cé go ndearna Meta na haistrithe sin ar bhonn na gClásal Conarthach Caighdeánach ('SCCanna') nuashonraithe ar ghlac an Coimisiún Eorpach iad sa bhliain 2021 i gcomhar le bearta forlíontacha breise, chinn an Coimisiún nár tugadh aghaidh leis na socruithe sin ar na rioscaí do chearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha ábhar sonraí ar shainaithin Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh iad sa bhreithiúnas uaithi sa chás An Coimisinéir Cosanta Sonraí v Facebook Ireland Limited agus Maximillian Schrems.

Cuireadh na fionnachtana beartaithe ón gCoimisiún, mar a bhí sa Dréachtchinneadh uaidh, faoi bhráid a chomhrialálaithe san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch i mí Iúil 2022 de réir an phróisis atá leagtha amach in Airteagal 60 RGCS. D'fhormhuinigh na comh-Údaráis Mhaoirseachta san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch an moladh ón gCoimisiún go ndéanfaí ordú chun na haistrithe sonraí a fhionraí. Mar sin féin, fuarthas agóidí ábhartha réasúnaithe ó cheithre Údarás Maoirseachta á rá gur cheart Meta a bheith faoi réir fíneáil riaracháin as an sárú a cinneadh a bheith déanta. D'iarr dhá cheann de na hÚdaráis Mhaoirseachta lena mBaineann freisin go bhforchuirfí ordú breise a bheadh deartha chun aghaidh a thabhairt ar aistrithe sonraí roimhe. Ní raibh an Coimisiún in ann na hagóidí sin a réiteach. Tharchuir an Coimisiún na hagóidí chuig an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) ansin lena gcinneadh de bhun shásra réitigh díospóide Airteagal 65.

Ghlac EDPB an Cinneadh uaidh an 13 Aibreán 2023, agus ghlac an Coimisiún an Cinneadh Críochnaitheach uaidh an 12 Bealtaine 2023. Leis an gCinneadh, ordaíodh do Meta aon aistriú sonraí pearsanta chuig na Stáit Aontaithe amach anseo a fhionraí go dtí go mbeadh bearta ar fáil chun na hAistrithe Sonraí a dhéanamh comhlíontach, **forchuireadh fíneáil riaracháin €1.2 billiún ar Meta**, agus ordaíodh do Meta a oibríochtaí próiseála a chur i gcomhréir le Caibidil V RGCS, trí scor den phróiseáil neamhdhleathach, lena n-áirítear stóráil, sna Stáit Aontaithe a bhí á déanamh ar shonraí pearsanta úsáideoirí Aontais Eorpaigh/Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch a aistríodh de shárú ar RGCS.

Thionscain Meta trí agóid chúirte in aghaidh an Choimisiúin/EDPB: achomharc reachtúil os comhair Ard-Chúirt na hÉireann; imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh os comhair na hArd-Chúirte; agus imeachtaí neamhnithe in aghaidh EDPB os comhair na Cúirte Breithiúnais.

Ghlac an Coimisiún Eorpach an Cinneadh Leordhóthanachta uaidh don Chreat Príobháideachta Sonraí idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe an 10 Iúil 2023, rud inar aithníodh coimircí ceangailteacha nua chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a tharraing Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh anuas agus inar thángthas ar an gconclúid go gcinntíonn na Stáit Aontaithe leibhéal leordhóthanach cosanta le haghaidh sonraí pearsanta a aistrítear ó chuideachtaí san Aontas Eorpach chuig cuideachtaí sna Stáit Aontaithe faoin gcreat nua.

## Achoimre ar Chinneadh ón gCoimisiún maidir le TikTok Technology Limited (TikTok): bearta i ndáil le húsáideoirí faoi bhun 18 mbliana d'aois

Thosaigh an Coimisiún fiosrúchán dá dheoin féin i mí Mheán Fómhair 2021 maidir leis an dóigh a ndearna TikTok próiseáil ar shonraí pearsanta leanaí maidir leis na nithe seo a leanas:

1. Próiseáil a bhain leis na socruithe ardáin d'Úsáideoirí is Leanaí, lenar áiríodh an dóigh ar socraíodh cuntais leanaí chun a bheith 'poiblí mar réamhshocrú' agus an ghné 'Péireáil Teaghlaigh'.

2. Próiseáil maidir le fíorú aoise do leanaí faoi bhun 13 bliana d'aois.

3. Trédhearcacht na próiseála d'Úsáideoirí is Leanaí.

Chuir an Coimisiún an Dréachtchinneadh uaidh faoi bhráid a chomhrialálaithe san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch i mí Mheán Fómhair 2022 de réir Airteagal 60 RGCS. Fuarthas agóidí ábhartha réasúnaithe ó dhá Údarás Maoirseachta lena mBaineann, áfach. Ní raibh an Coimisiún in ann teacht ar chomhdhearcadh leis na hÚdaráis Mhaoirseachta lena mBaineann, agus chinn sé na hagóidí a tharchur chuig EDPB lena gcinneadh tríd an sásra réitigh díospóide faoi Airteagal 65 RGCS. Ghlac EDPB cinneadh ceangailteach ar ábhar na n-agóidí ó chomh-Údaráis Mhaoirseachta an 2 Lúnasa 2023, agus d'eisigh an Coimisiún an Cinneadh Críochnaitheach uaidh an 1 Meán Fómhair 2023. Taifeadtar sa Chinneadh Críochnaitheach go ndearnadh sárú ar Airteagail 5(1)(c), 5(1)(f), 24(1), 25(1), 25(2), 12(1), 13(1)(e) agus 5(1)(a) RGCS. Leis an gCinneadh, tugadh iomardú do TikTok i leith na sáruithe, **forchuireadh fíneálacha riaracháin dar luach iomlán €345 mhilliún** ar TikTok, agus ordaíodh do TikTok a phróiseáil a chur i gcomhréir leis an reachtaíocht.

Sa Chinneadh Críochnaitheach, cinneadh gur sháraigh TikTok Airteagail 25(1), 25(2) agus 5(1)(c) RGCS trí mhainneachtain bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme chun a chinntiú, mar réamhshocrú, nach bpróiseálfaí ach sonraí pearsanta a bhí riachtanach do na críocha próiseála a bhí ag TikTok agus trí mhainneachtain a chinntiú, mar réamhshocrú, nach gcuirfí an t-inneachar meán sóisialta de chuid Úsáideoirí is Leanaí ar fáil do líon éiginnte daoine gan idirghabháil ón úsáideoir. Cinneadh freisin gur sháraigh TikTok Airteagal 24(1) RGCS trí mhainneachtain bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme chun a chinntiú, agus chun a bheith in ann a thaispeáint, go ndéantar próiseáil de réir RGCS i leith an riosca a bhaineann leis an dóigh ar socraíodh cuntais leanaí chun a bheith poiblí mar réamhshocrú agus i leith an riosca a bhaineann leis an ardán a bheith á rochtain ag leanaí faoi bhun 13 bliana d'aois.

Chomh maith leis sin, cinneadh gur sháraigh TikTok Airteagal 13(1)(e) RGCS trí mhainneachtain faisnéis a sholáthar d'Úsáideoirí is Leanaí faoi na catagóirí d'fhaighteoirí sonraí pearsanta. Cinneadh freisin gur sháraigh TikTok Airteagal 12(1) trí mhainneachtain faisnéis a sholáthar d'Úsáideoirí is Leanaí faoi raon feidhme agus iarmhairtí na próiseála a bhí 'poiblí mar réamhshocrú' ar bhealach beacht, trédhearcach agus intuigthe agus ar bhealach so-rochtana.

Ina theannta sin, cinneadh gur sháraigh TikTok Airteagail 5(1)(f) agus 25(1) RGCS i leith a shocraithe 'Péireáil Teaghlaigh', trí chur ar chumas Tuismitheora/Caomhnóra bheartaithe teachtaireachtaí díreacha a chumasú d'Úsáideoir is Leanbh i gcás nár chumasaigh an tÚsáideoir is Leanbh teachtaireachtaí den sórt sin roimhe sin. Tharla sé sin in imthosca nár fíoraíodh an Tuismitheoir/an Caomhnóir beartaithe leis an ardán iontu. An fíoras go bhféadfadh an Tuismitheoir/an Caomhnóir an socrú ábhartha a mhaolú, cinneadh é a bheith ina shárú ar RGCS. Níor cinneadh an rogha 'Péireáil Teaghlaigh', ná an cumas atá ag an Tuismitheoir/ag an gCaomhnóir beartaithe na socruithe príobháideachta a dhéanamh níos déine, a bheith fadhbach.

Leis an gCinneadh, tugadh iomardú do TikTok i leith na sáruithe, forchuireadh fíneálacha riaracháin dar luach iomlán €345 mhilliún ar TikTok, agus ordaíodh do TikTok a phróiseáil a chur i gcomhréir leis an reachtaíocht, mar a luadh cheana. Thionscain TikTok trí agóid chúirte in aghaidh an Choimisiúin/EDPB: achomharc reachtúil os comhair Ard-Chúirt na hÉireann; imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh os comhair na hArd-Chúirte; agus imeachtaí neamhnithe in aghaidh EDPB os comhair na Cúirte Breithiúnais. Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le TikTok ina dhiaidh sin ar na bearta cuí comhlíonta atá ag teastáil chun an Cinneadh a chomhlíonadh. Mar thoradh ar an gCinneadh agus ar an bpróiseas sin, chuir TikTok athruithe chun feidhme idir mí Mheán Fómhair 2023 agus deireadh na bliana ar an dóigh a bpróiseálann sé sonraí pearsanta leanaí. Tá athruithe eile le déanamh sa bhliain 2024. Áiríodh na nithe seo a leanas leis an ngníomhaíocht a bhí le déanamh ag TikTok chun an Cinneadh a chomhlíonadh: scor de phróiseáil áirithe maidir le próiseáil atá poiblí mar réamhshocrú a dhéanamh ar shonraí leanaí; faisnéis a sholáthar d'úsáideoirí; agus deireadh a chur le patrúin chealgacha dearaidh a luadh sa Chinneadh.



## Fiosrúcháin inar cuireadh tús le próiseas comhair Dréacht-Chinneadh GDPR Airteagal 60 agus ina raibh sé fós ar siúl in 2023

### Google Ireland Limited (Google): Fiosrúchán maidir le sonraí suímh

Baineann an fiosrúchán seo lena dhleathaí atá an phróiseáil a dhéanann Google ar shonraí suímh agus le cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann Google na hoibleagáidí atá air mar rialaitheoir sonraí i ndáil le trédhearcacht. An Lúnasa 2023, chuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí an Dréachtchinneadh uaidh faoi bhráid a chomhrialálaithe san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch de réir an phróisis atá leagtha amach in Airteagal 60 RGCS. Tá an próiseas sin fós ar siúl.

### Yahoo! EMEA Limited (Yahoo): Trédhearcacht na próiseála

Scrúdaítear san fhiosrúchán seo an dóigh a gcomhlíonann Yahoo na ceanglais atá air faisnéis thrédhearcach a sholáthar d'ábhair sonraí faoi fhorálacha RGCS.  An Deireadh Fómhair 2022, chuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí an Dréachtchinneadh uaidh faoi bhráid a chomhrialálaithe san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch de réir an phróisis atá leagtha amach in Airteagal 60 RGCS. Tá an próiseas sin fós ar siúl.

### Meta Platforms Ireland Limited: fiosrúchán gearánbhunaithe (gearánach: Max Schrems) maidir lena dhleathaí atá aistrithe sonraí Facebook chuig na Stáit Aontaithe

Baineann an fiosrúchán seo le gearán a rinne an tUas. Max Schrems in aghaidh Meta Platforms Ireland Limited maidir le haistriú shonraí pearsanta an Ghearánaigh chuig na Stáit Aontaithe, ar shonraí iad a próiseáladh trí sheirbhís Facebook. An Aibreán 2023, chuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí an Dréachtchinneadh uaidh faoi bhráid a chomhrialálaithe san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch de réir an phróisis atá leagtha amach in Airteagal 60 RGCS. Tá an próiseas sin fós ar siúl.

### Twitter International Unlimited Company (Twitter): gearán maidir le hinneachar úsáideoirghinte ar ardán Twitter

Thosaigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí ceithre fhiosrúchán ar ghearáin maidir le hinneachar úsáideoirghinte a postáladh ar sheirbhís Twitter, arbh inneachar é nár baineadh den ardán tar éis d'ábhair sonraí iarraidh ar Twitter déanamh amhlaidh. D'eisigh an Coimisiún Réamh-Dhréachtchinntí agus thug sé deis do Twitter aighneachtaí a dhéanamh sula ndéanfadh na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann ar fud an Aontais Eorpaigh breithniú ar an ní faoi phróiseas Airteagal 60. Ar aon dul le hAirteagal 60 RGCS, d'eisigh an Coimisiún Dréachtchinntí sna fiosrúcháin chuig na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann ina dhiaidh sin. Tá an próiseas sin fós ar siúl.

**Fiosrúcháin inar iarradh aighneachtaí ar Réamhdhréachtchinneadh, Ráiteas Saincheisteanna, nó Tuarascáil Fiosrúcháin ó na páirtithe ábhartha le linn 2023**

### TikTok Technology Limited (TikTok): aistrithe sonraí ón Aontas Eorpach chuig an tSín

Baineann an fiosrúchán seo leis an dóigh a n-aistríonn TikTok sonraí pearsanta úsáideoirí a ardáin ón Aontas Eorpach chuig an tSín agus le cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann TikTok ceanglais faoi Chuid V RGCS i ndáil le haistrithe idirnáisiúnta sonraí pearsanta chuig tríú tíortha. Táthar ag déanamh scrúdú san fhiosrúchán freisin ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann TikTok na hoibleagáidí trédhearcachta atá air i leith úsáideoirí, a mhéid a bhaineann le haistrithe sonraí den sórt sin.

An Bealtaine 2023, d'eisigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí Réamh-Dhréachtchinneadh chuig TikTok chun cur ar chumas TikTok éisteacht a fháil maidir leis na cinntí sealadacha ón gCoimisiún. Déanfaidh an Coimisiún breithniú ar na haighneachtaí ó TikTok sula gcuirfidh sé an Dréachtchinneadh uaidh faoi bhráid a chomhrialálaithe san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch de réir an phróisis atá leagtha amach in Airteagal 60 RGCS. Ag deireadh na bliana, bhí an CCS ag breithniú aighneachtaí TikTok.

### Google Ireland Limited (Google): tairiscint fíor-ama (córas teicneolaíochta fógraíochta)

Baineann an fiosrúchán seo leis an bpróiseáil a dhéanann Google agus é ag oibriú a chórais fógraíochta um thairiscint fíor-ama ar a dtugtar "Authorised Buyers". Táthar ag déanamh scrúdú ann ar a mhéid a chomhlíonann Google na hoibleagáidí atá air mar rialaitheoir, lena n-áirítear i ndáil leis an mbunús dlí ar a mbraitheann Google don phróiseáil a dhéanann sé, do na sonraí pearsanta a bhailíonn agus a choinníonn sé, agus don fhaisnéis trédhearcachta a sholáthraítear d'ábhair sonraí. D'eisigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí Réamh-Dhréachtchinneadh chuig Google, rud inar leagadh amach na tuairimí sealadacha uaidh. Rinne Google aighneachtaí air sin i mí an Mhárta 2023. Déanfaidh an Coimisiún breithniú ar na haighneachtaí sin sula gcuirfidh sé an Dréachtchinneadh uaidh faoi bhráid a chomhrialálaithe san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch de réir an phróisis atá leagtha amach in Airteagal 60 RGCS.

### LinkedIn Ireland Unlimited Company ('Linkedin'): gearán ó La Quadrature du Net

Baineann an fiosrúchán seo le gearán i ndáil lena dhleathaí atá an dóigh a bpróiseálann LinkedIn sonraí pearsanta úsáideoirí sheirbhís LinkedIn le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe. Rinne La Quadrature du Net, ar eagraíocht Fhrancach tathanta digití é, an gearán atá i gceist a thaisceadh trí Airteagal 80 RGCS, ar faoina bhun a fhéadfaidh ábhar sonraí sainordú a thabhairt do chomhlacht seachbhrabúsach gearán a thaisceadh agus gníomhú thar a cheann. Sholáthair an Coimisiún um Chosaint Sonraí réamh-dhréachtchinneadh do LinkedIn i mí Aibreáin 2023 chun deis dheireanach a thabhairt dó aighneachtaí a dhéanamh. Déanfaidh an Coimisiún breithniú ar na haighneachtaí ó LinkedIn sula gcuirfidh sé an Dréachtchinneadh uaidh faoi bhráid a chomhrialálaithe san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch de réir an phróisis atá leagtha amach in Airteagal 60 RGCS.

### Meta Platforms Ireland Limited (Meta): iarrataí rochtana agus iniomparthachta ar fhaisnéis theicniúil áirithe

Baineann an fiosrúchán seo le gearán a rinne ábhar sonraí leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí i ndáil leis an dóigh ar láimhseáil Meta iarraidh rochtana agus iarraidh iniomparthachta sonraí uaidh. Baineann an iarraidh ón ábhar sonraí le sonraí atá á sealbhú ag Meta i mbunachar sonraí teicniúil sonrach. Táthar ag déanamh scrúdú san fhiosrúchán ar cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon Meta na hoibleagáidí atá air i leith na gceart atá ag ábhair sonraí chun rochtain a fháil ar shonraí agus chun iniomparthacht sonraí faoi RGCS, ag féachaint d'Airteagal 12 RGCS, lena n-áirítear a mhéid a fhéadfaidh rialaitheoir sonraí diúltú do ghníomhú de bhun iarraidh ó ábhar sonraí in imthosca ina gcreideann an rialaitheoir go bhfuil an iarraidh "gan bhunús nó iomarcach", dá dtagraítear in Airteagal 12 RGCS. Chuir an Coimisiún an tuarascáil fiosrúcháin deiridh uaidh i gcrích i mí Lúnasa 2023. Tosaíodh céim na cinnteoireachta, agus tá réamh-dhréachtchinneadh á ullmhú ag an gCoimisiún faoi láthair.

### Meta Platforms Ireland Limited (Meta): gearán ó La Quadrature du Net

Baineann an fiosrúchán seo le gearán i ndáil lena dhleathaí atá an dóigh a bpróiseáiltear sonraí pearsanta úsáideoirí sheirbhís Facebook le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe. Rinne La Quadrature du Net, ar eagraíocht Fhrancach tathanta digití é, an gearán atá i gceist a thaisceadh trí Airteagal 80 RGCS, ar faoina bhun a fhéadfaidh ábhar sonraí sainordú a thabhairt do chomhlacht seachbhrabúsach gearán a thaisceadh agus gníomhú thar a cheann. Tugadh deis do Meta aighneachtaí a sholáthar tar éis an dréacht-tuarascáil fiosrúcháin ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí a nuashonrú i mí Mheán Fómhair 2023, agus tá an tuarascáil fiosrúcháin deiridh á hullmhú ag an gCoimisiún faoi láthair.

### Google Ireland Limited (Google): toiliú a fháil le linn an phróisis chun cuntas Google a chruthú

Baineann an fiosrúchán seo leis an dóigh a bpróiseálann Google sonraí pearsanta le linn an phróisis clárúcháin chun cuntas Google a bhunú agus mar thoradh ar an toiliú a thugann úsáideoirí, faoi shocruithe éagsúla pearsantaithe, tráth a chruthaíonn siad cuntas. Tosaíodh an fiosrúchán sa bhliain 2023 de bhun sraith gearán comhordaithe a fháil ó Eagraíochtaí Eorpacha Tomhaltóirí, agus iad á gcomhordú ag an Eagraíocht Eorpach Tomhaltóirí (BEUC). Táthar ag déanamh scrúdú san fhiosrúchán ar a dhleathaí atá an toiliú a fhaigheann Google, ar chosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú, ar chomhlíonadh oibleagáidí trédhearcachta, agus ar phrionsabal na cothroime.Chuir Google tús le himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh an 18 Eanáir 2024 ag tabhairt aghaidh ar thosach feidhme an fhiosrúcháin agus tá éisteacht na n-imeachtaí sin sceidealta le haghaidh Iúil 2024

### Meta Platforms Ireland Limited (Meta): Sáruithe Sonraí Pearsanta a rinne difear d'Airíochtaí Úsáideora Facebook

Baineann an fiosrúchán seo le scrúdú a dhéanamh ar cé acu a chuir nó nár chuir Meta na hoibleagáidí atá air faoi RGCS i gcrích i ndáil le bearta eagraíochtúla agus teicniúla a chur chun feidhme agus i ndáil le cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú chun sonraí pearsanta a úsáideoirí a dhaingniú agus a chosaint i dtaca le sárú sonraí a rinneadh i mí Mheán Fómhair 2018 agus a rinne difear d'airíochtaí úsáideora Facebook. Rinne Meta aighneachtaí ar an Réamh-Dhréachtchinneadh ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí an 7 Feabhra 2023. Déanfaidh an Coimisiún breithniú ar na haighneachtaí sin sula gcuirfidh sé an Dréachtchinneadh uaidh faoi bhráid a chomhrialálaithe san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch de réir an phróisis atá leagtha amach in Airteagal 60 RGCS.

## Meta Platforms Ireland Limited ('Meta'): saincheisteanna a bhaineann le fógra a thabhairt faoi shárú

Baineann an fiosrúchán seo lena mhéid a chomhlíon Meta na hoibleagáidí um fhógra a thabhairt faoi shárú atá air faoi Airteagal 33 RGCS i dtaca le fógra a tugadh don Choimisiún um Chosaint Sonraí faoi shárú sonraí a rinneadh i mí Mheán Fómhair 2018 agus a rinne difear d'airíochtaí úsáideora Facebook. Rinne Meta aighneachtaí ar an Réamh-Dhréachtchinneadh ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí an 20 Feabhra 2023. Déanfaidh an Coimisiún breithniú ar na haighneachtaí sin sula gcuirfidh sé an Dréachtchinneadh uaidh faoi bhráid a chomhrialálaithe san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch de réir an phróisis atá leagtha amach in Airteagal 60 RGCS.

## Meta Platforms Ireland Limited ('Meta'): pasfhocail a stóráladh i bhformáid gnáth-théacs

Scrúdaíodh san fhiosrúchán seo cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon Meta na hoibleagáidí atá air faoi RGCS, go háirithe i ndáil le slándáil na próiseála. Tosaíodh an fiosrúchán seo mar thoradh ar theagmhas slándála a tharla go luath sa bhliain 2019, áit ar stóráladh pasfhocail úsáideora gan chuimhneamh i bhformáid gnáth-théacs ar chórais inmheánacha Facebook. Rinne Meta aighneachtaí ar an Réamh-Dhréachtchinneadh ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí an 1 Márta 2023. Déanfaidh an Coimisiún breithniú ar na haighneachtaí sin sula gcuirfidh sé an Dréachtchinneadh uaidh faoi bhráid a chomhrialálaithe san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch de réir an phróisis atá leagtha amach in Airteagal 60 RGCS. .

## MTCH Technology Services Limited (MTCH) agus seirbhís Tinder

Baineann an fiosrúchán seo de dheoin an Choimisiúin féin lena mhéid a chomhlíon MTCH na hoibleagáidí atá air faoi RGCS i ndáil le roinnt gearán a fuarthas ó ábhair sonraí atá lonnaithe in Éirinn agus ar fud an Aontais Eorpaigh. Scrúdaítear ann a mhéid a chomhlíonann MTCH an ceart atá ag ábhair sonraí chun a sonraí a rochtain faoi Airteagal 15 RGCS agus an ceart atá acu go ndéanfaí léirscriosadh faoi Airteagal 17 RGCS. Scrúdaítear go sonrach san fhiosrúchán cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann MTCH RGCS i ndáil le faisnéis trédhearcachta agus i ndáil leis an dóigh a bpléann sé le hiarrataí ar rochtain d'ábhair sonraí agus cé acu atá nó nach bhfuil bunús dleathach bailí ag MTCH le leanúint le sonraí pearsanta úsáideoirí a phróiseáil tar éis iarrataí léirscriosta a fháil uathu. Ar 8 Eanáir 2024, d'eisigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí Réamh-Dhréachtchinneadh chuig an rialaitheoir chun deis a thabhairt dó aighneachtaí a dhéanamh sula ndéanfadh na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann ar fud an Aontais Eorpaigh breithniú ar an ní faoi phróiseas Airteagal 60.

## Yelp Ireland Limited ('Yelp')

Baineann an fiosrúchán seo lena mhéid a chomhlíonann Yelp Airteagail 5, 6, 7 agus 17 RGCS. Tosaíodh é tar éis don Choimisiún um Chosaint Sonraí roinnt gearán a fháil i ndáil leis an dóigh a bpróiseálann Yelp sonraí pearsanta ar a shuíomh Gréasáin. I mí Eanáir 2023, d'eisigh an Coimisiún Ráiteas maidir le Saincheisteanna ar mhaithe le haighneachtaí a lorg ó Yelp. Tá Réamh-Dhréachtchinneadh á ullmhú ag an gCoimisiún faoi láthair.

## Twitter International Unlimited Company (Twitter): Camchóipeáil/Sárú

Sheol an Coimisiún um Chosaint Sonraí fiosrúchán dá dheoin féin  Nollaig 2022 i ndáil le roinnt tuairiscí sna meáin idirnáisiúnta inar léiríodh gur cuireadh ceann amháin nó níos mó de thacair sonraí thiomsaithe de shonraí pearsanta úsáideoirí Twitter ar fáil ar an Idirlíon. Tuairiscíodh go raibh sna tacair sonraí sin sonraí pearsanta a bhaineann le thart ar 5.4 milliún úsáideoir Twitter ar fud an domhain. Tuairiscíodh gur léarscáilíodh leis na tacair sonraí faisnéis aitheantais Twitter le seoladh ríomhphoist agus/nó uimhir theileafóin na n-ábhar sonraí gaolmhar.   Sholáthair an Coimisiún Páipéar Saincheisteanna do Twitter, agus rinne Twitter aighneachtaí ina leith i mí na Samhna 2023. Tá Réamh-Dhréachtchinneadh á ullmhú ag an gCoimisiún faoi láthair.

## Cásanna a bhaineann le gearánaigh aonair arna dtabhairt chun críche ag an CCS trí nós imeachta Comhoibrithe AE in 2023

Chomh maith leis na fiosrúcháin mhórscála seo, cuireann an CCS cásanna aonair trasteorann i gcrích freisin, lena n-áirítear fógraí faoi thorthaí a baineadh amach i ngearáin a réitítear go cairdiúil, trí nós imeachta comhair an AE. In 2023, thug an CCS **279** cás den sórt sin chun críche. Is féidir sonraí na gcásanna seo a fháil foilsithe ar chlár cásanna Airteagal 60 an EDPB.

Ina theannta sin, chríochnaigh an CCS 9 bhfiosrúchán maidir le gearáin trasteorann in 2023. Bhain na Fiosrúcháin seo le gearáin a bhain le saincheisteanna a bhain le cearta rochtana agus scriosta; lena n-áirítear an bunús dleathach chun aitheantas agus/ nó grianghraif a iarraidh chun céannacht a fhíorú; comhlíonadh íoslaghdaithe sonraí; comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le toiliú; & comhlíonadh oibleagáidí trédhearcachta agus faisnéise.

| Eagraíochtaí | An Cinneadh a Eisíodh | An Beart Ceartaitheach a Forchuireadh |
|---|---|---|
| Airbnb Ireland UC | Eanáir 2023 | Cinneadh nach ndearnadh aon sárú Airteagail 5, 6 and 13. |
| Airbnb Ireland UC | Meitheamh 2023 | Cinneadh nach ndearnadh aon sárú Airteagail 5, 6, 12 and 17. |
| Airbnb Ireland UC | Meitheamh 2023 | Iomardú faoi bhun: Airteagail 5(1)(c) agus 5(1)(e).<br><br>Ordú faoi bhun: Airteagail 5(1)(c) agus 5(1)(e). |
| Airbnb Ireland UC | Iúil 2023 | Iomardú faoi bhun: Airteagail 5(1)(c), 6(1)(f), 15(1), 12(1) agus 12(3).<br><br>Ordú faoi bhun: Airteagal 12(1). |
| Airbnb Ireland UC | Meán Fómhair 2023 | Iomardú faoi bhun: Airteagal 12(4). |
| Airbnb Ireland UC | Meán Fómhair 2023 | Iomardú faoi bhun: Airteagail 6(1)(f), 5(1)(c) agus 5(1)(e).<br><br>Orduithe faoi bhun: Airteagail 5(1)(c) agus 5(1)(e). Orders re: Articles 5(1)(c) and 5(1)(e). |
| Airbnb Ireland UC | Meán Fómhair 2023 | Iomardú faoi bhun: Airteagail 6(1)(f) agus 5(1)(c).<br><br>Ordú faoi bhun: Airteagail 6(1)(f) agus 5(1)(c). |
| Apple Distribution International Limited | Samhain 2023 | Cinneadh nach ndearnadh aon sárú Airteagail 5, 6, 7 and 13. |
| Microsoft Ireland Operations Limited | Samhain 2023 | Iomardú faoi bhun: Airteagail 12(4) agus 17.<br><br>Ordú faoi bhun: Airteagail 12(4) agus 17. |

### Airbnb Ireland UC – Iarraidh ar Aitheantas agus Iarraidh Léirscriosta

Baineann an fiosrúchán seo, a tosaíodh i mí Mheán Fómhair 2022, le gearán i ndáil le próiseáil dhleathach sonraí pearsanta chun críocha fíorúcháin céannachta, mar aon le sáruithe i ndáil le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí.

Taisceadh gearán in aghaidh Airbnb leis an gCoimisinéir Feidearálach um Chosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise (BfDI) sa Ghearmáin. Aistríodh an gearán chuig an gCoimisiún ansin mar Phríomhúdarás Maoirseachta faoin sásra maidir le hIonaid Ilfhreastail. Luadh sa ghearán gur iarr Airbnb go neamhdhleathach cóip d’aitheantas an duine aonair chun a chéannacht a fhíorú. Chuir an duine aonair ábhair imní in iúl faoi ghoid chéannachta, mar gheall ar an méid sonraí pearsanta a bhí le cur isteach chun áirithint cóiríochta a chomhlánú. Ní ghlacfadh Airbnb leis an áirithint go dtí go mbeadh céannacht fíoraithe trí chóip d’aitheantas agus grianghraf nuathógtha a thabhairt chun a chinntiú nach mbaineann an t-aitheantas ach amháin leis an duine a bhí ag déanamh na háirithinte. Sa chás seo, níor thuig Airbnb an gearán i gceart ar dtús agus cheap sé go raibh an duine ag iarraidh a chuntas le Airbnb a léirscriosadh. De bhreis ar an ngearán maidir le fíorú aitheantais, bhí an duine aonair ag iarraidh freisin go scriosfadh Airbnb a aitheantas.

Sa Chinneadh ón gCoimisiún i mí Mheán Fómhair 2023, cinneadh go ndearna Airbnb sáruithe maidir leis an mbunús dlí le próiseáil faoi Airteagal 6(1)(f) agus go ndearna Airbnb sáruithe maidir le híoslaghdú sonraí i ndáil leis an iarraidh ar chóip d’aitheantas fótagrafach an duine aonair faoi Airteagal 5(1)(c).Cinneadh i bhfiosrúchán an Choimisiúin freisin gur sáraíodh prionsabal an íoslaghdaithe sonraí agus prionsabal an teorannaithe stórála faoi Airteagal 5(1)(e) nuair a leanadh le cóip d’aitheantas an duine aonair a choinneáil ar feadh shaolré a chuntais tar éis fíorú céannachta a chur i gcrích go rathúil.

Cinneadh i bhfiosrúchán an Choimisiúin nach raibh aon sárú ann maidir leis an am a thóg an rialaitheoir chun freagra a thabhairt ar an iarraidh ón duine aonair ná maidir leis an dóigh ar láimhseáil an rialaitheoir an iarraidh léirscriosta ón duine aonair.

Tá an cás seo mar shampla den dóigh ar threisigh idirghabháil ón gCoimisiún comhréireacht shásraí an rialaitheora le haghaidh fíorú agus íoslaghdú sonraí. I gcaidreamh roimhe, chinn an Coimisiún go raibh an rialaitheoir ag brath ar Airteagal 6(1)(f) RGCS mar bhunús dlí le haitheantas a phróiseáil, a luaithe a theip ar na hiarrachtaí eile uile a rinne sé chun céannacht a fhíorú. Sa chás seo, ní dhearna an rialaitheoir aon iarrachtaí eile ar fhíorú sular iarr sé cóip den aitheantas. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh sé brath ar leasanna dlisteanacha don phróiseáil.

## Microsoft Ireland Operations Limited – Iarraidh Léirscriosta; Trédhearcacht

Baineann an fiosrúchán seo, a tosaíodh i mí an Mheithimh 2023, le gearán i ndáil leis an dóigh ar fhreagair an rialaitheoir d'iarrataí rochtana ó dhuine aonair agus don iarraidh uaidh an ceart atá aige go ndéanfaí léirscriosadh a fheidhmiú.

Taisceadh an gearán in aghaidh Microsoft Ireland Operations Limited ("Microsoft") le hOifig Stát na Baváire um Maoirseacht ar Chosaint Sonraí. Aistríodh an gearán chuig an gCoimisiún ansin lena láimhseáil aige mar Phríomhúdarás Maoirseachta. Sa chás seo, d'iarr an gearánach faoi dhó go léirscriosfadh Microsoft URLanna ar cuimsíodh a shonraí pearsanta iontu agus a tháinig i láthair i dtorthaí innill cuardaigh nuair a cuardaíodh a ainm ar inneall cuardaigh Bing.

Suíodh san fhiosrúchán gur chuir an Gearánach dhá iarraidh léirscriosta leithleacha isteach – ceann amháin i mí an Mhárta 2021 agus ceann amháin i mí Dheireadh Fómhair 2021. Maidir leis an iarraidh léirscriosta a rinneadh i mí an Mhárta 2021, léirscrios Microsoft dhá cheann de na ceithre URL agus dhiúltaigh sé géilleadh don iarraidh na cinn eile a léirscriosadh. Maidir leis an iarraidh léirscriosta a rinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2021, dhiúltaigh Microsoft ar dtús géilleadh don iarraidh trí URL a léirscriosadh. D'athraigh Microsoft a sheasamh ina dhiaidh sin. Chuir sé tús leis an bpróiseas léirscriosta ag deireadh mhí na Samhna 2021 agus chuir sé an próiseas i gcrích i mí an Mhárta 2022. Fuarthas amach san fhiosrúchán nach ndearna Microsoft gníomhaíocht i leith na hiarrata léirscriosta gan moill mhíchuí ós rud é gur cheart dó glacadh leis na URLanna a dhíliostú i mí Dheireadh Fómhair 2021. Chomh maith leis sin, gach uair a d'fhreagair sé do na hiarrataí ón nGearánach, chuir an rialaitheoir an duine aonair ar an eolas faoi na bearta a rinneadh i ndáil le gach URL agus faoin gceart atá aige gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta. Níor chuir sé an duine aonair ar an eolas, áfach, faoin gceart atá aige leigheas breithiúnach a iarraidh.

Sa Chinneadh uaidh a glacadh i mí na Samhna 2023, d'fheidhmigh an Coimisiún cumhachtaí ceartaitheacha trína ordú do Microsoft, de réir Airteagal 58(2)(d) RGCS, a bheartais agus a nósanna imeachta inmheánacha a athbhreithniú a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le soláthar d'ábhair sonraí. Eisíodh iomardú chuig Microsoft Ireland Operations Limited de bhun Airteagal 58(2)(b) RGCS freisin i bhfianaise na sáruithe a cinneadh a bheith déanta.

Tá an cás seo mar shampla de chás inar cinneadh i bhfiosrúchán an Choimisiúin gur mhainnigh rialaitheoir sonraí a oibleagáidí faoi RGCS a chomhlíonadh ina n-iomláine, beag beann ar an iarracht a rinne sé déanamh amhlaidh. Mar thoradh ar an idirghabháil ón gCoimisiún, ordaíodh don rialaitheoir, de réir Airteagal 58(2)(d) RGCS, athbhreithniú a dhéanamh ar a bheartais agus a nósanna imeachta inmheánacha a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le soláthar d'ábhair sonraí de bhun Airteagal 12, chun a chinntiú, i gcás go gcuirfidh sé ábhair sonraí ar an eolas de bhun iarrataí a rinneadh faoi Airteagail 15 go 22 RGCS gur chinn sé gan aon ghníomh a dhéanamh i leith na hiarrata, go gcuirfear ábhair sonraí ar an eolas i ngach cás faoin gceart atá acu chun leigheas breithiúnach a iarraidh.

## Forfheidhmiú Cumhachtaí Ceartaitheacha arna bhfeidhmiú ag an CCS

Le linn 2023, rinne an CCS beart chun comhlíonadh raon cumhachtaí ceartaitheacha a cuireadh i bhfeidhm a chinntiú, lena n-áirítear orduithe chun próiseáil a thabhairt i gcomhlíonadh agus toirmisc ar phróiseáil. Imlíníonn an chuid seo roinnt samplaí den ghníomh forfheidhmithe seo.

### Meta Platforms Ireland Limited ('Meta'): Fógraíocht Iompraíochta ar sheirbhísí Instagram agus Facebook

Le linn na bliana 2023, tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí ag déanamh maoirseacht ar an dóigh a bhfuil Meta ag comhlíonadh dhá ordú comhlíonta a rinne an Coimisiún an 31 Nollaig 2022 maidir le seirbhísí Facebook agus Instagram. Baineann na horduithe sin le cinntí a rinne an Coimisiún á rá nach bhféadfadh Meta brath ar Airteagal 6(1)(b) RGCS chun sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha fógraíochta iompraíochta. Leis na horduithe sin, ceanglaíodh ar Meta stad de bheith ag brath ar Airteagal 6(1)(b) faoi mhí Aibreáin 2023.

I mí Aibreáin 2023, d'fhéach MPIL le brath ar an mbunús 'leasanna dlisteanacha' don phróiseáil, mar atá leagtha amach in Airteagal 6(1)(f) RGCS. An 4 Iúil 2023, thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an breithiúnas uaithi i gcás Bundeskartellamt, rud a bhain leis an dóigh a raibh sonraí pearsanta á bpróiseáil ag Meta ar bhonn Airteagal 6(1)(f) RGCS, i measc nithe eile.

An 18 Lúnasa 2023, tar éis dul i gcomhairle agus obair i gcomhar le húdaráis mhaoirseachta eile ar fud na hEorpa, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár thaispeáin Meta go raibh sé ag comhlíonadh an bhunúis 'leasanna dlisteanacha' don phróiseáil atá leagtha amach in Airteagal 6(1)(f) RGCS chun sonraí pearsanta úsáideoirí Facebook agus Instagram a phróiseáil chun críocha fógraíochta iompraíochta.

Chinn Meta ansin toiliú a lorg ó ábhair sonraí faoi Airteagal 6(1)(a) RGCS chun sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha fógraíochta iompraíochta. Chuir an Coimisiún in iúl do Meta go mbeadh air a shamhail thoiliúbhunaithe a chur chun feidhme, agus toiliú bailí a fháil ó ábhair sonraí, faoin 24 Samhain 2023 ar a dhéanaí. Leag an Coimisiún an spriocdháta sin síos chun a chinntiú go bhforbrófaí go cuí sreabha úsáideora Meta agus an tsamhail thoiliúbhunaithe atá beartaithe aige agus go ndéanfadh na hÚdaráis Chosanta Sonraí mionscrúdú ar an tsamhail sula gcuirfí i láthair an phobail í.

Idir an dá linn, áfach, d'iarr Údarás Cosanta Sonraí na hIorua ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí cinneadh ceangailteach práinneach a ghlacadh lena n-ordófaí don Choimisiún toirmeasc a chur ar spleáchas Meta ar Airteagal 6(1)(b) agus 6(1)(f) RGCS laistigh de dhá sheachtain. Ghlac an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí cinneadh ceangailteach an 27 Deireadh Fómhair 2023. D'eisigh an Coimisiún fógra forfheidhmiúcháin chuig MPIL ansin chun toirmeasc a chur air sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha fógraíochta iompraíochta ar bhonn Airteagal 6(1)(b) agus 6(1)(f) RGCS.

Sheol Meta samhail toilithe nua an 10 Samhain 2023. Faoi dheireadh na bliana, bhí an CCS i gceannas go cúlghabhálach ar athbhreithniú ar an tsamhail toilithe sin i gcomhar le húdaráis mhaoirseachta Eorpacha. Ag an am céanna, tá trí agóid dhlíthiúla á thabhairt ag Meta do Chinneadh mhí na Nollag 2022 os comhair Chúirteanna na hÉireann agus an CJEU. Thug Meta agóidí dlíthiúla faoi bhráid an fhógra forfheidhmithe a d'eisigh an CCS.

### Facebook Ireland Limited (Facebook) (ar a dtugtar Meta Platforms Ireland Limited anois): próiseáil sonraí leanaí trí sheirbhís Instagram a n-oibríonn Facebook í

An Meán Fómhair 2022, ghlac an Coimisiún um Chosaint Sonraí Cinneadh maidir le próiseáil sonraí pearsanta leanaí ar sheirbhís Instagram, á rá gur sháraigh Meta Airteagail 6(1), 5(1)(a), 5(1)(c), 12(1), 24, 25(1), 25(2) agus 35(1) RGCS. Leis an gCinneadh, forchuireadh fíneálacha riaracháin dar luach iomlán €405 mhilliún ar Meta, tugadh iomardú do Meta, agus ordaíodh do Meta a phróiseáil a chur i gcomhréir leis an reachtaíocht trí raon gníomhartha sonraithe feabhais a dhéanamh.

Thionscain Meta imeachtaí dlí chun achomharc a dhéanamh in aghaidh Chinneadh an CCS. Ag an am céanna, chuir Meta Tuarascáil Chomhlíonta ar fáil don CCS i mí na Nollag 2022, inar leagadh amach athruithe ábhartha ar a phróiseáil. Scaip an CCS an Tuarascáil Chomhlíonta seo chuig na hÚdaráis Mhaoirseachta eile lena mbaineann lena breithniú. Chuaigh an CCS i dteagmháil le Meta ina dhiaidh sin i rith 2023 ar na bearta comhlíonta cuí a theastaíonn chun an Cinneadh a chomhlíonadh. Mar thoradh ar an bpróiseas seo, chuir Meta athruithe breise i bhfeidhm i mí na Nollag 2023 a bhí á n-athbhreithniú faoi dheireadh na bliana.

### Fiosrúchán Camchóipeála ar Meta

I mí na Samhna 2022, d'eisigh an Coimisiún Cinneadh Críochnaitheach san fhiosrúchán seo, rud a tosaíodh de bhun tuairiscí sna meáin á rá gur aimsíodh tacar sonraí tiomsaithe de shonraí pearsanta Meta a cuireadh ar fáil ar an Idirlíon. Cinneadh san fhiosrúchán go ndearnadh sáruithe ar RGCS i ndáil leis an modh ina raibh ábhair sonraí inchuardaithe laistigh de roinnt gnéithe d'fheidhmchláir Facebook agus Instagram, agus ordaíodh do Meta a phróiseáil a chur i gcomhréir le RGCS. Thionscain Meta imeachtaí dlí chun achomharc a dhéanamh in aghaidh an Chinnidh ón gCoimisiún.

I gcomhthreo leis sin, sholáthair Meta tuarascáil maidir le comhlíonadh i mí Feabhra 2023. Rinne an Coimisiún anailís ar an tuarascáil sin ar bhonn dlíthiúil agus teicniúil. Scaip an Coimisiún na tuairimí uaidh ar na hÚdaráis Mhaoirseachta eile lena mBaineann ansin chun ionchur a fháil uathu maidir le comhlíonadh. De bhun an chaidrimh ón gCoimisiún, d'aontaigh Meta athruithe áirithe a dhéanamh agus sraith aighneachtaí a sholáthar maidir leis an dóigh ar cuireadh na hathruithe sin i bhfeidhm ina chuid córas. Rinne Meta nuashonruithe ar a chórais freisin chun athrú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil d'ábhair sonraí chun a chinntiú go mbeadh na hathruithe córas trédhearcach dá úsáideoirí.

### Airbnb

Sa bhliain 2023, chuir an Coimisiún gníomhaíocht forfheidhmiúcháin leantach i gcrích a bhain le dhá chinneadh maidir le Airbnb a d'eisigh sé an Meán Fómhair 2022 agus an Meitheamh 2023 faoi seach. Sa dá chinneadh, d'fheidhmigh an Coimisiún cumhachtaí ceartaitheacha i riocht orduithe a rinneadh de bhun Airteagal 58(2)(d) RGCS agus shocraigh sé spriocdhátaí faoina mbeadh ceanglas ar Airbnb fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na gníomhartha a rinneadh chun na horduithe a chomhlíonadh.

Chuir Airbnb tuarascálacha comhlíonta maidir leis an dá chás isteach chuig an gCoimisiún ina dhiaidh sin. Ós rud é gur bhain na cinntí le gearáin trasteorann, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le gach ceann de na húdaráis mhaoirseachta um chosaint sonraí san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nuair a bhí sé ag déanamh measúnú ar an méid a chomhlíon Airbnb na horduithe sna cinntí ón gCoimisiún. Níor shainaithin ceann ar bith de na húdaráis mhaoirseachta eile aon saincheisteanna imní maidir le tuarascálacha comhlíonta Airbnb. Chuir an Coimisiún an próiseas measúnachta do na cásanna sin i gcrích agus chuir sé in iúl do Airbnb an Lúnasa 2023 agus an Samhain 2023 faoi seach gur dheimhin leis gur chomhlíon Airbnb na horduithe sna cinntí.

Ag deireadh na bliana, bhí gníomhaíocht forfheidhmiúcháin leantach ar siúl maidir le trí chinneadh eile a bhain le Airbnb agus a d'eisigh sé an 20 Iúil 2023 agus an 28 Meán Fómhair 2023 (dhá cheann).

### Comhairle Contae Chill Dara: imscaradh teicneolaíochtaí faireachais ag Údaráis Áitiúla

Le linn imscrúduithe agus ghníomhartha forfheidhmiúcháin an Choimisiúin i ndáil le himscaradh teicneolaíochtaí faireachais ag Údaráis Áitiúla, thángthas ar chásanna ar leith ina raibh ceamaraí TCI in úsáid gan aon bhunús dleathach lena gcomhlíontar caighdeáin an bheachtais, na soiléire agus na hintuarthachta a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais Eorpaigh.

Sa bhliain 2023, rinne an Coimisiún roinnt gníomhartha chun a chinntiú go n-imscarann Údaráis Áitiúla ceamaraí TCI ar bhealach atá i gcomhréir leis an dlí cosanta sonraí. Áiríodh leis na gníomhartha sin cigireachtaí ar an láithreán a dhéanamh chun a dheimhniú gur cuireadh chun feidhme na bearta ceartaitheacha a leagadh amach de bhun Cinntí ón gCoimisiún. Áiríodh leo freisin comhairliúchán a dhéanamh ar chóid chleachtais maidir le teicneolaíochtaí faireachais a úsáid i gcomhthéacs forfheidhmiú dramhaíola agus truailliú ó bhruscar.

Agus gach ceann de na gníomhartha sin á ndéanamh aige, tá sé mar aidhm leis an gCoimisiún a chinntiú gurb amhlaidh, nuair a úsáideann Údaráis Áitiúla réitigh theicneolaíocha chun leas an phobail chun dul i ngleic le saincheisteanna amhail iompraíocht fhrithshóisialta agus dumpáil neamhdhleathach, a dhéanann siad amhlaidh ar mhodh a chloíonn leis na prionsabail um chosaint sonraí agus ar mhodh a dhéanann difear comhréireach do na cearta agus na saoirsí bunúsacha atá ag daoine aonair.

Trí bhíthin gníomh leantach forfheidhmiúcháin a bhain leis an gCinneadh ón gCoimisiún maidir le Comhairle Contae Chill Dara, fuair an Coimisiún tuarascáil ó Chomhairle Contae Chill Dara ar na gníomhartha a bhí déanta aici chun na bearta ceartaitheacha a chomhlíonadh. Dheimhnigh an Coimisiún na gníomhartha sin trí chigireacht ar an láithreán a dhéanamh ag Comhairle Contae Chill Dara i mí Mheán Fómhair 2023.

Go háirithe, deimhníodh sa chigireacht sin gur chuir an Chomhairle as ceamaraí áirithe TCI a bhí in úsáid gan aon bhunús dleathach bailí. Ag an am sin, ní raibh aon reachtaíocht ann lenar tugadh soiléire, beachtas ná intuarthacht maidir leis na himthosca ina bhféadfadh Údaráis Áitiúla ceamaraí TCI a imscaradh chun bruscar agus dramhaíl a chosc. Níor cheadaigh Coimisinéir an Gharda Síochána na ceamaraí ábhartha TCI de réir alt 38 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, ach oiread.

Is féidir le TCI agus le teicneolaíochtaí eile a n-imscarann an Stát iad chun críocha faireachais cur isteach ar na cearta bunúsacha chun príobháideachta agus chun cosaint sonraí. Sna himthosca sin, tá sé ríthábhachtach, maidir le haon reachtaíocht lena gceadaítear teicneolaíochtaí den sórt sin a úsáid chun críocha faireachais, go dtabharfaí léi cosaint dhleathach leordhóthanach ar threallachas agus go soláthrófaí léi soiléire maidir le raon feidhme aon lánrogha a thugtar d'údaráis phoiblí chun faireachas a dhéanamh. Go háirithe, ní mór a shonrú sa reachtaíocht cé na himthosca ina bhféadfar TCI a imscaradh, agus cé na coinníollacha faoina bhféadfar déanamh amhlaidh, á chinntiú go mbeidh aon chur isteach ar chearta bunúsacha teoranta dá bhfuil fíor-riachtanach.

Fáiltíonn an Coimisiún roimh an Acht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022, ina leagtar amach forálacha le haghaidh scéimeanna TCI a mholadh agus a cheadú i leith cionta bruscair agus dramhaíola, ina n-údaraítear measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí mar chuid den phróiseas sin, agus ina ndéantar socrú do chóid chleachtais, a ndearna an Coimisiún grinnscrúdú gníomhach orthu cheana féin. Leanfaidh an Coimisiún lena chinntiú go gcomhlíonann aon fhaireachas a dhéanann Údaráis Áitiúla, lena n-áirítear TCI a imscartar de bhun na bhforálacha sin, an dlí cosanta sonraí agus go bhfuil sé comhréireach leis na críocha atá á saothrú.

**Is féidir tuilleadh faisnéise faoi rannpháirtíocht an Choimisiúin i leith an Achta um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha a fháil ar leathanach 65 den tuarascáil seo.**

## An Garda Síochána – Sárú sonraí ag Stáisiún Gardaí Chill Mhaighneann (An Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí).

I mí na Nollag 2022, d'eisigh an Coimisiún Cinneadh Críochnaitheach san fhiosrúchán seo de bhun na Treorach maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí, mar a trasuíodh leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Cinneadh san fhiosrúchán go ndearnadh sáruithe ar shlándáil na sonraí pearsanta a taispeánadh ar Chláir Feasachán Faisnéise i Stáisiúin an Gharda Síochána. Leis an gCinneadh Críochnaitheach, ceanglaíodh ar an nGarda Síochána a phróiseáil a chur i gcomhréir leis na forálacha iomchuí den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, trí bhearta cuí teicniúla agus eagrúcháin a chur chun feidhme i leith shlándáil na gClár Feasachán Faisnéise ar fud a líonra stáisiún in Éirinn.

Le linn na bliana 2023, rinne an Garda Síochána sraith aighneachtaí maidir leis an dul chun cinn a bhí á dhéanamh ar an ordú sin a chur chun feidhme ar fud an Stáit. Mar thoradh ar na gníomhartha a rinne an Garda Síochána, scoir formhór mór a gcuid Stáisiún de Chláir fhisiciúla Feasachán Faisnéise a úsáid, agus rinneadh bearta breise chun méadú a dhéanamh ar shlándáil sonraí pearsanta i ndáil le cuairteoirí agus conraitheoirí a oibríonn i Stáisiúin ar fud na tíre. Leanann an Coimisiún le hathbhreithniú a dhéanamh ar na bearta a cuireadh chun feidhme sa chás seo.




**Anu Bradford, Ollamh Henry L. Moses le Dlí agus Eagrú Idirnáisiúnta, Scoil Dlí Ollscoil Columbia, Helen Dixon, an Coimisinéir Cosanta Sonraí, agus Chad Thomas, Bloomberg, ag ócáid Bloomberg New Economy Gateway Europe 2023, Aibreán 2023.**



# Dlí

## Breithiúnais a Tugadh agus Orduithe Deiridh a Rinneadh sa bhliain 2023

| Uimh | Uimh. Thaifid | Teideal | Cineál caingne agus ionad | Dáta an Bhreithiúnais/an Ordaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1. | 2020/03165 | John Healy v An Coimisinéir Cosanta Sonraí | Tugadh an breithiúnas ón mBreitheamh Onórach O'Connor an 29 Márta 2023 | Tugadh an breithiúnas ón mBreitheamh Onórach O'Connor an 29 Márta 2023 |
| **Toradh** | | | | **Stádas Reatha** |
| Bhain an t-achomharc seo le cinneadh a rinneadh ar ghearán ón Achomharcóir, a mhéid a nocht a iarfhostóirí faisnéis faoina phinsean Éireannach d'Iontaobhaithe i bhFéimheacht sa Ríocht Aontaithe nuair a dearbhaíodh an tAchomharcóir ina fhéimheach sa Ríocht Aontaithe.<br><br>Ba é an cheist a bhreithnigh an Chúirt ná cé acu a bhí nó nach raibh an nochtadh faoi dhíospóid ina shárú ar na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988-2003.<br><br>Breithníodh dhá shaincheist sa chinneadh ón gCoimisiún an 7 Bealtaine 2020, ba iad sin: (i) toiliú; agus (ii) an leas dlisteanach a tháinig chun cinn faoi alt 2A(1)(d) de na hAchtanna. Chinn an Coimisiún i bhfabhar an Achomharcóra ar an gcéad phonc, á rá nach raibh an toiliú ar braitheadh air sách sonrach ná sách eolach. Chinn an Coimisiún go raibh na hIontaobhaithe i bhFéimheacht i dteideal brath ar alt 2A(1)(d), áfach, toisc gur shainaithin siad leas dleathach agus dlisteanach a bhí á shaothrú ag tríú páirtí, ba é sin eastát an Achomharcóra a riar.<br><br>I mbreithiúnas i scríbhinn a tugadh an 29 Márta 2023, dhiúltaigh an Chúirt Chuarda don achomharc. Ghlac an Chúirt leis an seasamh ón gCoimisiún, agus thug sí faoi deara nár cuireadh leis an gcásdlí de chuid na Ríochta Aontaithe agus Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar thagair an tAchomharcóir dó aon dearbhthoirmeasc ar nochtadh na sonraí pearsanta a bhí i gceist leis an gcás.<br><br>Tabhair faoi deara gur leis na rialacha/leis an reachtaíocht cosanta sonraí, mar a bhí roimh theacht i bhfeidhm RGCS, a bhain an t-achomharc. | | | | Proceedings concluded. |

<table>
<tr><th>Uimh</th><th>Uimh. Thaifid</th><th>Teideal</th><th>Cineál caingne agus ionad</th><th>Dáta an Bhreithiúnais/an Ordaithe</th></tr>
<tr><td>2.</td><td>2019/8493P</td><td>Patrick Cahill v Coyle & Ors<br><br>Patrick Cahill v Éire, an tArd-Aighne agus Daoine Eile</td><td>Imeachtaí Iomlánacha<br><br>An Ard-Chúirt</td><td>Tugadh an breithiúnas ón mBreitheamh Onórach Cregan an 16 Bealtaine 2023</td></tr>
<tr><th colspan="4">Toradh</th><th>Stádas Reatha</th></tr>
<tr><td colspan="4">Bhain an Breithiúnas seo le dhá thacar nasctha imeachtaí, a éisteadh le chéile os comhair an Bhreithimh Onóraigh Cregan. Níor ainmníodh an Coimisiún ach amháin sa dara tacar imeachtaí.<br><br>Bhain an dara tacar imeachtaí leis an iarratas a rinne an Gearánaí ar urghaire lena gcuirfí srian leis na Cosantóirí a ladar a chur isteach i réadmhaoine infheistíochta. Bhain siad freisin leis na hiarratais a rinne na Cosantóirí ar an éileamh ón nGearánaí a scriosadh amach mar mhí-úsáid próise. D’áitigh an Coimisiún nach raibh aon bhaint aige leis an mbundíospóid idir an gearánaí agus an chéad chosantóir agus nach raibh aon bhunús ann leis an gCoimisiún a ainmniú mar chosantóir sna himeachtaí.<br><br>D’éirigh leis an iarratas ón gCoimisiún chuig an gCúirt ar na himeachtaí a scriosadh amach ar an mbonn nár shuigh an Gearánaí aon chúis réasúnach chaingne. D’éirigh leis an maíomh ón gCoimisiún freisin go raibh na himeachtaí suaibhreosach agus/nó cráiteach.<br><br>Ina dhiaidh sin, thionscain an Gearánaí rún chun scor den dá thacar imeachtaí ina n-iomláine, lenar áiríodh na téarmaí maidir le costais. Thug an Breitheamh Onórach Cregan ordú lenar scriosadh amach na himeachtaí in aghaidh an Choimisiúin. Thug sé ordú le haghaidh costas i bhfabhar an Choimisiúin in aghaidh an Ghearánaí freisin.</td><td>Scoireadh de na himeachtaí.</td></tr>
</table>

| Uimh | Uimh. Thaifid | Teideal | Cineál caingne agus ionad | Dáta an Bhreithiúnais/an Ordaithe |
|---|---|---|---|---|
| 3. | 2020/02457 | Patrick Cahill v An Coimisiún um Chosaint Sonraí | Achomharc Reachtúil<br><br>Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath | Ordú dar dáta an 25 Bealtaine 2023 ón mBreitheamh Onórach John O'Connor |

| Toradh | Stádas Reatha |
|---|---|
| Bhain an t-achomharc reachtúil seo le dhá chinneadh dar dáta an 7 Aibreán 2020 ón gCoimisiún mar fhreagra ar ghearáin a fuarthas ón Achomharcóir á líomhain go ndearnadh a shonraí pearsanta a fháil, a úsáid agus a nochtadh go neamhdhleathach. Níor sheas an Coimisiún leis na gearáin.<br><br>Sular éisteadh an t-achomharc, chuir an tAchomharcóir in iúl do na páirtithe gur mhian leis scor den achomharc. Dá réir sin, thug an Breitheamh Onórach O'Connor ordú scoir an 25 Bealtaine 2023. Thug sé ordú le haghaidh costas i bhfabhar an Choimisiúin in aghaidh an Achomharcóra freisin. | Scoireadh de na himeachtaí. |

<table>
<tr><th>Uimh</th><th>Uimh. Thaifid</th><th>Teideal</th><th>Cineál caingne agus ionad</th><th>Dáta an Bhreithiúnais/an Ordaithe</th></tr>
<tr><td>4.</td><td>2022/191 JR</td><td>Johnny Ryan – v – An Coimisiún um Chosaint Sonraí agus Google Ireland Ltd (mar Fhógrapháirtí)</td><td>Athbhreithniú Breithiúnach<br><br>An Ard-Chúirt</td><td>28 Lúnasa 2023</td></tr>
<tr><th colspan="4">Toradh</th><th>Stádas Reatha</th></tr>
<tr><td colspan="4">D’eisigh an tIarratasóir na himeachtaí seo, agus é ag iarraidh dearbhú á rá gur mhainnigh an Coimisiún imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán uaidh de réir Airteagal 57 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus/nó de réir an Achta um Chosaint Sonraí, 2018. D’iarr an tIarratasóir freisin ordú lena gcuirfí iallach ar an gCoimisiún imscrúdú a dhéanamh ar na gnéithe sin den ghearán uaidh i leith oibríochtaí áirithe próiseála sonraí a bhí ar bun ag Google Ireland Ltd agus nár cuireadh ar áireamh san fhiosrúchán (ar leith) de dheoin an Choimisiúin féin i leith oibríochtaí próiseála a bhí ar bun ag Google Ireland Ltd.<br><br>Ós rud é go raibh forluí soiléir ann idir na saincheisteanna a tarraingíodh anuas sa ghearán ón Iarratasóir agus na saincheisteanna a bhí á mbreithniú ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an fhiosrúcháin dá dheoin féin, d’áitigh an Coimisiún go raibh sé i dteideal an fiosrúchán dá dheoin féin a chur ar aghaidh sula dtosódh sé ag déanamh breithniú ar an ngearán ón Iarratasóir an athuair.<br><br>Sa Bhreithiúnas i scríbhinn dar dáta an 28 Lúnasa 2023 uaidh, dhíbh an Breitheamh Onórach Simons an t-iarratas ar athbhreithniú breithiúnach. D’aithin an Chúirt an lánrogha a thugtar d’údaráis mhaoirseachta le foclaíocht RGCS i ndáil le himscrúduithe agus fiosrúcháin a sheicheamhú. Chinn an Chúirt freisin gur go comhréireach go hiomlán a bhí an cinneadh ón gCoimisiún an fiosrúchán dá dheoin féin a chur i gcrích ar dtús sula gcuirfeadh sé an t-imscrúdú uaidh ar an ngearán ón Iarratasóir i gcrích.<br><br>Tá achomharc déanta ar an ábhar anois chuig an gCúirt Achomhairc.</td><td>Cuireadh na himeachtaí i gcrích.</td></tr>
</table>

| Uimh | Uimh. Thaifid | Teideal | Cineál caingne agus ionad | Dáta an Bhreithiúnais/an Ordaithe |
|---|---|---|---|---|
| 5. | 2022 80 CA<br><br>[2023] IEHC 529 | David Fox v An Coimisiún um Chosaint Sonraí | Achomharc ar Phonc Dlí<br><br>An Ard-Chúirt | 25 Meán Fómhair 2023 |

| Toradh | Stádas Reatha |
|---|---|
| Trí bhreithiúnas i scríbhinn a tugadh an 25 Meán Fómhair 2023, dhíbh an Ard-Chúirt an t-achomharc a rinne an tUas. Fox ar phonc dlí in aghaidh cinneadh ón gCúirt Chuarda, go príomha ar an mbonn gur mhainnigh an tUas. Fox aon phonc dlí a shainaithint. Dá réir sin, ní raibh aon dlínse ag an Ard-Chúirt ina leith.<br><br>Tá cúlra an achomhairc seo mar a leanas:<br><br>An 14 Samhain 2019, thug an Coimisiún um Chosaint Sonraí cinneadh i ndáil le gearán a rinne an tUas. Fox in aghaidh Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann. De na seacht bponc a chuir an tUas. Fox in iúl sa ghearán uaidh, sheas an Coimisiún le ceithre cinn agus dhiúltaigh sé do thrí cinn.<br><br>Rinne an tUas. Fox achomharc ansin in aghaidh an chinnidh ón gCoimisiún diúltú do thrí cinn de na poncanna a bhí leagtha amach sa ghearán uaidh, ba iad sin: (a) cé acu a bhí nó nach raibh údar ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann le trealamh TCI a shuiteáil sa Ghailearaí, bunaithe ar leasanna áirithe ar shainaithin an Gailearaí iad; (b) cé acu a bhí nó nach raibh sé dleathach bearta áirithe eile slándála TF a úsáid; agus (c) cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon an Gailearaí iarraidh rochtana a fuarthas ón Uas. Fox.<br><br>I mbreithiúnas i scríbhinn a tugadh an 25 Aibreán 2022, dhiúltaigh an Chúirt Chuarda don achomharc. Chinn sí, bunaithe ar an bpróiseas breithniúcháin ina iomláine, go ndearna an Coimisiún breithniú cóir iomlán ar na heilimintí uile den ghearán agus gur tháinig sé ar chinneadh a bhí loighciúil agus iomchuí, agus aird á tabhairt ar an dlí sa réimse seo.<br><br>Rinne an tUas. Fox achomharc chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí in aghaidh na breithe ón gCúirt Chuarda. Sa bhreithiúnas uaithi an 25 Meán Fómhair 2023, dhíbh an Ard-Chúirt an t-achomharc ón Uas. Fox ar an bhforas gur mhainnigh an tUas. Fox aon phonc dlí a shainaithint. Dá réir sin, ní raibh aon dlínse ag an Ard-Chúirt ina leith. Chinn an Ard-Chúirt freisin go raibh na poncanna a raibh an tUas. Fox ag iarraidh iad a tharraingt anuas comhdhéanta de mheascán díobh seo a leanas: (i) iarracht chun an próiseas a seoladh os comhair an Choimisiúin a sheoladh arís; agus (ii) iarraidh ar an gcúirt breith eile a thabhairt bunaithe ar dhearbhuithe loma nach raibh aon fhianaise ag gabháil leo i leith saincheisteanna nár tarraingíodh anuas os comhair an Choimisiúin ná na Cúirte Cuarda. Ba é an réamhthuairim ón gCúirt ná costais a dhámhachtain don Choimisiún. | Cuireadh an éisteacht i gcrích. D'iarr an Chúirt ar na páirtithe foirm an ordaithe (costais san áireamh) atá le tabhairt ag an gCúirt a phlé. |

| Uimh | Uimh. Thaifid | Teideal | Cineál caingne agus ionad | Dáta an Bhreithiúnais/an Ordaithe |
|---|---|---|---|---|
| 6. | 2022/003208 | Peter Nowak v An Coimisiún um Chosaint Sonraí | Achomharc Reachtúil<br><br>Baile Átha Cliath<br><br>An Chúirt Chuarda | Tugadh an breithiúnas ón mBreitheamh Onórach John O'Connor an 9 Deireadh Fómhair 2023 |

| Toradh | Stádas Reatha |
|---|---|
| Tháinig an t-achomharc reachtúil seo chun cinn i gcomhthéacs roinnt achomharc roimhe ar thionscain an tAchomharcóir iad in aghaidh cinntí ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí, ag tosú le gearán a rinneadh in aghaidh Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn sa bhliain 2010. D'eisigh an Chúirt Chuarda, an Ard-Chúirt agus an Chúirt Achomhairc uile Breithiúnais lenar díbheadh na hachomhairc éagsúla ón Achomharcóir.<br><br>Tar éis Breithiúnas ón gCúirt Achomhairc i mí Iúil 2020, shainaithin an tAchomharcóir cúig shaincheist ar mhaígh sé gur cheart don Choimisiún déileáil leo faoin am sin ach nár déileáladh leo dáiríre. I bhfianaise an éilimh sin, d'eisigh an Coimisiún cinneadh úr lenar déileáladh leis na cúig shaincheist sin an 21 Aibreán 2022.<br><br>Agus achomharc á dhéanamh aige in aghaidh an chinnidh sin, d'áitigh an tAchomharcóir go ndearna an Coimisiún earráid thromchúiseach shuntasach nó sraith earráidí tromchúiseacha suntasacha lena dtugtar bonn cirt leis an gcinneadh a chur ar ceal. Leagadh na hearráidí sin amach faoi dhá cheannteideal – ar an gcéad dul síos, mainneachtain an gearán a imscrúdú go cuí agus, ar an dara dul síos, go ndearna an Coimisiún earráid sa chonclúid uaidh maidir leis na saincheisteanna amuigh ar shainaithin an tAchomharcóir iad a bheith ag teacht chun cinn lena n-imscrúdú. D'áitigh an tAchomharcóir freisin gur cheart cás a shonrú don Chúirt Achomhairc, bunaithe ar an easpa muiníne a bhí aige as cumas na Cúirte Cuarda chun déileáil leis an achomharc.<br><br>Trí bhreithiúnas i scríbhinn dar dáta an 9 Deireadh Fómhair 2023, dhíbh an Breitheamh Onórach O'Connor an t-achomharc ar an mbonn nár cuireadh an cinneadh ó bhail mar gheall ar earráid thromchúiseach shuntasach ná ar shraith earráidí tromchúiseacha suntasacha lena dtabharfaí bonn cirt leis an gcinneadh a chur ar ceal. Rialaigh an Chúirt freisin nach raibh aon bhunús le cás a shonrú don Chúirt Achomhairc toisc nárbh ann d'aon chás substainteach ináitithe. Tháinig an t-ábhar ar ais os comhair na Cúirte an 4 Nollaig 2023, chun críche déileáil le foirm Ordú na Cúirte, lena n-áirítear ceist na gcostas. Thug an Chúirt faoi deara gur éirigh leis an CCS san achomharc agus rinne sí ordú le haghaidh costas i bhfabhar an CCS. Cuireadh bac air seo ar feitheamh thoradh achomharc an Uasail Nowak chuig an Ard-Chúirt. | Cuireadh na himeachtaí i gcrích. Tá Orduithe Deiridh le tarraingt. |

| Uimh | Uimh. Thaifid | Teideal | Cineál caingne agus ionad | Dáta an Bhreithiúnais/an Ordaithe |
|---|---|---|---|---|
| 7. | 2019/236 | John Paul Hickey v An Coimisiún um Chosaint Sonraí | Achomharc Reachtúil (na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003), Cúirt Chuarda Luimnigh | 31 Deireadh Fómhair 2023 |
| **Toradh** | | | | **Stádas Reatha** |
| Bhain an tacar imeachtaí seo le cinneadh a rinne an Coimisiún um Chosaint Sonraí an 25 Eanáir 2019. Bhain an cinneadh le Deoise Luimnigh, le hiarraidh rochtana, agus le doiciméid a folaíodh.<br><br>Sa bhreithiúnas uaidh, a tugadh ó bhéal an 31 Deireadh Fómhair 2023, dúirt an Breitheamh Daly gur dheimhin leis go mbeadh ar an Achomharcóir a shuí go soiléir go raibh earráid thromchúiseach shuntasach, nó sraith earráidí tromchúiseacha suntasacha, ann sa Chinneadh ón gCoimisiún chun go n-éireodh leis an Achomharcóir san achomharc.<br><br>Thug an Chúirt faoi deara go ndearna an Coimisiún caidreamh fairsing leis an bhFógraphháirtí i ndáil leis na nithe a folaíodh i ndoiciméid áirithe. Luaigh an Chúirt nár chuir an tAchomharcóir aon fhianaise ar aghaidh lenar taispeánadh go ndearna an Coimisiún earráid i ndáil leis na nithe a folaíodh. De bhreis air sin, thug an Chúirt faoi deara gur tháinig an tAchomharc chun bheith ina achomharc gan bhunús toisc go bhfuair an tAchomharcóir cóipeanna neamhfholaithe de na doiciméid a bhí i gcroílár na díospóide.<br><br>Sa Chinneadh uaidh, chinn an Coimisiún gur sháraigh an Fógraphháirtí na hAchtanna um Chosaint Sonraí mar gheall ar an moill a bhí air na doiciméid a bhí i gceist a eisiúint. Thug an Chúirt faoi deara go raibh an tAchomharcóir ag iarraidh dearbhú breise ón gCoimisiún á rá gur mhoill "ainmheasartha" nó "iomarcach" í moill an Fhógraphháirtí. Dúirt an Chúirt, áfach, nach raibh aon bhunús dlí ag an Achomharcóir le hiarraidh ar an gCoimisiún aon dearbhú den sórt sin a chur ar áireamh sa Chinneadh uaidh.<br><br>Rinne an Chúirt tagairt do na hiarrachtaí a rinne an Coimisiún imscrúdú a dhéanamh ar an líomhain ón Achomharcóir á rá gurbh ann do dhoiciméad eile nár soláthraíodh dó. Arís, chinn an Chúirt nár chuir an tAchomharcóir aon fhianaise ar aghaidh lenar tacaíodh leis an líomhain uaidh á rá go ndearna an Coimisiún aon earráid san imscrúdú seo.<br><br>Ar deireadh, líomhain an tAchomharcóir gur cheart na miontuairiscí ar chruinnithe áirithe a bheith soláthartha dó. Thug an Chúirt faoi deara gur dheimhnigh an Coimisinéir Cosanta Sonraí di féin nach raibh na miontuairiscí i seilbh an Fhógraphháirtí agus, arís, nár chuir an tAchomharcóir aon fhianaise ar aghaidh lenar tacaíodh leis an líomhain á rá go ndearna an Coimisiún aon earráid ina leith sin.<br><br>Trí bhreithiúnas ó bhéal a tugadh an 31 Deireadh Fómhair 2023, tháinig an Breitheamh Daly ar an gconclúid gur mhainnigh an tAchomharcóir aon fhianaise a chur ar aghaidh lenar suíodh go ndearna an Coimisiún aon earráid ar bith, gan trácht ar earráid thromchúiseach shuntasach. Ar an mbonn sin, dhíbh an Chúirt an tAchomharc, sheas sí leis an gCinneadh ón gCoimisiún agus rinne sí dámhachtain costas i bhfabhar an Choimisiúin | | | | Cuireadh na himeachtaí i gcrích. |



# Maoirseacht

Sainaithnítear i Straitéis Rialála an Choimisiúin um Chosaint Sonraí (an Coimisiún) príomhsprioc straitéiseach chun tacú le heagraíochtaí agus chun comhlíonadh a bhrú chun cinn. Cuireann caidreamh maoirseachta le heagraíochtaí san earnáil phoiblí, san earnáil phríobháideach agus san earnáil dheonach ar chumas an Choimisiúin a thuiscint conas atá sonraí pearsanta á bpróiseáil agus feasacht eagraíochtaí ar a n-oibleagáidí cosanta sonraí a chur chun cinn sa chomhthéacs. Cuireann sé sin ar chumas an Choimisiúin tacú le heagraíochtaí maidir le fadhbanna féideartha cosanta sonraí a shainaithint agus iad ag forbairt táirgí nua nó seirbhísí nua agus réitigh comhlíonta dea-chleachtais a chur chun feidhme a luaithe is féidir.

Cuireann an Coimisiún cumarsáid oscailte thráthrialta chun cinn le heagraíochtaí a phróiseálann sonraí pearsanta, le comhlachtaí ionadaíocha earnála, le líonraí oifigeach cosanta sonraí agus le reachtóirí mar phríomh-mhodh le haghaidh cuntasacht agus mórchultúr comhlíonta cosanta sonraí a bhrú chun cinn. Is é an toradh atá ar thacú le heagraíochtaí maidir lena n-oibleagáidí féin a thuiscint ná go dtugtar dóibh an tsoiléire dhlíthiúil agus an chomhsheasmhacht a theastaíonn chun táirgí nua agus seirbhísí nua a fhorbairt ar bhealach comhlíontach cuntasach, mar a bhí beartaithe le RGCS. Creideann an Coimisiún freisin go dtacaíonn caidreamh réamhghníomhach le heagraíochtaí go mór leis na cearta cosanta sonraí atá ag daoine aonair a sheasamh trí sháruithe féideartha a mhaolú sula dtarlaíonn siad.

Cuid thábhachtach d'fhoireann uirlisí rialála an Choimisiúin is ea caidreamh maoirseachta le heagraíochtaí toisc gurb amhlaidh, de bhreis ar thacú le heagraíochtaí agus ar chomhlíonadh a bhrú chun cinn, is féidir leis béim a leagan ar ábhair imní cosanta sonraí agus deis a thabhairt gníomhartha feabhais a mholadh. Ina theannta sin, más rud é, le linn caidreamh leis an bhfeidhm maoirseachta, go bhfuil an chuma air gur gá don Choimisiún gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh in aghaidh eagraíocht ar leith, níl aon chosc ar an gCoimisiún gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh sna himthosca sin. Is é an toradh atá ar an gcur chuige sin ná go rannchuidítear le hiarrachtaí an Choimisiúin a chinntiú go leithdháiltear a chuid acmhainní ar na réimsí inar féidir an leas is fearr a bhaint astu agus, sa deireadh, inar féidir leo torthaí níos fearr a tháirgeadh do gach geallsealbhóir.

Bhí **751** rannpháirtíocht mhaoirseachta ag an CCS le linn 2023. Seo a leanas an miondealú earnála:

| Coinní Maoirseachta 2023 | |
|---|---|
| LED | 34 |
| Sláinte | 58 |
| Earnáil Phoiblí | 90 |
| Carthanas/Oibrithe Deonacha | 21 |
| Leanaí/Teaghlach | 25 |
| Earnáil Phríobháideach & Airgeadais | 112 |
| Teicneolaíocht Ilnáisiúnta | 391 |
| Eile | 20 |
| **Iomlán** | **751** |

Ghlac an CCS páirt i **250** cruinniú le páirtithe leasmhara in 2023. Ina theannta sin, ar fud gach earnála bhí an CCS i mbun 250 cruinniú maoirseachta le heagraíochtaí in 2023.

## Comhairliúchán Reachtaíochta

Chuir an CCS treoir agus barúlacha ar fáil maidir le 37 beart reachtach molta in 2023. Agus é sin á dhéanamh, féachann an CCS le cosaint sonraí a chur chun cinn trí dhearadh agus seasamh le cearta cosanta sonraí laistigh den reachtaíocht a bhféadfadh próiseáil sonraí pearsanta a bheith mar thoradh air.

In 2023, ba iad seo a leanas cuid de na bearta reachtacha a ndeachaigh an CCS i mbun comhairliúcháin ina leith:

1. An Bille um Sheirbhísí Digiteacha, 2023
2. An Bille fán nGníomhaireacht um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe, 2023
3. Na Rialacháin fán Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (Alt 38(4) agus Alt 60(6)) (An Roinn Gnóthaí Eachtracha), 2023
4. An Bille Airgeadais (Uimh. 2), 2023 – leasú ar an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 – Scair-roghanna
5. Bille an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta) (Leasú)
6. An Bille um Fhaisnéis Sláinte, 2023
7. An Bille um Pleanáil agus Forbairt, 2023
8. An Bille um Thaighde agus Nuálaíocht, 2023
9. An Bille um Thionóntachtaí Cónaithe (Ceart Ceannaigh), 2023
10. I.R. Uimh: 635/2015: Na Rialacháin um Thiománaithe Míchumasaithe agus Paisinéirí Míchumasaithe (Scéim Deontais Bhreosla) (2015)

Ar fud na bliana 2023, lean an Coimisiún dá chaidreamh le hOifigigh Chosanta Sonraí, le geallsealbhóirí, le ranna rialtais, le gníomhaireachtaí stáit agus le grúpaí tathanta ar fud gach earnála ar raon leathan saincheisteanna, lena n-áirítear:

## Cóid chleachtais faoin Acht um an nGeilleagar Ciorclach

Ó theacht i bhfeidhm RGCS agus na Treorach maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí i leith, sheol an Coimisiún roinnt fiosrúchán inar cinneadh gur neamhdhleathach a bhí an úsáid a bhain údaráis áitiúla áirithe as TCI chun cionta a bhaineann le truailliú bruscair agus le bainistíocht dramhaíola a ionchúiseamh.

Sa bhliain 2022, leigheasadh an bhearna reachtach sa chomhthéacs sin leis an Acht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022, trí fhoráil a dhéanamh d'úsáid dhleathach a bhaint as teicneolaíocht taifeadta, lena n-áirítear TCI, le haghaidh na reachtaíochta um thruailliú bruscair agus bainistíocht dramhaíola a fhorfheidhmiú faoi réir cóid chleachtais reachtúla.

Sa bhliain 2023, chuaigh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil ("GBRÁ") i gcomhairle leis an gCoimisiún i ndáil le trí dhréachtchód cleachtais ar ullmhaigh GBRÁ iad faoin Acht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022. Is é cuspóir na gcód sin ná bunús dlí a thabhairt d'údaráis áitiúla chun TCI agus gléasanna móibíleacha taifeadta a úsáid chun cionta áirithe a bhaineann le dramhaíl agus le truailliú bruscair a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

D'imir an Coimisiún ról gníomhach in iniúchadh a dhéanamh ar na cóid sin mar a cheanglaítear faoin Acht agus thug sé barúlacha mionsonraithe ar na trí chód uile. Go háirithe, thug an Coimisiún na barúlacha ginearálta seo a leanas:

- Ní mór teanga atá ina ceangal dlí a úsáid sna cóid chun go mbeidh sé soiléir d'údaráis áitiúla go dtugtar oibleagáidí dlíthiúla nithiúla isteach leo agus gur mó iad ná treoir nó samplaí den dea-chleachtas a bhféadfaidh siad neamhaird a thabhairt orthu.
- Ní mór spreagadh a thabhairt d'údaráis áitiúla leis na cóid Measúnuithe Tionchair cuimsitheacha ar Chosaint Sonraí a dhéanamh ina mbreithnítear rioscaí príobháideachta do na daoine aonair lena mbaineann, idir rioscaí gearrthéarmacha agus rioscaí fadtéarmacha, a eascróidh as aon úsáid a bhaintear as TCI ar bhonn cás ar chás.
- Ní mór a chur in iúl go soiléir sna cóid nach bhféadfar TCI ná gléasanna móibíleacha taifeadta a úsáid ach amháin nuair atá sé riachtanach agus comhréireach déanamh amhlaidh agus go mbeidh an dualgas ar údaráis áitiúla an méid sin a thaispeáint i ngach cás.
- Is gá nach gcruthaítear leis na cóid cás ina mbaintear úsáid as na huirlisí sin ar an gcúis go bhfuil siad níos áisiúla ná roghanna eile nó go bhfuil níos mó tóir orthu ná mar atá ar na roghanna eile, agus ar an gcúis sin amháin, toisc nach mbeadh sé sin ina chur isteach riachtanach nó comhréireach ar na cearta príobháideachta atá ag cónaitheoirí áitiúla agus ag daoine aonair eile lena mbaineann.

Trína chaidreamh leis na cóid chleachtais sin faoi Acht 2022, tá an Coimisiún tiomanta dá chinntiú go soláthraíonn sé bunús dlí soiléir d'údaráis áitiúla chun úsáid a bhaint as TCI agus teicneolaíochtaí taifeadta eile nuair atá sé riachtanach, comhréireach agus le leas an phobail déanamh amhlaidh. Faoi dheireadh 2023, bhí na trí chód cleachtais tugtha chun críche. Ghlac údair an chóid le moltaí uile an CCS.

## Cumhdach aosach agus comhroinnt sonraí

Ag teacht sna sála ar obair a tosaíodh sa bhliain 2022, lean an Coimisiún de thionscadal um chaidreamh le geallsealbhóirí ar chosaint sonraí i gcomhthéacs an chumhdaigh aosach agus i mór-chomhthéacs an tsoláthair seirbhíse d'aosaigh atá i mbaol. Tá sé sin ar aon dul leis an ngealltanas ón gCoimisiún go dtabharfar tús áite do chosaint leanaí agus do chosaint grúpaí soghonta eile.

Sa bhliain 2023, rinne an Coimisiún caidreamh le geallsealbhóirí ábhartha (lena n-áirítear grúpaí tathanta, soláthraithe seirbhíse ar fud na hearnála poiblí, na hearnála príobháidí agus na hearnála deonaí, agus comhlachtaí rialála ábhartha eile) chun sainaithint a dhéanamh ar shaincheisteanna cosanta sonraí a thagann chun cinn i gcomhthéacs an chumhdaigh aosach. Is é cuspóir an chaidrimh leanúnaigh sin ná tuiscint chomhroinnte a fhorbairt ar na saincheisteanna praiticiúla a dhéanann difear do chleachtóirí sa réimse seo agus ar na cineálacha idirghabhálacha rialála is féidir leis an gCoimisiún a dhéanamh ar bhealach úsáideach.

I mí an Mheithimh 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún postáil blag inar tugadh aghaidh ar ábhair imní maidir leis an mainneachtain ag eagraíocht faisnéis ábhartha a chomhroinnt le teach altranais faoi chiontuithe coiriúla cónaitheora agus maidir leis an riosca a chruthaigh an duine sin do chónaitheoirí eile. Dheimhnigh an Coimisiún gurb amhlaidh sa chomhthéacs sin a fhoráiltear leis an dlí um chosaint sonraí do shonraí pearsanta a chomhroinnt, i gcás go meastar é sin a bheith riachtanach chun a chinntiú nach ndéanfar dochar tromchúiseach do dhaoine eile.

Mar chuid den mhórchaidreamh sin, sholáthair an Coimisiún dhá sheisiún ceardlainne d'oibrithe sóisialta earnála poiblí i mí Dheireadh Fómhair 2023: ceann amháin ar rochtain ar fhaisnéis agus comhroinnt sonraí; agus ceann eile ar dhea-chleachtais cosanta sonraí i gcumhdach aosach. Bhí na ceardlanna ina ndeis mhaith don Choimisiún caidreamh a dhéanamh leis na hoibrithe sóisialta ar shaincheisteanna a dtagann siad orthu gach lá ina gcuid oibre agus bhí siad ina bhfóram táirgiúil le haghaidh réitigh phraiticiúla a phlé.

De bhreis ar an mórchaidreamh le geallsealbhóirí sa réimse sin, rinne an Coimisiún anailís ar shaincheisteanna a d'eascair as gearáin agus ceisteanna a fuair sé ó dhaoine den phobal i ndáil le cosaint sonraí agus aosaigh shoghonta. Bunaithe ar an gcur chuige trasfheidhmiúil sin, tá sé mar sprioc ag an gCoimisiún treoir chuimsitheach a fhoilsiú don earnáil sin sa bhliain 2024. Leis an treoir sin, cabhrófar le soiléire agus cinnteacht a thabhairt d'eagraíochtaí cumhdaigh aosach i ndáil leis na hoibleagáidí cosanta sonraí atá orthu, go háirithe agus iad ag plé le cora íogaire.

Rinne an Coimisiún caidreamh leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí sa bhliain 2023 freisin maidir le tuarascáil a fhorbairt ar an gcreat rialála um chumhdach aosach in Éirinn, atá le foilsiú sa bhliain 2024. D'fháiltigh an Coimisiún roimh an deis sin rannchuidiú leis an bplé ar chosaint sonraí sa chomhthéacs sin, go háirithe maidir leis an idirghníomhú idir RGCS agus córais reachtacha agus rialála eile lena rialaítear an réimse sin.

## Cosaint sonraí sa spórt

Sa bhliain 2023, chuir an Coimisiún tús le scrúdú fadréimseach ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn maidir le cosaint sonraí sa spórt. Tháinig an tionscadal sin chun cinn toisc gur sainaithníodh roinnt ábhar imní maidir le próiseáil sonraí pearsanta ar gach leibhéal (an leibhéal gairmiúil agus an leibhéal amaitéarach araon), agus go háirithe maidir le próiseáil sonraí leanaí. Is amhlaidh go háirithe is gá d'eagraíochtaí spóirt na hoibleagáidí cosanta sonraí atá orthu a bhreithniú go cúramach mar gheall ar leathadh úsáid na teicneolaíochta sa spórt ar gach leibhéal agus mar gheall ar an méadú iarmhartach i bpróiseáil sonraí sláinte chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus chun críocha eile.

Mar chuid den phróiseas sin, rinne an Coimisiún caidreamh le geallsealbhóirí náisiúnta agus le geallsealbhóirí idirnáisiúnta

araon. Áiríodh leis sin rannpháirtíocht i bhFóram ar Chearta an Duine agus an Spórt faoin bPáirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Spórt de chuid Chomhairle na hEorpa chun tuiscint iomlán a ghnóthú ar raon feidhme na próiseála sonraí a tharlaíonn sa spórt; ar na córais chasta comhroinnte sonraí ar féidir leo teacht chun cinn idir clubanna, úinéirí comórtais, comhlachtaí rialaithe, agus comhpháirtithe tráchtála; agus ar na cineálacha sásraí rialachais atá mar bhonn agus thaca ag an bpróiseáil sna comhthéacsanna sin.

I mí Mheán Fómhair 2023, agus ag teacht sna sála ar ábhair imní a d'eascair as roinnt foinsí, chuir an Coimisiún tús le próiseas um chaidreamh le heagraíochtaí ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta araon maidir le próiseáil sonraí leanaí sa pheil. Go háirithe, leagadh díriú sa chaidreamh sin ar theacht ar réitigh ar shaincheisteanna a bhí ag teacht chun cinn maidir le leanaí a chlárú chun páirt a ghlacadh i sraithchomórtais agus maidir le slándáil na ndoiciméad aitheantais a phróiseáiltear chun na críche sin. Sa chomhthéacs sin, glacann an Coimisiún leis go bhfuil críocha dlisteanacha ag eagraíochtaí spóirt chun sonraí a phróiseáil sa chomhthéacs sin, e.g., chun sláinte na gcomórtas a chinntiú. De réir mar a aistríonn eagraíochtaí i dtreo réitigh theicniúla agus ar líne nua a chur chun feidhme chun na sonraí sin a bhainistiú, leanfaidh an Coimisiún de thacú leo na hoibleagáidí cosanta sonraí atá orthu a chomhlíonadh, go háirithe chun slándáil agus rúndacht sonraí pearsanta leanaí a chothabháil.

Is é a bheidh sa chéad rud eile a dhéanfaidh an Coimisiún sa tionscadal seo ná ceistneoir a eisiúint chuig sampla ionadaíoch eagraíochtaí ar fud réimse an spóirt dheonaigh agus an spóirt ghairmiúil in Éirinn chun measúnú a dhéanamh ar an staid reatha maidir le comhlíonadh cosanta sonraí agus chun tuiscint níos cuimsithí a ghnóthú ar an tírdhreach cosanta sonraí maidir leis an gcaidreamh idir páirtithe. Leagfar díriú ansin ar an úsáid a bhaintear as an teicneolaíocht chun sonraí feidhmíochta imreoirí a bhailiú agus a anailísiú agus ar chríocha príomha agus tánaisteacha próiseála na sonraí sin. Tabharfar aghaidh ar an trédhearcacht leis an gceistneoir freisin agus lorgófar ann faisnéis mhionsonraithe faoi conas a chuirtear ábhair sonraí ar an eolas faoi phróiseáil a sonraí pearsanta, agus díriú ar leith á leagan ar leanaí agus ar dhaoine óga.

De bhreis air sin, leanfaidh an Coimisiún de chaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí ionadaíocha imreoirí i spóirt éagsúla chun tuiscint níos cuimsithí a ghnóthú ar na hábhair imní atá ag lúthchleasaithe agus chun measúnú a dhéanamh ar fheasacht agus tuiscint an phobail ar na rioscaí, na rialacha, na coimircí agus na cearta maidir le próiseáil i gcomhthéacs an spóirt, agus díriú ar leith á leagan ar leanaí ansin freisin. Is é an toradh a bheidh air sin ná go mbeidh an Coimisiún in ann idirghabhálacha cuí a dhearadh agus a chur chun feidhme, amhail treoir a fhoilsiú do chlubanna spóirt agus do chomhlachtaí eile atá ag obair sa réimse sin.

## Caidreamh leis an Earnáil Dheonach

Gealltar i Sprioc 5 de Straitéis Rialála an Choimisiúin 2022-2027 go dtacófar le gach eagraíocht, beag beann ar a méid, agus go mbrúfar comhlíonadh chun cinn. Mar chuid den sprioc straitéiseach sin, d'oibrigh an Coimisiún sa bhliain 2023 chun dlús a chur leis an gcaidreamh le heagraíochtaí neamhbhrabúis (eagraíochtaí neamhrialtasacha) toisc go bhfuil acmhainní teoranta ag na comhlachtaí sin lena gcaitheamh ar chomhlíonadh cosanta sonraí agus toisc gur féidir, mar shampla, nach bhfuil rochtain acu ar oifigeach cosanta sonraí ainmnithe. Tuigeann an Coimisiún na dúshláin a bhíonn os comhair na hearnála sin in amanna, go háirithe le linn déileáil le cásanna íogaire lena mbaineann aosaigh shoghonta, leanaí agus nithe coiriúla líomhnaithe.

Mar chuid den mhórchaidreamh earnála sin, thug an Coimisiún le chéile roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha a bhfuil baint acu le hobair pobail áitiúil ar fud na tíre agus a bhí thíos le sárú sonraí pearsanta a tháinig chun cinn toisc gur mhainnigh próiseálaí sonraí, a bhí ag obair thar a gceann, coimircí leordhóthanacha cosanta sonraí a chur chun feidhme. Ba é príomhdhíriú an chaidrimh sin ná feasacht a chur chun cinn i measc

na n-eagraíochtaí sin ar na freagrachtaí atá orthu maidir le comhaontuithe próiseála sonraí tríú páirtí a bhainistiú. De bhreis air sin, d'éascaigh an caidreamh sin plé ar roinnt gnáthchásanna laethúla éagsúla a mbíonn na heagraíochtaí ag déileáil leo agus bhí sé ina ardán luachmhar le haghaidh teagmháil idir piaraí agus le haghaidh nithe a foghlaimíodh a chomhroinnt.

Mar thoradh air sin, bhí tuiscint níos fearr ag an gCoimisiún ar na dúshláin cosanta sonraí a mbíonn an earnáil sin ag déileáil leo agus bhí sé in ann deiseanna nua for-rochtana agus caidrimh a fhorbairt san earnáil chun cur leis an bhfeasacht atá ag na heagraíochtaí ar a gcuid oibleagáidí agus freagrachtaí. Leagtar béim ansin freisin ar an tábhacht a bhaineann le teagmháil leantach a dhéanamh le heagraíochtaí, a d'fhéadfadh a bheith thíos le sárú sonraí tríú páirtí lena mbaineann na sonraí pearsanta a phróiseálann siad, chun cabhrú leo na nithe a foghlaimíodh a chur chun feidhme agus, sa deireadh, chun torthaí níos fearr a sholáthar do dhaoine aonair.

As seo amach sa bhliain 2024, beidh an Coimisiún i mbun tuilleadh caidrimh le heagraíochtaí ar fud na hearnála carthanas agus na hearnála deonaí chun deiseanna cosúla a sholáthar trí sheisiúin faisnéise agus trí sheimineáir Ghréasáin, i measc nithe eile, chun geallsealbhóirí a chur ar an eolas faoi na freagrachtaí cosanta sonraí atá orthu.

## Iniúchadh an Choimisiúin ar Chóras Faisnéise Schengen in Éirinn

Sa bhliain 2023, chríochnaigh an Coimisiún an chéad iniúchadh uaidh ar rannpháirtíocht na hÉireann sa dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen ("SIS II"). Is é is SIS II ann ná córas comhroinnte faisnéise an Aontais Eorpaigh d'údaráis slándála agus d'údaráis bainistíochta teorann san Eoraip. Ós rud é gur nasc Éire le SIS II an 15 Márta 2021, féadfaidh údaráis Éireannacha sonraí a rochtain agus a tharchur anois trí bhunachar sonraí a chomhroinneann siad lena gcontrapháirtithe Aontais Eorpaigh chun críocha póilíneachta agus comhair bhreithiúnaigh.

Mar thoradh ar nasc na hÉireann le SIS II, leagadh freagrachtaí nua suntasacha ar an gCoimisiún, ag gníomhú dó mar údarás ainmnithe na hÉireann atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar a dhleathaí atá an phróiseáil ghaolmhar ar shonraí pearsanta a ndéanann póilíní agus údaráis bainistíochta teorann na hÉireann í. Go háirithe, ní mór don Choimisiún iniúchadh a dhéanamh gach ceithre bliana ar an úsáid a bhaineann údaráis Éireannacha as SIS II.

Chuir an Coimisiún tús leis an gcéad iniúchadh uaidh ar SIS II go foirmiúil i mí Mheán Fómhair 2022. Sheol an Coimisiún ceistneoirí mionsonraithe deisce chuig na haonaid ábhartha laistigh den Roinn Dlí agus Cirt agus den Gharda Síochána agus sheol sé cuairteanna láithreáin agus cigireachtaí láithreáin ar cheanncheathrú an Gharda Síochána agus ar limistéir rialaithe imirce in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Cuireadh an t-iniúchadh i gcrích i mí Iúil 2023, ar dá éis a d'eisigh an Coimisiún roinnt barúlacha agus moltaí maidir leis an bpróiseáil ar shonraí pearsanta a ndéanann póilíní agus údaráis bainistíochta teorann í chun coimirciú cuí chearta cosanta sonraí an duine aonair a chinntiú. Le linn dó an t-iniúchadh a dhéanamh, fuair an Coimisiún comhar iomlán ó na húdaráis ábhartha, a ghlac le fionnachtana an Choimisiúin ina n-iomláine.

D'éirigh leis an gCoimisiún an chéad iniúchadh uaidh ar SIS II a chríochnú dhá bhliain roimh an sprioc. Tá an chéad iniúchadh eile le déanamh faoi lár na bliana 2027.

## Comhairliúchán ar an mBille um Pleanáil agus Forbairt

I lár na bliana 2023, chuaigh an Coimisiún i mbun caidrimh leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an Roinn), de bhun iarraidh comhairliúcháin réamhreachtaigh faoi Airteagal 36(4) RGCS maidir leis an mBille beartaithe um Pleanáil agus Forbairt, 2022.

Príomhghné den Bhille sin ba ea an oibleagáid a d'fhorchuirfí leis ar údaráis phleanála faisnéis a bhaineann le hiarratais

phleanála a gcuimseofaí sonraí pearsanta iontu a fhoilsiú nó a chur ar fáil lena hiniúchadh. Thiocfadh na sonraí sin as aighneachtaí a gheobhadh na hÚdaráis Phleanála i gcomhthéacsanna éagsúla, e.g., iarratais phleanála, agóidí, aighneachtaí maidir le pleananna forbartha, etc.

Cé go n-aithníonn an Coimisiún a thábhachtaí atá sé go gcinnteofaí trédhearcacht sa phróiseas pleanála, tá sé chomh tábhachtach céanna a chinntiú nach bhfoilseodh údaráis phleanála ach faisnéis a bhfuil géarghá léi chun an cuspóir sin a sheachaint agus go seachnófaí cás ina bhfoilseofaí méideanna sonraí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith ollmhór ar shuíomhanna Gréasáin údarás pleanála de thaisme.

Mhol an Coimisiún go gcuirfí in iúl d'údaráis phleanála ar bhealach níos soiléire sa Bhille cé na sonraí pearsanta ba cheart a fhoilsiú. D'fhéadfaí an tsoiléire mhéadaithe sin a sholáthar freisin trí bhíthin Rialachán agus trí fhorbairt a dhéanamh ar bheartas comhordaithe, nó ar Chód Cleachtais coiteann, a bheadh le leanúint ag gach ceann de na hÚdaráis Phleanála.

Maidir leis an gcuspóir leasa phoiblí atá i gceist le próiseas pleanála atá soiléir agus trédhearcach a chinntiú, tuigeann an Coimisiún é agus tacaíonn sé leis. Ina theannta sin, cabhróidh na haighneachtaí uainn ar an mBille leis an Roinn an sprioc sin a bhaint amach, agus cearta príobháideachta gach ábhair sonraí á n-urramú agus á seasamh ag an am céanna.

## Údarás Eitlíochta na hÉireann

Sa bhliain 2023, chuaigh an Coimisiún i mbun caidrimh le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann (IAA), ag teacht sna sála ar ábhair imní a tharraing duine aonair príobháideach anuas. Ceanglaíodh ar an duine aonair sin a aerárthach a chlárú le IAA, agus bhí imní air faoin méid faisnéise a cuimsíodh i gclár úinéirí aerárthaigh IAA, rud a gcuireann IAA é ar fáil don phobal ar a shuíomh Gréasáin.

Ceanglaítear ar IAA clár de gach úinéir aerárthaigh in Éirinn a chothabháil agus a chur ar fáil lena iniúchadh, agus ceanglaítear ar úinéirí aerárthaigh a n-ainm agus a seoladh a thabhairt nuair atá siad ag clárú lena aghaidh. Cé gur chuir an Coimisiún in iúl nár cheistigh sé an gá leis na sonraí pearsanta i gceist a bhailiú, chuir sé in iúl gurbh é a bhí san ábhar imní ná go raibh an chuma air go ndeachaigh foilsiú an chláir, gan aon teorainneacha, ar shuíomh Gréasáin IAA thar an méid a ceanglaíodh go sonrach leis an reachtaíocht. Thug an Coimisiún faoi deara freisin gurbh é an toradh a bhí ar an bpróiseáil sin ná go raibh an pobal in ann ainm agus seoladh úinéirí príobháideacha aerárthaigh a chuardach ar innill chuardaigh, rud ba shárú suntasach ar a bpríobháideacht. Mhol an Coimisiún do IAA athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanas agus comhréireacht fhoilsiú an chláir ar an mbealach sin, agus aird ar leith á tabhairt ar na rioscaí féideartha a bheadh ann d'ábhair sonraí.

Ag teacht sna sála ar idirghabháil an Choimisiúin, d'aontaigh IAA leis an gclár a leasú chun ainm agus seoladh cónaithe daoine aonair príobháideacha a cheilt. Ba dheimhin leis an gCoimisiún gur mar gheall ar an athrú sin a seasadh leis na cearta príobháideachta atá ag ábhair sonraí ar bhealach níos cuí, agus IAA á chumasú a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh ag an am céanna. Leagtar béim sa chaidreamh sin ar a thábhachtaí atá sé go gcothromódh comhlachtaí poiblí leas dlisteanach an phobail i dtrédhearcacht sa soláthar seirbhísí poiblí, amhail ceadúnú nó clárú, agus na cearta atá ag daoine aonair maidir lena sonraí pearsanta. Léirítear ann freisin gur féidir toradh dearfach do dhaoine aonair a bhaint amach trí chaidreamh maoirseachta tráthúil idir an Coimisiún agus eagraíocht agus trí bhearta a chur chun feidhme ina dhiaidh sin chun feabhas a chur ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí cosanta sonraí.

## TCI

Tháinig méadú suntasach in 2023 ar líon na bhfiosrúchán a fuarthas maidir le húsáid TCI i gceantair ina bhfuil ionchas níos airde maidir le príobháideacht. Mar thoradh air sin, d'fhoilsigh an CCS nuashonrú mionsonraithe ar a threoir TCI chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo agus ar ár n-ionchais maidir le húsáid TCI sna réimsí sin. Ina theannta sin, i mí na Nollag, scríobh an CCS chuig roinnt comhlachtaí ionadaíocha earnála chun iad a chur ar an eolas faoi na forbairtí seo agus chun iarraidh orthu an treoir a scaipeadh ar a gcuid ball. Is féidir cóip den Treoir maidir le TCIanna do Rialaitheoirí Sonraí a fháil ar shuíomh Gréasáin an CCS, agus áirítear ann rannán ar leith ar 'Úsáid TCI i réimsí ina bhfuiltear ag súil le príobháideacht níos mó'.



## Cás-Staidéar: Úsáid TCI i seomra scíthe bialainne

Úsáid a bhaint as TCI i leithreas bialainne.

Chuaigh an CCS i dteagmháil le (Aarval Limited, rialaitheoir sonraí a fheidhmíonn dhá shaincheadúnas McDonald's i Luimneach) tar éis imní a d'ardaigh custaiméirí faoi úsáid TCI ina seomraí scíthe. Ba spéis leis an CCS go háirithe an bunús dleathach a bhain le próiseáil na sonraí pearsanta a fháil amach agus go ndearnadh an phróiseáil go dleathach, go cothrom agus go trédhearcach. Chuaigh an CCS i dteagmháil freisin leis an máistir-saincheadúnaí, McDonald's Ireland Limited, a d'fhéadfadh, cé nach é an rialtóir sonraí é, treoir agus cúnamh a thairiscint do shaincheadaithe sa réimse seo trí ghníomhú mar idirchaidreamh idir an CCS agus rialtóirí sonraí.

Faoi Airteagal 6 RGCS, ní mór do rialaitheoir sonraí bunús dleathach a bheith aige le sonraí pearsanta a phróiseáil. Ceann de na bunúis dhleathacha a bhféadfaidh rialaitheoir sonraí brath orthu is ea go bhfuil an phróiseáil riachtanach chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir sonraí (arbh é an bunús dleathach a d'fhéach an rialaitheoir/an bhialann le brath air sa chás seo é). Mhaígh an bhialann go raibh sí ag brath ar leas dlisteanach gnó in iompraíocht fhrithshóisialta a chosc agus sa riosca go sciorrfadh daoine, go dtuisleodh siad nó go dtitfeadh siad a laghdú. D'fhéadfadh leasanna dlisteanacha den sórt sin a bheith ina mbunús dleathach le sonraí pearsanta a phróiseáil, ar choinníoll go gcothromaítear leasanna an rialaitheora sonraí le leasanna na ndaoine aonair a bhfuil a sonraí pearsanta á bpróiseáil agus nach bhfuil sáraíocht ag leasanna na ndaoine aonair sin ar leasanna an rialaitheora sonraí. I gcás go mbeidh sé ag brath ar leasanna dlisteanacha mar bhunús dleathach le húsáid a bhaint as TCI, ba cheart don rialaitheoir sonraí a bheith in ann a thaispeáint go bhfuil sé lena leas dáiríre déanamh amhlaidh, go bhfuil sé riachtanach chun a chríoch(a) sainaitheanta a bhaint amach, agus nach mbeidh tionchar díréireach aige ar na daoine aonair a bpróiseálfar a sonraí pearsanta. Baineann tábhacht ar leith leis sin i limistéir amhail leithris, áit a bhfuil ionchas níos airde ag daoine aonair go n-urramófaí a bpríobháideacht ann. Measann an Coimisiún gur ar an leibhéal is airde is féidir a bheidh an tairseach atá le sroicheadh in aon mheasúnú den sórt sin lena mbaineann úsáid a bhaint as TCI i leithris.

Sa chás seo, d'iarr an Coimisiún cóip de na measúnuithe a rinne an bhialann lenar bunaíodh an riachtanas agus an chomhréireacht a bhain le TCI a chur i leithreas poiblí. Chomh maith leis sin, d'iarr an Coimisiún fianaise dhoiciméadach ar iompraíocht fhrithshóisialta mhinic i riocht teagmhas a tuairiscíodh don Gharda Síochána. Ní raibh an bhialann in ann measúnuithe cuimsitheacha ná fianaise ar iompraíocht fhrithshóisialta a sholáthar. Níor dheimhin leis an gCoimisiún gur chuí a bhí suíomh na gceamaraí sa limistéar ach oiread. Ar an iomlán, chinn an Coimisiún nár chuir an rialaitheoir sonraí bearta leordhóthanacha ná coimircí leordhóthanacha chun feidhme chun gníomhú in aghaidh an riosca a bhaineann le próiseáil a dhéanamh i limistéar chomh príobháideach sin agus nár thaispeáin an bhialann go leordhóthanach go raibh an phróiseáil riachtanach nó go raibh sáraíocht ag a leas in iompraíocht fhrithshóisialta fhéideartha a chosc agus/nó sa riosca go sciorrfadh daoine, go dtuisleodh siad nó go dtitfeadh siad a laghdú ar leasanna na bpátrún a bhain úsáid as na saoráidí.

Ag teacht sna sála ar an gCoimisiún a bheith i mbun caidrimh leis an mbialann agus le foireann príobháideachta an mháistir-shaincheadúnóra, **tugadh ordú don bhialann na ceamaraí a chur as agus na píosaí scannáin ar fad a bhí stóráilte a scriosadh go slán go dtí go mbeadh measúnú cuimsitheach (ina dtaispeánfaí údar leis an TCI) curtha i gcrích**. Dheimhnigh an McDonald's freisin gur iarr sé ar na saincheadúnaithe uile scor láithreach bonn d'úsáid a bhaint as TCI sna limistéir sin agus aon sonraí pearsanta a fuarthas ón TCI a scriosadh go dtí go mbeadh siad in an**n údar a thabhairt le húsáid a bhaint as TCI i limistéir leithris**. Fáiltíonn an CCS roimh an rannpháirtíocht dhearfach a léirigh McDonald's a ghlac páirt iomlán sa cheist agus a thug aghaidh ar imní príobháideachta a chuid custaiméirí.

### An Príomhthátal atá le Baint:

- Molann an CCS go láidir do gach rialaitheoir sonraí eolas a chur ar ár dtreoir ar TCI: Treoir maidir le TCIanna do Rialaitheoirí Sonraí trí mhír shonrach a chur san áireamh ar 'Úsáid TCI i réimsí ina bhfuiltear ag súil le príobháideachas.

## Custaiméirí Soghonta

Gealltar i Straitéis Rialála an Choimisiúin 2022-2027 go dtabharfar tús áite do chosaint leanaí agus do chosaint grúpaí soghonta eile. Mar chuid den sprioc straitéiseach sin, bhí an Coimisiún i mbun caidrimh le roinnt foras airgeadais agus comhlachtaí ionadaíocha ar fud na bliana 2023 maidir leis an ábhar imní go bhfuil RGCS agus an dlí cosanta sonraí á n-úsáid mar bhacainn le seirbhísí a rochtain. D'fhreastail an Coimisiún ar chruinniú comhchéime i mí Dheireadh Fómhair 2023 ar ar fhreastail ionadaithe ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), ón mBanc Ceannais, ó Chónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí Éireann (BPFI), ón gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) agus ó eagraíochtaí tathanta, mar aon le saineolaithe ábhair ar ábhair imní den sórt sin.

Ábhar imní coitianta a cuireadh in iúl don Choimisiún is ea na deacrachtaí a bhíonn ag daoine den phobal bodhair nó faoi allaíre agus iad ag lorg cabhair ó ateangaire tríú páirtí chun teagmháil a dhéanamh le soláthraí seirbhíse i gcás go bhfuil cosaint sonraí á húsáid mar bhacainn le húsáid den sórt sin. D'fhoilsigh an Coimisiún treoir sa réimse seo roimhe seo á rá gurb amhlaidh de ghnáth nach gcuirtear aon chosc ar eagraíochtaí leis an dlí cosanta sonraí déileáil le duine éigin atá ag déanamh ionadaíocht don sealbhóir cuntais a luaithe atá bearta réasúnacha comhréireacha déanta acu chun a chinntiú go bhfuil siad ag cloí lena n-oibleagáidí slándála agus rúndachta.

Leanfaidh an Coimisiún de thús áite a thabhairt don obair sin ar fud na bliana 2024 agus glacfaidh sé páirt i meitheal traschomhlachta atá bunaithe ag FSS ar réimsí imní den sórt sin.

## Google Bard - Intleacht Shaorga

Ag deireadh mhí na Bealtaine 2023, chuir Google in iúl don Choimisiún go mbeadh sé ag eisiúint Google Bard (an tseirbhís thurgnamhach chomhráiteach Éirime Saorga uaidh) san Aontas Eorpach faoi lár mhí an Mheithimh. Tar éis dó an doiciméadacht a soláthraíodh a athbhreithniú, chuir an Coimisiún in iúl go raibh roinnt barúlacha aige maidir le fairsinge na meastóireachtaí a sheol Google agus maidir leis an easpa faisnéise a bhí ann sa doiciméadacht a soláthraíodh.

Ag teacht sna sála ar dhul i gcomhairle leis an gCoimisiún, mhoilligh Google an scaoileadh chun an t-aiseolas tosaigh agus na moltaí tosaigh ón gCoimisiún a chur chun feidhme. Le linn dó déanamh amhlaidh, rinne Google roinnt athruithe maidir le trédhearcacht d'úsáideoirí roimh an seoladh. Áiríodh leo sin:

- Nochtaí comhthéacsúla laistigh den táirge;
- Nuashonruithe ar Fhógra Príobháideachta Google Bard ar a leathanach Gréasáin;
- Fógra rabhaidh níos feiceálaí; agus
- Tuilleadh inneachair oideachasúil maidir le Google Bard agus leis an teicneolaíocht.

Ghabh Google air féin freisin tuilleadh athbhreithnithe a dhéanamh ar mheasúnuithe riosca, doiciméadacht nuashonraithe a sholáthar, agus an Coimisiún a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le comhlíonadh RGCS a chinntiú i ndáil le Google Bard.

Mar thoradh air sin, mhol an Coimisiún roinnt athruithe eile ar Google Bard maidir leis an bhfaisnéis a thugtar d'úsáideoirí agus maidir le tréimhsí coinneála le haghaidh faisnéis phearsanta. I bhfianaise úrnuacht na teicneolaíochta sin, tá sé faoi Google a chinntiú gurb inrochtana, soiléir agus sothuigthe a bheidh an fhaisnéis maidir le sonraí pearsanta úsáideoirí. Tá an Coimisiún ag leanúint de mheasúnú mionsonraithe a dhéanamh ar an doiciméadacht chuimsitheach éabhlóideach ar Google Bard agus, mar atá amhlaidh i gcás feidhmchláir eile Éirime Saorga, déanfaidh sé dlúthfhaireachán ar fhorbairtí sa bhliain 2024. De bhreis air sin, tá an Coimisiún ag baint leas as fóraim atá ann cheana agus a n-óstálann EDPB iad (amhail an Tascfhórsa um ChatGPT, agus an Foghrúpa Saineolaithe Teicneolaíochta) chun faisnéis a mhalartú agus chun bonn eolais a chur faoin bplé ar phróiseáil Éirime Saorga agus Éirime Saorga Giniúnaí d'fhonn comhdhearcadh a bhunú i measc a bhall maidir le comhlíonadh agus leis an dea-chleachtas faoi RGCS. Leanfaidh an Coimisiún d'obair i ndlúthchomhar lenár gcomhghleacaithe Aontais Eorpaigh isteach sa bhliain 2024 chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

## Clibeáil Instagram

I mí na Samhna 2022, chuaigh an Coimisiún i mbun caidrimh le Meta maidir le clibeáil ar Instagram. Is é is clibeáil ann ná an próiseas trína dtugann úsáideoir Instagram amháin arb é cruthaitheoir bunaidh aon phostála nó aon ríle é fógra d'úsáideoir eile i dtaobh an inneachair shonraigh atá cruthaithe aige.  I mí Feabhra 2023, scríobh an Coimisiún chuig Meta maidir lena bheartas clibeála agus leag sé béim ar roinnt réimsí ar cheart tuilleadh breithnithe a dhéanamh orthu.

Bhain réimse amháin den sórt sin leis an bhfógra a taispeánadh i gcás go raibh úsáideoirí a bhí faoi bhun 18 mbliana d'aois agus a raibh a gcuntais socraithe mar chuntais phríobháideacha de réir réamhshocraithe ag iarraidh cuntas poiblí nach leanann siad a chlibeáil. Sonraíodh an méid seo a leanas san fhógra sin: "Account couldn't be tagged. Make your account public to tag others who don't follow you". Cuimsíodh san fhógra sin freisin cnaipe "Go to settings" lenar tugadh an t-úsáideoir chuig roghchlár óna raibh siad in ann a gcuntas a athrú óna chuntas príobháideach ina chuntas poiblí. Thug an Coimisiún faoi deara go raibh an chuma air nár tugadh leis an bhfógra sin aon rabhadh d'úsáideoirí a bhí faoi bhun 18 mbliana d'aois faoi na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann dá ndéanfaí an t-athrú sin agus nár atreoraíodh na húsáideoirí sin chuig aon alt Ceisteanna Coitianta nó aon alt ón Ionad Cabhrach leis ach oiread.

I mí Mheán Fómhair 2023, dheimhnigh Meta don Choimisiún gur ghlac sé leis an aiseolas ón gCoimisiún agus go raibh sé ag déanamh athruithe ar fhógraí d'úsáideoirí. Nuashonraíodh an fógra mar a leanas: "Account couldn't be tagged. Your account is private, so you can tag only your followers. You can manage your privacy in Settings". Ina theannta sin, cuireadh cnaipe "Learn more" in ionad an chnaipe "Go to settings". Leis an gcnaipe nua, tugtar úsáideoirí chuig alt ón Ionad Cabhrach mar ar féidir leo tuilleadh faisnéise a fháil fúthu seo a leanas: (1) conas is féidir le húsáideoirí a gcuntas úsáideora a dhéanamh ina chuntas príobháideach am ar bith; (2) na difríochtaí idir cuntais phríobháideacha agus cuntais phoiblí; (3) conas is féidir le húsáideoirí príobháideacht a bhainistiú ar Instagram; agus (4) faisnéis do thuismitheoirí faoi 'cé a fhéadfaidh postálacha mo dhéagóra ar Instagram a fheiceáil'.

## Microsoft 10 (Windows)

I mí Lúnasa 2023, chuir an Coimisiún athbhreithniú ardleibhéil ar Ráiteas Príobháideachta Microsoft Windows 10 i gcrích. Rinneadh an t-athbhreithniú sin chun tuiscint a ghnóthú ar mhéid na faisnéise príobháideachta atá á cur i láthair do dhaoine aonair san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Rinne an Coimisiún cleachtadh fairsing mapála inar leagadh béim ar lear ciseal agus nasc laistigh den Ráiteas Príobháideachta nár bhain leis an bpríobháideacht i ngach cás agus, i gcásanna áirithe, a bhí ina naisc chiorclacha lenar tugadh an duine aonair ar ais chuig príomh-Ráiteas Príobháideachta Microsoft.

Rinne an Coimisiún caidreamh le Microsoft, agus aiseolas agus a bharúlacha á dtabhairt ar aon dul le hoibleagáidí trédhearcachta faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

I mí na Samhna 2023, chuir Microsoft in iúl don Choimisiún go bhfuil sé beartaithe aige athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar a Ráiteas Príobháideachta agus go bhfuil sé tiomanta d'aon athruithe riachtanacha a dhéanamh chun go mbeidh sé ag teacht lena spriocanna trédhearcachta agus soiléire. Leanfar den chaidreamh sin le Microsoft isteach sa bhliain 2024.



**Catherine Pierse, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, i mbun aitheasc a thabhairt d'fhoireann an Choimisiúin. Feabhra 2023.**

## Spéaclaí Cliste RayBan Meta

Sa bhliain 2021, bhí an Coimisiún i mbun caidrimh le Meta maidir lena tháirge Spéaclaí Cliste a táirgeadh i gcomhar le RayBan. Leis na Spéaclaí Cliste, bheifí in ann íomhánna agus físeáin a ghabháil, glaonna a thaifeadadh agus cúntóir gutha a úsáid. Ag teacht sna sála ar chaidreamh fairsing, ar lena linn a sholáthair an Coimisiún aiseolas, d'fhógair Meta leagan nua de na Spéaclaí Cliste sa bhliain 2023. Ag teacht sna sála ar ábhair imní ar tharraing an Coimisiún anuas iad, rinne Meta athruithe ar an dearadh chun bearta deartha príobháideachta a mhéadú agus chun oibríocht na Spéaclaí Cliste a dhéanamh níos soiléire ó thaobh a cineáil de. Ina measc sin:

- Méadaíodh (faoi níos mó ná a dhá hoiread) méid fhisiciúil an LED príobháideachta amach
- cuireadh patrún caochta leis
- tugadh rialuithe breise isteach chun a chinntiú nach dtosófaí taifeadtaí de thaisme
- tugadh bearta príobháideachta breise isteach chun cur isteach nó úsáid ag daoine neamhúdaraithe a chosc

Rinneadh na hathruithe sin chun modh níos éifeachtaí a chinntiú le haghaidh fógra a thabhairt do dhaoine aonair agus chun an riosca go ngabhfaí meáin ar bhealach neamhfheiceálach a íoslaghdú chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní ar tharraing an Coimisiún anuas iad.

## Na beartais agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm ag cuideachtaí teicneolaíochta maidir le caidreamh le hÚdaráis Forfheidhmithe Dlí

Faoi Airteagal 57 RGCS, tá dualgas ar an gCoimisiún faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm RGCS agus an fheasacht atá ag rialaitheoirí sonraí agus ag próiseálaithe ar na hoibleagáidí atá orthu faoi RGCS a chur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, rinne an Coimisiún teagmháil le roinnt eagraíochtaí teicneolaíochta maidir le conas a chomhroinneann siad sonraí pearsanta le húdaráis forfheidhmithe dlí agus d'iarr sé mionsonraí faoi na próisis agus na beartais atá i bhfeidhm acu le linn dóibh déanamh amhlaidh.

Scrúdaigh an Coimisiún saincheisteanna amhail an próiseas a mbaineann rialaitheoirí úsáid as chun iarrataí ó údaráis forfheidhmithe dlí ar shonraí úsáideoirí a fhíordheimhniú, chun bailíocht na n-iarrataí éigeandála ar shonraí úsáideoirí a chinneadh agus chun prionsabal an íoslaghdaithe sonraí a urramú le linn dóibh freagairt d'iarrataí ar shonraí úsáideoirí, mar aon leis an treoir inmheánach agus/nó na sreafaí oibre inmheánacha atá ar fáil do bhaill foirne a phróiseálann iarrataí den sórt sin.

Ag teacht sna sála ar an athbhreithniú sin, scríobh an Coimisiún chuig gach rialaitheoir chun aiseolas a thabhairt. Cé go raibh beartais agus nósanna imeachta a bhí láidir agus meáite i bhfeidhm ag a lán rialaitheoirí, bhí roinnt rialaitheoirí in ann feabhsú ina thaobh sin. I gcás na rialaitheoirí sin nár measadh a mbeartais a bheith sách forbartha, tugadh moltaí faoi thuilleadh gníomhaíochta a d'fhéadfadh siad a dhéanamh ina leith sin. Áiríodh leo sin mionsonraí faoi chleachtais úsáideacha a chabhródh le deireadh a chur le haon bhearnaí ó thaobh cosaint sonraí de.

I gcás na n-eagraíochtaí sin, inar shainaithin an CCS go bhfuil gá le feabhsú, beifear ag súil go bhfillfidh siad ar an CCS le linn 2024 le haiseolas mionsonraithe ar an gcaoi ar thug siad aghaidh ar na moltaí.



# Cearta Cosanta Sonraí Leanaí

## Foireann Uirlisí Cosanta Sonraí do Scoileanna

Le linn a ghníomhaíochtaí maoirseachta agus caidrimh sa bhliain 2023, shainaithin an Coimisiún roinnt réimsí a raibh an chuma air go raibh scoileanna, mar earnáil, ag streachailt leo ó thaobh comhlíonadh cosanta sonraí de. Gealltar i Straitéis Rialála an Choimisiúin 2022-2027 go dtabharfar tús áite do chosaint leanaí agus do chosaint grúpaí soghonta eile. Mar chuid den sprioc straitéiseach sin, chuir an Coimisiún tús sa bhliain 2023 le próiseas um chaidreamh le geallsealbhóirí chun na hábhair imní cosanta sonraí a thagann chun cinn i gcomhthéacs scoileanna a phlé. Bhuail an Coimisiún le roinnt comhlachtaí agus eagraíochtaí san earnáil oideachais chun léargas soiléir a ghnóthú ar na réimsí sonracha a measann an earnáil gur cheart aird ar leith a thabhairt orthu ó thaobh treorach de. I measc na gcomhlachtaí agus na n-eagraíochtaí sin bhí an Comhbhord Bainistíochta (JMB), an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (LCETB).

I measc na dtopaicí imní ar tharraing geallsealbhóirí iad anuas bhí saincheisteanna amhail iarrataí ar rochtain d'ábhair sonraí a bhainistiú, feidhmiú na gceart atá ag leanaí agus ról na dtuismitheoirí, agus comhroinnt sonraí le comhlachtaí eile.

De bhun an chaidrimh sin, chuir an Coimisiún tús le hacmhainn nua "Foireann Uirlisí Cosanta Sonraí do Scoileanna" a dhréachtú. Áirítear léi doiciméad treorach mionsonraithe, teimpléad samplach le haghaidh Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí, seicliosta le haghaidh freagra a thabhairt ar iarrataí ar rochtain d'ábhair sonraí, leideanna ar na nithe ba cheart a chur ar áireamh i mbeartas príobháideachta, agus rannán "Ceisteanna Coitianta", a bhfuil gach ceann díobh saincheaptha do riachtanais na scoileanna mar rialaitheoirí sonraí. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an acmhainn sin a fhoilsiú sna míonna tosaigh den bhliain 2024 agus tá súil aige go mbeidh sí ina cabhair bhreise do scoileanna agus don mhórearnáil oideachais agus iad ag iarraidh a n-oibleagáidí cosanta sonraí a chomhlíonadh.

Cás-Staidéar Sonraí Leanaí:

## Cás-Staidéar: Eagraíocht Spóirt agus Postáil Íomhánna de Leanaí

Rinne tuismitheoir le leanbh óg teagmháil leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí toisc go raibh imní air go bpostálfadh eagraíocht spóirt grianghraif dá leanbh ar na meáin shóisialta. Ar a leanbh a rollú leis an eagraíocht dó, cuireadh in iúl don duine aonair go raibh sé ag comhaontú le cead a thabhairt don eagraíocht grianghraif nó físeáin de ghníomhaíochtaí, a bhféadfadh go mbeadh a leanbh le feiceáil iontu, a úsáid in ábhar cur chun cinn ar a suíomh Gréasáin nó ar ardáin meán sóisialta a úsáideann an eagraíocht chun críocha cur chun cinn.

Ar leithligh uaidh sin, rinne an eagraíocht chéanna teagmháil leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí chun ceist a chur faoin ní céanna. Mhínigh an eagraíocht nach raibh i bhfeidhm aici na bearta teicniúla cuí chun sásra um rogha gan a bheith páirteach a bhainistiú do na daoine sin nár mhaith leo go bhfoilseofaí grianghraif dá leanbh.

Ós rud é gur bhain na saincheisteanna a tarraingíodh anuas le postáil phoiblí íomhánna de leanaí, mheas an Coimisiún um Chosaint Sonraí go raibh an ní sin chomh tromchúiseach sin gurbh fhiú dá Aonad Idirghabhála Dírí scrúdú a dhéanamh air.

Rinne an Coimisiún um Chosaint Sonraí teagmháil leis an eagraíocht spóirt agus chuir sé lear ceisteanna uirthi, amhail ceist faoin mbunús dleathach le próiseáil den sórt sin atá aici faoi Airteagal 6 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Chomh maith leis sin, sholáthair sé tuilleadh faisnéise faoi na coinníollacha toilithe faoi Airteagal 7. Rinne an eagraíocht spóirt caidreamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ar bhealach gníomhach toilteanach, d'admhaigh sí gur leis an ngearán a leagadh béim ar na heasnaimh atá ann ina próisis cosanta sonraí agus ghabh sí uirthi féin a cuid cleachtas agus nósanna imeachta a nuashonrú. Chomh maith leis sin, bhain an eagraíocht na híomhánna uile de leanaí in-sainaitheanta dá suíomh Gréasáin agus dheimhnigh sí nach bhfoilseodh sí íomhánna de leanaí sa todhchaí ach tar éis toiliú a fháil ó chaomhnóir dlíthiúil an linbh.

### An Príomhthátal atá le Baint:

- Ní mór bunús dleathach an-sonrach faoi Airteagal 6 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a bheith ag íomhánna de leanaí a fhoilsiú agus ní fhéadfar in aon imthosca an toiliú ó chaomhnóir dlíthiúil le foilsiú den sórt sin a mheascadh isteach in aon toiliú eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón eagraíocht chun aon chríoch eile.

## Treoir Pholasaí Leanaí

**Treoir a fhoilsiú do thuismitheoirí**

Tosaíocht thábhachtach don Choimisiún is ea sonraí pearsanta leanaí a chosaint, rud atá ar cheann amháin de na cúig sprioc straitéiseacha atá sa Straitéis Rialála 2022-2027 uainn. Sna míonna tosaigh den bhliain 2023, chuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí ceithre threoir ghearra le chéile do thuismitheoirí maidir leis na cearta cosanta sonraí atá ag leanaí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Tá na treoracha sin ceaptha chun cabhrú le tuismitheoirí na cearta atá ag a leanaí a thuiscint agus freagra a thabhairt ar cheisteanna ar féidir leo teacht chun cinn sna gnáthchásanna ina bhfuil feidhm ag na cearta sin.

- **Cearta cosanta sonraí mo linbh – na bunrudaí:** Leagtar amach sa treoir seo roinnt de na saincheisteanna ar féidir leo teacht chun cinn nuair a fhéachann tuismitheoir le cearta cosanta sonraí a fheidhmiú thar ceann a linbh.

- **Sonraí leanaí agus toiliú tuismitheora:** Féachtar sa treoir seo ar an mbrí atá le 'haois an toilithe dhigitigh' agus leagtar amach inti na cásanna inar féidir go mbeidh toiliú tuismitheora ag teastáil le haghaidh sonraí pearsanta a linbh a phróiseáil agus conas is féidir le tuismitheoirí aghaidh a thabhairt ar na cásanna sin.

- **Sonraí mo linbh a chosaint:** Tá an treoir seo ceaptha chun cabhrú le tuismitheoirí tuiscint a ghnóthú ar na cearta atá acu i ndáil le sonraí a leanaí agus tugtar comhairle úsáideach inti maidir le conas is féidir leo cearta a leanaí a chosaint.

- **An bhfuil aon teorainneacha ann ar chearta cosanta sonraí mo linbh?** Leagtar amach sa treoir seo roinnt teorainneacha tábhachtacha ar conas agus cén uair a fhéadfaidh leanaí na cearta cosanta sonraí atá acu a fheidhmiú nó a fhéadfaidh tuismitheoirí na cearta sin a fheidhmiú thar ceann a leanaí. Leagtar amach inti roinnt cásanna coitianta inar féidir leis na teorainneacha sin teacht chun cinn agus moltar inti bealaí inar féidir le tuismitheoirí aghaidh a thabhairt orthu.




**An feachtas #SmaoinighSulabPostálannTú**

I mí Lúnasa 2023, sheol an Coimisiún feachtas **#SmaoinighSulabPostálannTú** ar na meáin shóisialta. Bhí sé mar aidhm leis feasacht a mhúscailt ar na rioscaí atá i gceist le grianghraif d'fhilleadh leanaí ar an scoil a phostáil ar líne. Tugadh leideanna san fheachtas freisin ar conas is féidir le duine faisnéis a leanaí a choinneáil sábháilte, amhail gan an iomarca faisnéise a chomhroinnt, a chinntiú nach bhfuil aon fhaisnéis in-sainaitheanta le feiceáil i gcúlra an ghrianghraif, agus an tábhacht a bhaineann le labhairt le leanaí sula bpostálfaí a ngrianghraif ar líne.




**An feachtas #SmaoinighSulabPostálannTú**

## Imeachtaí seachtracha caidrimh

Chun an lucht tionscail agus an pobal i gcoitinne a choinneáil ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí an Choimisiúin i réimse an bheartais leanaí, labhair baill foirne ón gCoimisiún ag roinnt imeachtaí seachtracha le linn na bliana 2023 freisin. Ina measc sin bhí an Chomhdháil "Bí ar an Eolas faoi do Chearta" a d'óstáil an Comhaontas um Chearta Leanaí agus an "Cruinniú Mullaigh um Fhás Aníos sa Ré Dhigiteach" a d'óstáil Google. Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an Coimisiún podchraoladh ar "5 Bliana den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí – Spotsolas ar Shonraí Leanaí" agus thaifead sé agallamh le haghaidh an phodchraolta "Casting the Net" de chuid Webwise. Is é atá ansin ná sraith fuaime atá faoi stiúir ag an óige agus a n-óstálann déagóirí í chun an t-eolas is gá do dhéagóirí a bheith acu faoin gcosaint sonraí a phlé.

Ina theannta sin, ghlac an Coimisiún páirt i roinnt meithleacha seachtracha atá dírithe ar shaincheisteanna cosanta sonraí leanaí. Ina measc sin bhí Meitheal na hOifige Coimisinéara Faisnéise (ICO) um Dhearbhú Aoise, ar fóram domhanda é inar féidir le húdaráis cosanta sonraí, le rialálaithe sábháilteachta ar líne agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta foghlaim óna n-eispéiris faoi seach i réimse an dearbhaithe aoise. Chomh maith leis sin, tá an Coimisiún ina bhall gníomhach de Mheitheal Oideachais Dhigitigh an Tionóil Dhomhanda Príobháideachta, agus rannchuidigh sé i mbliana le treochlár an ghrúpa don bhliain 2024.

Sna míonna tosaigh den bhliain 2024, ainmníodh an Coimisiún chun ionadaíocht a dhéanamh (i dteannta na Spáinne agus na Fraince) do EDPB ar an Tascfhórsa nuabhunaithe um Fhíorú Aoise faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha. Bhunaigh an Coimisiún Eorpach an tascfhórsa sin chun comhar a chothú le húdaráis náisiúnta Ballstát a bhfuil saineolas acu ar réimse an fhíoraithe aoise chun dea-chleachtais agus caighdeáin a shainaithint. Is é ról EDPB sa ghrúpa sin ná dearcadh cosanta sonraí a sholáthar maidir le nithe a bhaineann le fíorú aoise.

## Caidreamh le comhaltaí reachtúla

Ar fud na bliana 2023, bhí cruinnithe ag an gCoimisiún le roinnt comhlachtaí reachtúla chun plé a dhéanamh ar fhorbairtí i réimse na saincheisteanna cosanta sonraí leanaí. I measc na gcomhlachtaí sin bhí an Coimisiún Feidearálach Trádála i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Coimisiún na Meán in Éirinn. Mar chuid dá chaidreamh le Coimisiún na Meán, chuir an Coimisiún freagra isteach ar an nGlao le haghaidh Ionchur a d'eisigh Coimisiún na Meán ar an gcéad Chód um Shábháilteacht ar Líne de chuid na hÉireann riamh atá ina cheangal dlí. Díríodh san aighneacht ón gCoimisiún ar réimse an dearbhaithe aoise agus ar réimse na sábháilteachta trí dhearadh. Chomh maith leis sin, bhí cruinnithe ag an gCoimisiún le CNIL agus le ICO, a chontrapháirtithe sa Fhrainc agus sa Ríocht Aontaithe faoi seach, ar fud na bliana 2023 chun tuairimí a mhalartú agus chun plé a dhéanamh ar na forbairtí is déanaí in obair an dá údarás cosanta sonraí ar chearta cosanta sonraí leanaí.

Bhuail an Coimisiún leis an gCoimisiún Eorpach freisin chun plé a dhéanamh ar an gCód Iompair atá le teacht ón Aontas Eorpach maidir le dearadh atá oiriúnach d'aois, rud ar príomhghníomh é faoin straitéis um Idirlíon Níos Fearr do Leanaí (BIK+). Leis an gCód, cuirfear leis an gcreat rialála a thugtar sa Ghníomh um Margaí Digiteacha agus beidh sé ar aon dul leis an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ón Aontas Eorpach.

## Cóid Iompair



Bhí an Coimisiún i mbun caidrimh le Teicneolaíocht Éireann ar fud na bliana 2023 maidir leis an doiciméad uaidh dar teideal "European Youth Online Data Protection Code of Conduct". Ábhar spreagtha taobh thiar den Chód sin ba ea foilsiú an doiciméid ón gCoimisiún dar teideal "Bunphrionsabail le haghaidh Cur Chuige a Dhíríonn ar Leanaí maidir le Próiseáil Sonraí" agus díreofar ann ar thopaicí áirithe de RGCS a meastar go mbaineann tábhacht ar leith leo chun caighdeáin cosanta níos airde a bhrú chun cinn le haghaidh sonraí pearsanta leanaí ar líne. Leanfaidh an Coimisiún dá chaidreamh le Teicneolaíocht Éireann ar an gCód sin isteach sa bhliain 2024 ar aon dul leis an oibleagáid atá orainn tarraingt suas cód iompair a spreagadh i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta leanaí, de réir alt 32 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

## Treoir ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) maidir le sonraí pearsanta

Tá an Coimisiún ag leanúint dá ról mar chomhrapóirtéir i dtreoir maidir le saincheisteanna cosanta sonraí leanaí a ullmhú ar leibhéal EDPB, ag obair dó i gcomhar le foireann comhrapóirtéirí ón nGearmáin, ón bhFrainc, ón nGréig agus ón Danmhairg. Tá áthas ar an gCoimisiún a bheith ag glacadh páirt i bpíosa oibre chomh tábhachtach sin a bhfuil mar aidhm leis comhchuibhiú a dhéanamh ar an gcur chuige atá le glacadh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh i leith réimse ríthábhachtach na próiseála sonraí leanaí.

Tá an CCS ag cur le hobair shuntasach freisin ar cheist chasta an fhíoraithe aoise sa timpeallacht dhigiteach.




# Oifigigh Cosanta Sonraí

Cuid lárnach den sprioc straitéiseach atá ag an gCoimisiún tacú le heagraíochtaí agus comhlíonadh a bhrú chun cinn is ea obair i gcomhar le hOifigigh Chosanta Sonraí chun an t-eolas atá ann ar a ról, agus tionchar an róil sin, a mhéadú. Imríonn Oifigigh Chosanta Sonraí ról tábhachtach maidir le comhlíonadh cosanta sonraí a bhaint amach do na heagraíochtaí ina bhfuil siad ainmnithe, lena n-áirítear trí chomhairle a thabhairt ar mheasúnuithe tionchair ar chosaint sonraí, agus trí fhaireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus éifeachtúlacht beartas cosanta sonraí. Mar phointe teagmhála don Choimisiún laistigh dá n-eagraíocht, tá Oifigigh Chosanta Sonraí ina ngrúpa tábhachtach geallsealbhóirí, agus tá rún daingean ag an gCoimisiún tacú leo (agus le hoibrithe neamhainmnithe cosanta sonraí) a ról a dhéanamh níos éifeachtaí.

Mar chuid de na ceanglais atá in RGCS, ní mór fógra a thabhairt don Choimisiún i gcás go ndéanfaidh eagraíocht Oifigeach Cosanta Sonraí a ainmniú go foirmiúil. Amhail deireadh na bliana 2023, bhí fógra tugtha don Choimisiún faoi ainmniú 3,520 Oifigeach Cosanta Sonraí, agus iad miondealaithe de réir earnála mar a leanas:

| Fógra a Thabhairt faoi Oifigigh Chosanta Sonraí | |
|---|---|
| An Earnáil Phoiblí | 357 |
| An Earnáil Phríobháideach | 2932 |
| An Earnáil Neamhbhrabúis | 231 |



## Líonraí Oifigeach Cosanta Sonraí

Ó theacht i bhfeidhm RGCS sa bhliain 2018, chruthaigh líonraí Oifigeach Cosanta Sonraí ó earnálacha éagsúla a bheith ina n-acmhainn luachmhar don Choimisiún maidir le caidreamh a dhéanamh leis na hearnálacha sin, agus fóraim á soláthar acu le haghaidh faisnéis a chomhroinnt agus le haghaidh réitigh chomhlíonta a fhorbairt ar bhonn comhoibríoch. Sa bhliain 2023, rinne an Coimisiún caidreamh le roinnt líonraí, lenar áiríodh líonra Oifigeach Cosanta Sonraí na Státseirbhíse, ar grúpa d'Oifigigh Chosanta Sonraí ó gach cuid den earnáil phoiblí é, agus an Líonra Cosanta Sonraí Taighde Sláinte, ar líonra é a thugann le chéile Oifigigh Chosanta Sonraí a oibríonn in ospidéil, i suíomhanna acadúla agus i suíomhanna eile chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a thagann chun cinn i réimse na cosanta sonraí agus an taighde sláinte.

Sna hearnálacha príobháideacha agus leathstáit, rinne an Coimisiún caidreamh le líonra Oifigeach Cosanta Sonraí Chónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí na hÉireann, le líonra Oifigeach Cosanta Sonraí Thionscal Teileachumarsáide Éireann/IBEC, agus le Líonra/Grúpa Oibre Oifigeach Cosanta Sonraí Árachas Éireann. Bíonn an-luach ag baint leis an gcaidreamh sin maidir leis an gCoimisiún a chumasú plé a dhéanamh ar shaincheisteanna cosanta sonraí atá ann faoi láthair agus atá le teacht sna hearnálacha sin.

I mí na Nollag 2023, thug an Coimisiún grúpa Oifigeach Cosanta Sonraí agus curaidh neamhainmnithe chosanta sonraí a oibríonn in eagraíochtaí neamhrialtasacha atá gníomhach san earnáil pobail áitiúil le chéile chun forbairt líonra nua le haghaidh comhroinnt faisnéise agus réiteach fadhbanna a spreagadh. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún borradh a chur faoin obair sin sa bhliain 2024, chun cur leis an dóigh a dtéann sé i bhfeidhm ar earnálacha agus eagraíochtaí ar lú na hacmhainní atá ar fáil dóibh ná iad sin atá ar fáil d'earnálacha agus eagraíochtaí eile i ndáil le comhlíonadh cosanta sonraí a bhainistiú.

## Imeachtaí Oifigeach Cosanta Sonraí

Mar chuid den mhórchlár for-rochtana agus caidrimh atá i bhfeidhm aige, rannchuidigh an Coimisiún le roinnt comhdhálacha agus imeachtaí le haghaidh Oifigigh Chosanta Sonraí agus cleachtóirí príobháideachta. Áiríodh leo sin comhdháil bhliantúil Chumann na nOifigeach Cosanta Sonraí, agus Comhdháil bhliantúil Cosanta Sonraí PDP. I mí Mheán Fómhair 2023, rannchuidigh an Coimisiún le cúrsa nua de chuid an Fhorais Riaracháin – RGCS agus Clár Cosanta Sonraí d'Oifigigh Chosanta Sonraí sa tSeirbhís Phoiblí – a bhfuil mar aidhm leis faisnéis shonrach ábhartha a thabhairt dóibh sin a ghníomhaíonn mar Oifigigh Chosanta Sonraí i gcomhlachtaí poiblí agus i ngníomhaireachtaí ar fud na hÉireann. Glacadh go maith leis an gcéad leagan den chúrsa sin, agus reáchtálfar arís eile sa bhliain 2024 é, agus an Coimisiún páirteach ann an athuair.

## CÁS-STAIDÉAR ar Chreat Forfheidhmithe Chomhordaithe 2023 de chuid EDPB

Ghlac an Coimisiún páirt sa topaic seo a leanas ó Chreat Forfheidhmithe Chomhordaithe 2023: '**Ainmniú agus Staid na nOifigeach Cosanta Sonraí**'. Chinn na baill de EDPB tús áite a thabhairt don topaic sin i bhfianaise na staide atá ag **Oifigigh Cosanta Sonraí** faoi Rialachán (AE) 2016/679 ('**RGCS**') mar idirghabhálaithe idir Údaráis Mhaoirseachta, daoine aonair agus na haonaid ghnó de chuid eagraíochta. Bhí an gníomh sin ag teacht le Straitéis Rialála an Choimisiúin um Chosaint Sonraí 2022-27 chun comhoibriú agus cumarsáid a dhéanamh le húdaráis cosanta sonraí is piaraí ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn agus obair i gcomhar le hOifigigh Cosanta Sonraí chun an t-eolas ar a ról agus tionchar a róil a mhéadú.

Ghlac an Coimisiún páirt sa ghníomh sin mar chleachtadh fionnachtana le hOifigigh Cosanta Sonraí atá bunaithe in Éirinn. Ba iad seo a leanas na haidhmeanna a bhí leis:

- cabhrú le saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a shainaithint;
- eolas, saineolas agus tionchar na nOifigeach Cosanta Sonraí a mheasúnú; agus
- léargas níos doimhne a ghiniúint ar an ról ar leibhéal an Aontais Eorpaigh

Sheol an Coimisiún a rannpháirtíocht sa ghníomh an 15 Márta 2023 trí bhíthin cleachtadh fionnachtana inar iarradh ar 100 Oifigeach Cosanta Sonraí ar fud na n-earnálacha eile in Éirinn, idir an earnáil phríobháideach, an earnáil phoiblí agus an earnáil neamhbhrabúis, páirt a ghlacadh i gceistneoir a raibh na hOifigigh Cosanta Sonraí nó an eagraíocht/an rialaitheoir in ann na ceisteanna inti a fhreagairt.

Tar éis na ceistneoirí comhlánaithe a thiomsú, tháirg an Coimisiún tuarascáil náisiúnta chomhiomlánaithe a cuireadh san áireamh sa mhórthuarascáil ó EDPB.

D'fhionn an Coimisiún trí shaincheist shubstainteacha sa tuarascáil náisiúnta uaidh. Bhain siad leo seo a leanas:

1. Acmhainní an Oifigigh Cosanta Sonraí (Airteagal 38.2 RGCS).
2. Coinbhleachtaí Leasa (Airteagal 38.6 RGCS).
3. Cúraimí an Oifigigh Cosanta Sonraí (Airteagal 39(1)(a go e) RGCS).

Áirítear na nithe seo a leanas le roinnt fionnachtana sa Choimisiún:

- Sna freagraí uathu, chuir thart ar 33% d'fhreagraithe in iúl nach bhfuil acu na hacmhainní is leor chun an ról a chomhlíonadh. Tar éis tuilleadh anailíse a dhéanamh ar na freagraí, aimsíodh gur ón Earnáil Phoiblí agus ón Earnáil Neamhbhrabúis a bhí formhór mór na bhfreagraithe a luaigh nach bhfuil acu acmhainní dóthanacha is leor chun ról an Oifigigh Cosanta Sonraí a chomhlíonadh.
- Chuir thart ar 36% díobh in iúl gur de bhreis ar chúraimí eile, agus ní mar phríomhchúram, a dhéantar cúraimí na n-oifigeach cosanta sonraí. Tugadh faoi deara chuige sin gurbh amhlaidh, maidir le han-chuid de na cúraimí nár bhain le cosaint sonraí, nár chomhlánaigh siad ról an Oifigigh Cosanta Sonraí, amhail Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta, Oifigeach Acmhainní Daonna, Bainisteoir Caidrimh Fostaithe, agus Oifigeach Cumarsáide.
- Chuir thart ar 80% de na hOifigigh Cosanta Sonraí in iúl sna freagraí uathu go bhfuil taithí trí bliana ar a laghad acu ar obair ar na ceanglais cosanta sonraí a chur i bhfeidhm agus a léiriú.

Tá an tuarascáil chomhlánaithe ó EDPB, lena n-áirítear an tuarascáil náisiúnta ón gCoimisiún, ar fáil anseo:

https://edpb.europa.eu/news/news/2024/edpb-identifies-areas-improvement-promote-role-and-recognition-dpos_en

Beidh an Coimisiún ag glacadh páirt i ngníomh Chreat Forfheidhmithe Chomhordaithe na bliana 2024, rud a bhainfidh le cur chun feidhme an chirt rochtana ag rialaitheoirí.



**Seisiún ceisteanna agus freagraí le Tony Delaney, Leas-Choimisinéir, agus le Helen Dixon, an Coimisinéir, ag lá foirne an Choimisiúin.**
**Nollaig 2023.**



# Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

## Comhlachtaí Eorpacha Maoirseachta ar Chosaint Sonraí

In 2023, d'fhreastail an CCS ar gach cruinniú iomlánach míosúil agus ghlac sé páirt ghníomhach ag na cruinnithe sin uile, chomh maith le saineolaithe foghrúpa (os cionn **150** cruinniú san iomlán).

## Comhar le húdaráis mhaoirseachta eile EDPB, 2023

Lean an Coimisiún d'acmhainní suntasacha a infheistiú i ngnáthoibriú laethúil an Ionaid Ilfhreastail ar leibhéil éagsúla agus é ag comhlíonadh a róil mar Phríomhúdarás Maoirseachta, lena n-áirítear cúnamh a iarraidh ar údaráis eile ar raon leathan nithe agus iad a choinneáil ar an eolas faoi shaincheisteanna agus forbairtí a bhaineann le hábhar. Úsáidtear iarrataí Cúnaimh Fhrithpháirtigh Dheonaigh chun mionsonraí i ndáil le gearáin faoin Ionad Ilfhreastail agus le cumarsáidí agus gníomhartha leantacha de bhun gearán a chur in iúl, chun fógra a thabhairt d'údaráis mhaoirseachta faoin dul chun cinn ar chásanna maoirseachta agus fiosrúcháin mhaoirseachta agus chun doiciméid a chomhroinnt. Úsáidtear iarrataí Cúnaimh Fhrithpháirtigh foirmiúla chun faisnéis a iarraidh ar údarás maoirseachta eile nó chun a iarraidh go ndéanfadh údarás maoirseachta gníomhartha áirithe.

Mar chuid den chomhar leanúnach agus den chumarsáid leanúnach atá ar bun idir an Coimisiún agus Údaráis Mhaoirseachta eile an Aontais Eorpaigh/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch, thugamar freagra ar **800** iarraidh dheonach agus fhoirmiúil ó Rialálaithe Eorpacha eile ar chúnamh frithpháirteach.

De bhreis ar chaidreamh le hÚdaráis Mhaoirseachta eile de chuid an Aontais Eorpaigh/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch maidir le gearáin agus le fiosrúcháin, thug an Coimisiún an t-eolas is deireanaí i scríbhinn do na húdaráis eile uile thart ar **100 uair** maidir le seoltaí táirgí nó seirbhísí Idirlín/ardáin meán sóisialta san Aontas Eorpach agus d'iarr sé a n-ionchur maidir le haon ábhair imní cosanta sonraí a shainaithint. Bhí Google Bard agus Meta Threads i measc na samplaí de shaincheisteanna ar tugadh faisnéis d'Údaráis Mhaoirseachta eile de chuid an Aontais Eorpaigh/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch maidir leo agus ar iarradh a n-ionchur ina dtaobh.

Bhí Google Bard agus Meta Threads i measc na samplaí de shaincheisteanna ar tugadh faisnéis d'Údaráis Mhaoirseachta eile de chuid an Aontais Eorpaigh/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch maidir leo agus ar iarradh a n-ionchur ina dtaobh.

Mar aon le caidreamh fairsing a dhéanamh leis na húdaráis mhaoirseachta san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, rinne an Coimisiún caidreamh le húdaráis chosanta sonraí ar fud na cruinne freisin, lenar áiríodh iad seo a leanas:


- Oifig Coimisinéara Faisnéise na Ríochta Aontaithe;
- An Fóram Idirnáisiúnta um Chomhar maidir le Rialáil Dhigiteach;
- Rannpháirtíocht i bhfóram Údaráis Chosanta Sonraí na Breataine, na hÉireann agus na nOileán (BIIDPA);
- Caidreamh déthaobhach le Coimisiún Feidearálach Trádála na Stát Aontaithe;
- An Cheardlann Eorpach Láimhseála Cásanna i mBeirn;
- Comhdháil Earraigh na gCoimisinéirí Cosanta Sonraí san Ungáir; agus
- Tacú le hOllscoil Maastricht seisiúin oiliúna a sholáthar d'údaráis chosanta sonraí.

Sa bhliain 2023, chuir an Coimisiún an méid seo a leanas isteach chuig próiseas comhair Airteagal 60 RGCS:

| Dréachtchinntí | Cinntí Críochnaitheacha | Próiseas Airteagal 65 |
|---|---|---|
| 18 | 12 | 2 |

Mar Údarás Maoirseachta lena mBaineann, d'athbhreithnigh an Coimisiún

- 113 cinn de Dhréachtchinntí Airteagal 60/de Dhréachtchinntí Athbhreithnithe Airteagal 60;
- 15 Chomhairliúchán Neamhfhoirmiúla; agus
- 21 Dréachtchinneadh Sealadach



## Deimhniú Cosanta Sonraí

Réimse atá ag fás don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) agus don Choimisiún sa bhliain 2023 is ea an deimhniú. Tá an Coimisiún ag leanúint d'obair i ndlúthchomhar lenár gcomhghleacaithe Aontais Eorpaigh ar roinnt Scéimeanna Deimhniúcháin. Táimid i mbun dlúthchaidrimh lenár gcomhghleacaithe freisin maidir le nósanna imeachta inmheánacha a fheabhsú agus le tuilleadh treoirlínte do gheallsealbhóirí a fhorbairt.

Is é an Coimisiún an t-údarás maoirseachta ábhartha atá freagrach as critéir cosanta sonraí nó sásraí cosanta sonraí i scéimeanna deimhniúcháin a cheadú. Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) an t-údarás atá freagrach as Comhlachtaí Deimhniúcháin (CBanna) a bhfuil sé beartaithe acu scéimeanna den sórt sin a oibriú a chreidiúnú. Sa bhliain 2023, d'oibríomar ar chomhaontú idirghníomhaireachta idir an Coimisiún agus Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú a thabhairt chun críche ar chreidiúnú scéimeanna deimhniúcháin faoi Airteagail 42 agus 43 RGCS agus sheolamar roinnt cruinnithe táirgiúla chun dul chun cinn a dhéanamh ar an obair sin.

D'fhreastail an Coimisiún ar dhá dhiancheardlann ar an Deimhniú sa bhliain 2023. D'óstáil AEPD ón Spáinn agus CNPD ó Lucsamburg iad faoi seach. D'fhreastail ionadaithe ó údaráis cosanta sonraí ó EDPB ar na ceardlanna sin. Maidir leis an gceardlann a cuireadh ar siúl i Lucsamburg, d'óstáil sí gairmithe deimhniúcháin ó áiteanna ar fud na hEorpa freisin (oifigigh ó INAB ina measc) chun plé a dhéanamh ar scéimeanna deimhniúcháin RGCS a fhorbairt agus ar na dúshláin agus na deiseanna sa todhchaí a bhaineann leo.

De bhreis air sin, cumhdaíodh roinnt réimsí eile sa dá cheardlann. Áiríodh leo sin:

- saincheisteanna a thagann chun cinn nuair atáthar ag úsáid an deimhnithe mar uirlis le haghaidh aistrithe sonraí chuig tíortha lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE);
- na modhanna comhair idir sainghrúpaí EDPB, na comhlachtaí creidiúnúcháin náisiúnta agus geallsealbhóirí seachtracha eile le haghaidh scéimeanna deimhniúcháin RGCS a mheasúnú;
- uirlisí agus modhanna le haghaidh na critéir a mheasúnú;
- Tacar réamhshainithe saincheisteanna a bhaineann le deimhniú agus le comhar agus a tháinig chun cinn i ndáil le hiarratais a rinneadh ar scéimeanna deimhniúcháin atá ann cheana agus a bhí ann san am atá thart.



**Graham Doyle, Leas-Choimisinéir, agus Jess Kelly, tuairisceoir teicneolaíochta NewsTalk, i mbun plé ag lá foirne an Choimisiúin.
Meitheamh 2023.**

## Aistrithe Idirnáisiúnta – Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha

Tá ról ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí in iarratais ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha ó chuideachtaí ilnáisiúnta a mheasúnú agus a cheadú.

Tugadh Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha isteach mar ghealll ar an ngá a bhí ann go nglacfadh eagraíochtaí cur chuige domhanda i leith cosaint sonraí, toisc go raibh a lán eagraíochtaí comhdhéanta de roinnt fochuideachtaí a bhí lonnaithe in áiteanna difriúla ar fud an domhain, agus sonraí á n-aistriú acu ar mhórscála. Tá Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha mar chuid de chód iompair atá ceangailteach ó thaobh dlí, ar cód inmheánach é atá i bhfeidhm laistigh de ghrúpa ilnáisiúnta agus a bhfuil feidhm aige maidir le haistrithe sonraí pearsanta ó eintitis an ghrúpa laistigh de LEE chuig eintitis an ghrúpa lasmuigh de LEE. Cuimsítear i Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha cearta infhorfheidhmithe ábhar sonraí agus ní mór iad a bheith ceadaithe ag an Údarás inniúil Cosanta Sonraí.

Sa bhliain 2023, ba é an Coimisiún an príomhúdarás maoirseachta i ndáil le **22** iarratas ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha ó **14** chuideachta dhifriúla. Ceadaíodh **ceithre** cinn de na hiarratais sin sa bhliain 2023 – Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha Rialaitheora agus Próiseálaí le haghaidh Autodesk Ireland Operation Unlimited agus Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha Rialaitheora agus Próiseálaí le haghaidh Informatica Ireland EMEA UC.

Chomh maith leis sin, thug an Coimisiún cúnamh d'údaráis Eorpacha eile Cosanta Sonraí trí ghníomhú mar chomh-athbhreithnitheoir d'údarás maoirseachta eile ar **chúig** iarratas ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha agus ghníomhaigh sé mar rapóirtéir ar fhoirne dréachtaithe i ndáil le Tuairimí Airteagal 64 ar **thrí** cinn de Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha sa bhliain 2023.

A luaithe a cheadaítear na hiarratais ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha, leanann an Coimisiún de ról suntasach leanúnach formhaoirseachta a bheith aige. Ceanglaítear ar gach sealbhóir Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha an t-eolas is deireanaí a thabhairt ar a Rialacha Ceangailteachta Corparáideacha, rud ar gá athbhreithniú a dhéanamh air. Sa bhliain 2023, bhí an Coimisiún ar an bpríomhúdarás maoirseachta ar **26** cinn de Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha do **18** sealbhóir dhifriúla Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha. Tá liosta de na comhaid cheadaithe Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha sin ar fáil ar ár suíomh Gréasáin.

De bhreis air sin, d'eisigh EDPB **26** thuairim Airteagal 64 san iomlán ar iarratais ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha sa bhliain 2023 agus rinne an Coimisiún gach ceann de na hiarratais sin a athbhreithniú.



**Seisiún ceisteanna agus freagraí le Ultan O'Carroll, Leas-Choimisinéir, agus le Simon McDougall (ón Institiúid Idirnáisiúnta Cumarsáide roimhe seo) ag lá foirne an Choimisiúin. Meitheamh 2023.**

## Post Ataisé an Choimisiúin um Chosaint Sonraí – an Bhruiséil

Bhunaigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí (an Coimisiún) post nua mar Ataisé an Choimisiúin um Chosaint Sonraí sa Bhruiséil sa bhliain 2023. I bhfianaise na taithí atá gnóthaithe aige sna cúig bliana ó tháinig RGCS i bhfeidhm, shainaithin an Coimisiún go bhfuil gá straitéiseach ann le láithreacht lánaimseartha a bheith ag an gCoimisiún sa Bhruiséil.

Is sa Bhruiséil, nó cóngarach don Bhruiséil, atá an-chuid de phríomh-gheallsealbhóirí an Choimisiúin lonnaithe, i bhfianaise stádas uathúil an Choimisiúin mar Phríomhúdarás Maoirseachta san Eoraip do líon mór cuideachtaí teicneolaíochta ilnáisiúnta. Ar na geallsealbhóirí sin tá an Coimisiún Eorpach, an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí, Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, Eagraíochtaí Sochaí Sibhialta agus Rialaitheoirí Sonraí a bhfuil ionadaithe atá lonnaithe sa Bhruiséil acu.

Trí fhreastal ar imeachtaí agus ar chruinnithe, féachann an tAtaisé le treisiú le caidreamh réamhghníomhach an Choimisiúin leis na geallsealbhóirí sin chun a chinntiú go gcuirtear ar an eolas iad go cruinn faoi obair an Choimisiúin. Toradh eile atá ar an gcaidreamh sin is ea gur féidir leis an gCoimisiún aiseolas a fháil ó na grúpaí geallsealbhóirí sin ar bhonn leanúnach.

Taispeántar le post an Ataisé go bhfuil an Coimisiún tiomanta do chaidreamh tairbhiúil a chothú le geallsealbhóirí atá lonnaithe sa Bhruiséil chun go mbeidh sé in ann na freagrachtaí rialála dá chuid atá dírithe ar an Eoraip a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr.



# Cumarsáid, Rialachas Corparáideach agus Acmhainní Daonna

## Cosaint Sonraí a Chur in Iúl

I réimse fuinniúil síorathraitheach na cosanta sonraí, baineann ríthábhacht le cumarsáid éifeachtach agus caidreamh éifeachtach a dhéanamh le geallsealbhóirí chun tuiscint a chothú, iontaoibh a thógáil, agus comhlíonadh phrionsabail na príobháideachta agus na cosanta sonraí a chinntiú.

Tá an Coimisiún tiomanta d'fhaisnéis thráthúil chruinn a sholáthar don phobal, do thrédhearcacht a chothú agus do chuntasacht sa tírdhreach cosanta sonraí. Déanann an Coimisiún caidreamh gníomhach leis na meáin, agus preasráitis á n-eisiúint, agallaimh á ndéanamh, agus freagra á thabhairt ar fhiosruithe chun a chinntiú go gcoinnítear an pobal ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí agus cinntí an Choimisiúin.

Le linn na bliana 2023, d'fhoilsigh an CCS 14 preaseisiúint san iomlán as ar tháinig clúdach suntasach ar na meáin idirnáisiúnta agus náisiúnta.

Bhí an fás ar láithreacht meán sóisialta an CCS ar fud X (Twitter roimhe seo) agus LinkedIn lárnach don tacaíocht dá ghníomhaíochtaí múscailte feasachta agus cumarsáide. Tháinig méadú de bhreis is 6,800 ar líon na leantóirí comhcheangailte thar an dá ardán le linn 2023, go dtí breis agus 48,100, méadú 114% ar fhigiúirí na bliana seo caite. Bhí teacht orgánach de bhreis is 1.4 milliún ann, le rannpháirtíocht láidir ar fud an domhain.

| Treoir Nua |
|---|
| Treoirnóta: Taifid ar Ghníomhaíochtaí Próiseála (Airteagal 30).. |
| Cearta cosanta sonraí mo linbh – na bunrudaí. |
| Sonraí leanaí agus toiliú tuismitheora. |
| Sonraí mo linbh a chosaint. |
| An bhfuil aon teorainneacha ann ar chearta cosanta sonraí mo linbh? |
| **Treoir Nuashonraithe** |
| Aistrithe Sonraí Pearsanta chuig Tríú Tíortha nó chuig Eagraíochtaí Idirnáisiúnta. |
| Láimhseáil gearán, Imscrúduithe agus Forfheidhmiú do Dhaoine Aonair. |
| Treoir ar Úsáid CCTV – Do Rialaitheoirí Sonraí |

## Cistiú agus Soláthar Foirne an Choimisiúin

B'ionann ollsoláthar meastacháin na bliana 2023 do Vóta 44 – An Coimisiún um Chosaint Sonraí agus €26.364M (2022: €23.234M), dar leithdháileadh €17.100M (2022: €15.970M) ar chaiteachas a bhaineann le pá agus dar leithdháileadh €9.264M (2022: €7.264M) ar chaiteachas neamhphá. B'ionann an cistiú don bhliain 2023 agus méadú €3.1M ar leithdháileadh na bliana 2022.

Cuireadh fáilte roimh **44** chomhghleacaí nua sa Choimisiún agus comhtháthaíodh iad sa bhliain 2023. B'ionann agus **210** ball foirne líon ball foirne an Choimisiúin ag deireadh na bliana 2023.

Leanfaidh an Coimisiún d'earcaíocht a bhrú chun cinn le linn na bliana 2024 trí earcaíocht oscailte a dhéanamh agus trí bhaill foirne an Choimisiúin a fhorbairt agus trína gcéim a ardú.

## Earcaíocht

Ag teacht sna sála ar chleachtadh láidir soláthair, tá conradh i bhfeidhm anois le gníomhaireacht sheachtrach earcaíochta. I dteannta comórtais a reáchtáil go hinmheánach agus tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, ba cheart go mbeadh tionchar dearfach aige sin ar fheachtas leantach earcaíochta an Choimisiúin agus beidh sé ina uirlis thábhachtach maidir le cur ar chumas an Choimisiúin dul chun an mhargaidh go tapa agus go héifeachtúil chun róil ríthábhachtacha a líonadh agus chun an líon foirne a mhéadú.

| Comórtais ar siúl in 2023 | Siúinéirí Nua | Arduithe Céime |
|---|---|---|
| Comórtas Teoranta ag grád an Phríomhoifigigh<br><br>Comórtas Oscailte don ról mar Anailísí Dlí ag grád an Ardoifigigh Feidhmiúcháin<br><br>Comórtas Oscailte don ról mar Imscrúdaitheoir Rialála ag grád an Ardoifigigh Feidhmiúcháin<br><br>Comórtas Teoranta ag grád an Oifigigh Feidhmiúcháin | 44 fostú nua in 2023 | Tugadh ardú céime do 15 bhall foirne CCS laistigh den CCS in 2023. |

## Forbairt Ghairmiúil

Lean an Coimisiún ar aghaidh sa bhliain 2023 de thús áite a thabhairt d'fhorbairt ghairmiúil a bhall foirne uile, agus straitéis Foghlama agus Forbartha á forbairt aige lenar soláthraíodh feabhsuithe éagsúla scileanna i réimsí amhail cosaint sonraí, forbairt ceannaireachta, forbairt ghairmiúil phearsanta agus folláine.

## An Fóram Rannpháirtíochta Fostaithe

Bunaíodh Fóram Rannpháirtíochta Fostaithe sa bhliain 2021. Tá ballraíocht éagsúil chuimsitheach ag an bhFóram, agus ionadaíocht ag gach grád ina buncheanglas de. Sa bhliain 2023, tháinig an Fóram le chéile cúig huaire. Tá sé mar chuspóir leis an bhFóram rannchuidiú leis an ngealltanas ón gCoimisiún go dtiocfadh sé chun bheith ina Fhostóir Roghnaithe trí fheabhas a chur ar an eispéireas fostaithe do bhaill foirne.

## Rialachas Corparáideach

Tá Creat Rialachais Chorparáidigh i bhfeidhm ag an gCoimisiún ina leagtar amach conas a rialaítear an Coimisiún agus ina gcuirtear síos ar na struchtúir, na beartais agus na próisis atá i bhfeidhm chun go mbeidh an Coimisiún in ann a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh.

### Timpeallacht Rialaithe Inmheánaigh

Foilseofar an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais don bhliain 2023 ón Oifigeach Cuntasaíochta ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin i dteannta a Ráitis Airgeadais amach sa bhliain. .

### Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Choimisiúin

Ar aon dul leis an gCaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís (2015), agus ag féachaint don Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) freisin, bhunaigh an Coimisiún a Choiste Iniúchóireachta agus Riosca féin, mar Choiste den Choimisiún, le héifeacht ón 1 Eanáir 2020. Cuireadh tús le dara téarma an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 1 Eanáir 2023. Mairfidh an téarma trí bliana.

Is iad seo na comhaltaí den Choiste:

- Conan McKenna (cathaoirleach);
- Karen Kehily;
- Brid Rosney (RIP)
- Tara McDermott (istech Q4 2023)
- Michael Horgan; and
- Graham Doyle.

Cuireadh cúig chruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar siúl sa bhliain 2023.

### An fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí

Is é soláthraí seirbhíse seachtrach a sholáthraíonn an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí sa Choimisiún. Soláthraíonn an soláthraí sin tuarascálacha tráthrialta do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an Choimisiúin ar iniúchtaí inmheánacha a rinneadh le linn na bliana.

### Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tháinig an cúigiú Scéim Teanga ón gCoimisiún faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i bhfeidhm an 21 Nollaig 2020 agus beidh sí in éifeacht go dtí go dtabharfar caighdeáin teanga isteach, ag teacht sna sála ar Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021. Leanann an Coimisiún de sheirbhísí Gaeilge a sholáthar agus iad a fheabhsú trí bhreisithe seirbhísí, de réir na Scéime atá ann cheana.

### Saoráil Faisnéise

Fuair an Coimisiún **52** iarratas saorála faisnéise in 2023.Comhlíonadh trí cinn, cloíodh i bpáirt le seacht gcinn, measadh go raibh 41 lasmuigh den scóip, tarraingíodh siar ceann amháin. Tá gníomhaíocht rialála an Choimisiúin díolmhaithe ó iarrataí saorála faisnéise chun rúndacht ár ngníomhaíochtaí maoirseachta, imscrúdaithe agus forghníomhaithe a chaomhnú. Ina ainneoin sin, tá an Coimisiún tiomanta do fhaisnéis thrédhearcach a sholáthar don phobal maidir le riaradh a oifige agus úsáid acmhainní poiblí.

### An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

Bunaíodh an Coimisiún faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus oibríonn sé de réir fhorálacha an Achta sin. Tá bearta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonann na baill foirne den Choimisiún a bhfuil poist ainmnithe acu forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

### An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015

I dteannta an chóid iompair, na rialachán agus na dtreoirlínte a ghabhann leis, is é aidhm an Achta um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, a chinntiú go seoltar gníomhaíochtaí brústocaireachta de réir na trédhearcachta a mbíonn an pobal ag súil léi. Is Oifigeach Poiblí Ainmnithe faoin Acht sin é an Coimisinéir Cosanta Sonraí, mar a luaitear ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin.

Ní mór do na brústocairí aon idirghníomhaíochtaí idir comhlachtaí brústocaireachta agus Oifigigh Phoiblí Ainmnithe a thuairisciú. Bhunaigh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (SIPO) clár brústocaireachta ar líne ag www.lobbying.ie chun an ceanglas sin a éascú.

## Caidreamh le comhaltaí an Oireachtais

De réir Chiorclán 25 de 2016 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, soláthraíonn an Coimisiún bosca ríomhphoist tiomnaithe chun plé le ceisteanna ó chomhaltaí an Oireachtais agus chun aiseolas a fháil.

## Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 – Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Féachann an Coimisiún le hoibleagáidí faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, a chomhlíonadh, agus tá bearta curtha i bhfeidhm aige chun a chinntiú go gcuirtear cearta an duine agus comhionannas san áireamh le linn beartais, nósanna imeachta agus caidreamh le geallsealbhóirí a fhorbairt, agus é ag comhlíonadh a shainordaithe chun an ceart bunúsach chun cosaint sonraí a chosaint.

Leagtar amach sa Straitéis Rialála 2022-2027 ón gCoimisiún conas a leanfaidh an Coimisiún de na cearta cosanta sonraí atá ag daoine aonair a chosaint, agus tugtar aird ar leith inti ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. Rinne an Coimisiún forbairt agus cur chun feidhme ar roinnt modhanna le haghaidh cumarsáid a dhéanamh le geallsealbhóirí ar bhealach inrochtana. I dteannta na faisnéise foilsithe eile uaidh, deartar suíomh Gréasáin an Choimisiúin agus aird á tabhairt ar phrionsabail an Bhéarla shoiléir, agus tá an Coimisiún tar éis an líon acmhainní fuaime atá foilsithe aige a mhéadú freisin. Tá an Dualgas leabaithe isteach sa Chreat Rialachais Chorparáidigh agus sa Chairt Custaiméirí agus Plean Gnímh freisin, chomh leis an bhfógra faoi Nochtadh Cosanta a foilsíodh ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin sa bhliain 2022.

Le linn na bliana 2023, lean an Coimisiún dá sholáthar seirbhíse a athbhreithniú agus d'fhéach sé lena chinntiú go mbíonn sé inrochtana do chustaiméirí fós agus baill foirne an Choimisiúin ag filleadh ar an oifig ar bhonn cumaisc. Chun tacú le custaiméirí a bhféadfadh go mbeadh cúnamh ag teastáil uathu agus iad ag déileáil leis na seirbhísí a soláthraíonn an Coimisiún iad, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Inrochtaineachta trí na cainéil atá liostaithe ar an suíomh Gréasáin.

**Seoladh poist:**

An Coimisiún um Chosaint Sonraí

21 Cearnóg Mhic Liam

Baile Átha Cliath 2

D02 RD28

Éire

**Ríomhphost:**

DPCAccessibilityOfficer@dataprotection.ie

## Cairt Custaiméirí

Is foilsithe ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin atá an Chairt Custaiméirí agus an Plean Gnímh Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus an beartas maidir le Bainistiú Iompair agus Teagmhálacha Míréasúnta a ghabhann léi don tréimhse 2024-2026. Is ann do bhosca ríomhphoist ainmnithe le haghaidh tuairimí ar an tseirbhís do chustaiméirí a chur isteach chun gur féidir le custaiméirí caidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún. Cuirtear gach tuairim a fhaightear san áireamh mar chuid den athbhreithniú leanúnach ar sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar.

# Aguisíní

# Aguisín 1: Nochtadh Cosanta

### Tuarascáil ar Nochtaí Cosanta a fuair an Coimisiún um Chosaint Sonraí sa bhliain 2023

Tá an beartas a n-oibríonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí (an Coimisiún) é faoi théarmaí na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 2014 agus 2022, deartha chun cabhair agus spreagadh a thabhairt do gach oibrí maidir le hábhair imní dhílse faoi éagóiritheacht inmheánach fhéideartha san áit oibre a tharraingt anuas chun go mbeifear in ann na hábhair imní sin a imscrúdú trí chloí le prionsabail an cheartais náisiúnta agus chun go mbeifear in ann aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach atá oiriúnach d’imthosca an cháis.

Le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, arna ionadú le halt 30 den Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022, ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí tuarascáil i ndáil leis an mbliain roimhe a ullmhú agus a fhoilsiú i riocht anaithnidithe faoin 1 Márta gach bliain.

De bhun an cheanglais sin, deimhníonn an Coimisiún an méid seo a leanas maidir leis an mbliain 2023:

- **Ní** bhfuarthas **aon** nochtaí cosanta inmheánacha (ó bhaill foirne an Choimisiúin).
- **Fuarthas dhá** nochtadh cosanta fhéideartha is fiche (mar atá leagtha amach sa tábla thíos) ó dhaoine aonair a bhí lasmuigh den Choimisiún maidir le saincheisteanna a bhain le cosaint sonraí laistigh d’eintitis eile. Cuireadh na saincheisteanna sin in iúl don Choimisiún ina ról mar ‘dhuine forordaithe’ mar a fhoráiltear dó faoi alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta (atá liostaithe in I.R. Uimh. 364/2020). Glacadh le naoi gcinn de na nochtaí mar nochtaí cosanta bailí.

| Uimhir Thagartha | Cineál | Faighte | Stádas | Toradh |
|---|---|---|---|---|
| 01/2023 | Alt 7 (seachtrach, do ‘dhuine forordaithe’) | Q1 2023 | Oscailte | Glacadh leis agus tarchuireadh é le haghaidh imscrúdú féideartha. Ar siúl fós ag deireadh na bliana. |
| 02/2023 | Alt 7 (seachtrach, do ‘dhuine forordaithe’) | Q1 2023 | Oscailte | Glacadh leis agus tarchuireadh é le haghaidh imscrúdú féideartha. Ar siúl fós ag deireadh na bliana. |
| 03/2023 | Alt 7 (seachtrach, do ‘dhuine forordaithe’) | Q1 2023 | Dúnta | Níor tugadh go leor mionsonraí agus ní dhearna an gearánach aon ghníomh leantach nuair a iarradh air déanamh amhlaidh. |

| Uimhir Thagartha | Cineál | Faighte | Stádas | Toradh |
|---|---|---|---|---|
| 04/2023 | Alt 7 (seachtrach, do 'dhuine forordaithe') | Q1 2023 | Dúnta | Níor glacadh leis mar nochtadh cosanta bailí agus tarchuireadh é mar ghearán féideartha. |
| 05/2023 | Alt 7 (seachtrach, do 'dhuine forordaithe') | Q1 2023 | Dúnta | Níor tugadh go leor mionsonraí agus ní dhearna an gearánach aon ghníomh leantach nuair a iarradh air déanamh amhlaidh. |
| 06/2023 | Alt 7 (seachtrach, do 'dhuine forordaithe') | Q1 2023 | Dúnta | Níor tugadh go leor mionsonraí agus ní dhearna an gearánach aon ghníomh leantach nuair a iarradh air déanamh amhlaidh. |
| 07/2023 | Alt 7 (seachtrach, do 'dhuine forordaithe') | Q1 2023 | Dúnta | Glacadh leis ach níorbh fhéidir dul chun cinn a dhéanamh air. Níor tugadh go leor mionsonraí agus níor thug an gearánach aon fhreagra nuair a iarradh tuilleadh faisnéise. |
| 08/2023 | Alt 7 (seachtrach, do 'dhuine forordaithe') | Q1 2023 | Dúnta | Níor glacadh leis mar nochtadh cosanta bailí. Bhí ábhar na haighneachta lasmuigh de shainchúram an Choimisiúin. |
| 09/2023 | Alt 7 (seachtrach, do 'dhuine forordaithe') | Q1 2023 | Oscailte | Glacadh leis agus tarchuireadh é le haghaidh imscrúdú féideartha. Ar siúl fós ag deireadh na bliana. |
| 10/2023 | Alt 7 (seachtrach, do 'dhuine forordaithe') | Q2 2023 | Dúnta | Ní raibh an aighneacht ina nochtadh cosanta. Níorbh é an Coimisiún um Chosaint Sonraí an t-údarás beartaithe. |
| 11/2023 | Alt 7 (seachtrach, do 'dhuine forordaithe') | Q2 2023 | Oscailte | Glacadh leis agus tarchuireadh é le haghaidh imscrúdú féideartha. Ar siúl fós ag deireadh na bliana. |
| 12/2023 | Alt 7 (seachtrach, do 'dhuine forordaithe') | Q2 2023 | Dúnta | Níor glacadh leis mar nochtadh cosanta bailí agus tugadh treoir chun aighneacht a dhéanamh mar ghearán féideartha. |

| Uimhir Thagartha | Cineál | Faighte | Stádas | Toradh |
|---|---|---|---|---|
| 13/2023 | Alt 7 (seachtrach, do 'dhuine forordaithe') | Q2 2023 | Dúnta | Níor tugadh go leor mionsonraí agus ní dhearna an gearánach aon ghníomh leantach nuair a iarradh air déanamh amhlaidh. |
| 14/2023 | Alt 7 (seachtrach, do 'dhuine forordaithe') | Q2 2023 | Dúnta | Níor tugadh go leor mionsonraí agus ní dhearna an gearánach aon ghníomh leantach nuair a iarradh air déanamh amhlaidh. |
| 15/2023 | Alt 7 (seachtrach, do 'dhuine forordaithe') | Q3 2023 | Dúnta | Níor tugadh go leor mionsonraí agus ní dhearna an gearánach aon ghníomh leantach nuair a iarradh air déanamh amhlaidh. |
| 16/2023 | Alt 7 (seachtrach, do 'dhuine forordaithe') | Q3 2023 | Oscailte | Glacadh leis agus tarchuireadh é le haghaidh imscrúdú féideartha. Ar siúl fós ag deireadh na bliana. |
| 17/2023 | Alt 7 (seachtrach, do 'dhuine forordaithe') | Q3 2023 | Oscailte | Glacadh leis agus tarchuireadh é le haghaidh imscrúdú féideartha. Ar siúl fós ag deireadh na bliana. |
| 18/2023 | Alt 7 (seachtrach, do 'dhuine forordaithe') | Q3 2023 | Oscailte | Glacadh leis agus tarchuireadh é le haghaidh imscrúdú féideartha. Ar siúl fós ag deireadh na bliana. |
| 19/2023 | Alt 7 (seachtrach, do 'dhuine forordaithe') | Q3 2023 | Dúnta | Níor glacadh leis mar nochtadh cosanta bailí agus tarchuireadh é mar ghearán féideartha. |
| 20/2023 | Alt 7 (seachtrach, do 'dhuine forordaithe') | Q4 2023 | Oscailte | Glacadh leis agus tarchuireadh é le haghaidh imscrúdú féideartha. Ar siúl fós ag deireadh na bliana. |
| 21/2023 | Alt 7 (seachtrach, do 'dhuine forordaithe') | Q4 2023 | Dúnta | Níor glacadh leis mar nochtadh cosanta bailí. Ní raibh sé de rún ag an ngearánach nochtadh cosanta a chur isteach. Treoraíodh é chuig an suíomh Gréasáin. |
| 22/2023 | Alt 7 (seachtrach, do 'dhuine forordaithe') | Q4 2023 | Faoi bhreithniú | I mbun caidrimh leis an ngearánach tráth dheireadh na bliana. |

# Aguisín 2: Tuarascáil ar Úsáid Fuinnimh ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí

## Tuarascáil Fuinnimh 2023.

### Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh

**Ginearálta**

Leanann an Coimisiún um Chosaint Sonraí le faireachán a dhéanamh ar a úsáid fuinnimh agus ar bhealaí inar féidir leis úsáid fuinnimh a laghdú. Leanaimid le páirt a ghlacadh san fhaireachán ar líne atá ar bun ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus táimid páirteach san fheachtas "Úsáid Níos Lú" do Gheimhreadh 2023/24.

Le 12 mhí anuas, rinneamar dul chun cinn suntasach ar ár spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus ár spriocanna gás ceaptha teasa a bhaint amach ar fud na heagraíochta.

| Oifig | Laghdú céatadánach in úsáid iarbhír sna 3 bliana seo a chuaigh thart – sonraí bailíochtaithe |
|---|---|
| Cearnóg Mhic Liam – Leictreachas | 44% |
| An Oifig Satailíte – Leictreachas | 31% |
| Cúil an tSúdaire – Leictreachas | 25% |
| Cúil an tSúdaire – Gás Nádúrtha | 6% |

### BAILE ÁTHA CLIATH.

**21 Cearnóg Mhic Liam**

Tá ceannoifig an Choimisiúin lonnaithe ag 21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2. Is é leictreachas an t-aon fhoinse fuinnimh amháin a úsáidtear san oifig. Úsáidtear do théamh, do shoilsiú agus do threalamh é.

Ós rud é gur foirgneamh cosanta é 21 Cearnóg Mhic Liam, tá sé díolmhaithe ón gcóras rátála fuinnimh.

**An oifig satailíte**

Coimeádann an Coimisiún spás oifige breise i mBaile Átha Cliath faoi láthair chun freastal ar an méadú sa líon foirne. Ba ó Oifig na nOibreacha Poiblí a foinsíodh an oifig sin, agus thosaigh an Coimisiún ag áitiú na hoifige i mí Dheireadh Fómhair 2018. Coimeádfar an oifig sin go dtí go mbeidh ceannoifig bhuan nua réidh chun na baill foirne agus na hoibríochtaí de chuid an Choimisiúin atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath a éascú. Tá 828 méadar chearnacha san oifig.

Is é leictreachas an t-aon fhoinse fuinnimh amháin a úsáidtear san fhoirgneamh. Úsáidtear do théamh, do shoilsiú agus do threalamh é.

Is é C2 an rátáil fuinnimh don fhoirgneamh.

## CÚIL AN tSÚDAIRE

Tá achar 444 mhéadar chearnacha in oifig an Choimisiúin i gCúil an tSúdaire. Tá an oifig lonnaithe ar an urlár uachtarach d'fhoirgneamh dhá stór a tógadh sa bhliain 2006.

Úsáidtear leictreachas san oifig do shoilsiú agus do threalamh agus úsáidtear gás nádúrtha inti do théamh.

Is é C1 an rátáil fuinnimh don fhoirgneamh.

## GNÍOMHARTHA A RINNEADH.

Glacann an Coimisiún páirt sa chóras ar líne atá ar bun ag SEAI chun a úsáid fuinnimh a thuairisciú i gcomhréir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Críochúsáide Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh), 2009 (I.R. Uimh. 542 de 2009).

Is é seo a leanas an úsáid fuinnimh don oifig sa bhliain 2022 (na figiúirí bailíochtaithe is déanaí atá ar fáil ó SEAI):

| | **Foinsí Leictreacha** | **Gás Nádúrtha** |
|---|---|---|
| Baile Átha Cliath | | |
| Cearnóg Mhic Liam | 52,440 kWh | |
| An Oifig Satailíte | 61,653 kWh | |
| Cúil an tSúdaire | 30,600 kWh | 46573 kWh |

## Forbhreathnú ar an mbeartas/ráiteas comhshaoil don eagraíocht

Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí tiomanta d'oibriú ar aon dul le beartais chomhshaoil agus inbhuanaitheachta Rialtas na hÉireann.

**Forbhreathnú ar thionscnaimh inbhuanaitheachta comhshaoil**

- Scoireadh de phlaistigh aon úsáide a cheannach i mí Eanáir 2019
- Leantar le soilsiú LED a chur in ionad soilsiú fluaraiseach in oifig Chúil an tSúdaire de réir mar a loiceann aonaid nó de réir mar is gá bolgáin a athsholáthar
- Suiteáladh soilse braiteora i limistéar athchóirithe d'oifig Chúil an tSúdaire
- Cuireadh soilsiú braiteora i bhfeidhm san oifig satailíte
- Tugadh pleananna Caomhnaithe Fuinnimh an Rialtais isteach
- Tugadh soilsiú braiteora isteach sna seomraí folctha in oifig Chúil an tSúdaire

**An Méid Dramhaíola a Ghintear a Laghdú**

- Tá printéir an Choimisiúin réamhshocraithe chun doiciméid a phriontáil ar an dá thaobh.
- Thug an Coimisiún démhonatóirí isteach do bhaill foirne freisin chun laghdú a dhéanamh ar an ngá le doiciméid a phriontáil chun iad a athbhreithniú in aghaidh doiciméid eile, nó chun iad a chur i gcomparáid le doiciméid eile, le linn cásoibre.
- Soláthraíonn an Coimisiún araidí Dramhaíola Ginearálta agus Athchúrsála ag ionaid éagsúla ar fud na n-oifigí.
- Chláraigh an Coimisiún chun araidí donna Dramhaíola Bia a úsáid.

**Athchúrsáil a Uasmhéadú**

Is é beartas an Choimisiúin an dramhpháipéar ar fad a stialladh go slán. Tá consóil ar fáil ag láithreacha éagsúla ar fud na n-oifigí. Athchúrsáiltear páipéar stiallta.

**Soláthar Inbhuanaithe**

Tá cleachtais agus próisis soláthair an Choimisiúin ag teacht go hiomlán le Soláthar Inbhuanaithe.

Ordaítear i gconarthaí lónadóireachta nach mbainfí aon úsáid as plaistigh aon úsáide.



**Ionadaithe ón gCoimisiún ag bualadh le comhaltaí de PFAI chun an úsáid a bhaintear as sonraí imreoirí a phlé. Meán Fómhair 2023.**

# Aguisín 3: Ráiteas an Choimisiúin um Chosaint Sonraí faoi Rialuithe Inmheánacha

Tá Ráiteas Airgeadais an Choimisiúin um Chosaint Sonraí don bhliain ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023 agus a Ráiteas faoi Rialuithe Inmheánacha don tréimhse chéanna á n-ullmhú ag an gCoimisiún faoi láthair agus ceanglófar leis an tuarascáil seo iad tar éis don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh i leith na bliana 2023 a chur i gcrích.




**Michael O'Flaherty, Stiúrthóir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, agus Helen Dixon, an Coimisinéir. Meán Fómhair 2023.**



**MB Donnelly, Leas-Choimisinéir, i mbun cainte ag Comhdháil Cumhdaigh FSS ar chomhroinnt sonraí i gcomhthéacs an chumhdaigh aosach. Samhain 2023.**

# Aguisín 4 : Cás Staidéir

Ceann de na príomhchuspóirí atá ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí is ea seirbhís faisnéise atá freagrúil agus ar ardchaighdeán a sholáthar do dhaoine aonair agus eagraíochtaí maidir lena gcuid ceart agus freagrachtaí faoin reachtaíocht cosanta sonraí. Baineann an CCS é seo amach trína sheirbhís deisce cabhrach faisnéise poiblí, a thugann freagra ar fhiosrúcháin ó dhaoine aonair agus eagraíochtaí agus trína phróiseas láimhseála gearán.

Leagtar béim sa chaibidil seo den tuarascáil ar roinnt de na cineálacha ceisteanna agus gearán a ndearna an Coimisiún dul chun cinn orthu sa dá mhí dhéag atá imithe thart.  I ngach cás-staidéar, tugtar achoimre ghearr ar na príomhfhionnachtana.

**Cás-Staidéar 1:**

## Líomhain á rá gur fhoilsigh eagraíocht sonraí pearsanta

Fuair an Coimisiún um Chosaint Sonraí (an Coimisiún) ceist ó dhuine aonair a bhain le cás a raibh an chuma air gur cuireadh a réadmhaoin ar áireamh de thaisme ar fhógra ar fhoilsigh suíomh Gréasáin réadmhaoine é. Chuir an duine aonair in iúl gur fhoilsigh an suíomh Gréasáin réadmhaoine íomhá de réadmhaoin a bhí ar díol agus íomhá de roinnt réadmhaoine comharsanacha eile ar a shuíomh Gréasáin. Ba é úinéir ceann amháin de na réadmhaoine eile sin an duine aonair a rinne teagmháil leis an gCoimisiún.

Rinne an duine aonair teagmháil leis an gCoimisiún tríd an ríomhphost ar an gcéad dul síos chun a ábhar imní a chur in iúl. Chuir sé glao teileafóin ar Dheasc Chabhrach an Choimisiúin tamaillín ina dhiaidh sin freisin. Le linn an ghlao ar an Deasc Chabhrach, chuir an duine aonair in iúl don Choimisiún go raibh grianghraf dá theach agus a sheoladh le feiceáil san íomhá.

Sa fhreagra a tugadh dó ar an bhfaisnéis sin, cuireadh an duine aonair ar an eolas faoi na sé bhunús dhleathacha le sonraí pearsanta a phróiseáil faoi Airteagal 6 RGCS. Cuireadh é ar an eolas freisin faoin sainmhíniú ar shonraí pearsanta, mar atá leagtha amach in RGCS, is é sin: faisnéis a bhaineann le duine beo atá sainaitheanta nó atá in-sainaitheanta (gairtear 'ábhar sonraí' de dhuine den sórt sin).

Cé go ndúradh leis an duine aonair freisin nárbh ionann íomhá de réadmhaoin, agus íomhá den sórt sin amháin, agus sonraí pearsanta, dúradh leis freisin go bhféadfadh go mbeadh sé i dteideal a iarraidh go léirscriosfaí na sonraí sin ón suíomh Gréasáin réadmhaoine toisc go raibh seoladh na réadmhaoine agus uimhir an tí le feiceáil san íomhá. Mhol an Coimisiún go ndéanfadh an duine aonair, ar an gcéad dul síos, teagmháil i scríbhinn le húinéirí an tsuímh Gréasáin réadmhaoine ina n-iarrfaí go mbainfí a réadmhaoin de na híomhánna foilsithe ar an suíomh Gréasáin.

Tar éis dó an chomhairle ón gCoimisiún a leanúint, chuaigh an duine aonair i dteagmháil leis an gCoimisiún chun a chur in iúl gur chomhlíon úinéirí an tsuímh Gréasáin réadmhaoine an iarraidh ón duine aonair go pras agus gur bhain sé an íomhá dá réadmhaoin óna shuíomh Gréasáin.

### Na Príomhtháthail atá le Baint:

- Cé go bhfuil an sainmhíniú ar cad is sonraí pearsanta ann an-leathan, ní fhéadfar a áireamh leis íomhánna de réadmhaoin ná de theach i gcás nach bhfuil aon fhaisnéis sainaitheanta eile ag gabháil leo.
- Cé go mbíonn Deasc Chabhrach teileafóin an Choimisiúin ar fáil do dhaoine den phobal a bhfuil ceisteanna cosanta sonraí acu, molann an Coimisiún go smaoineodh daoine aonair ar dhul i dteagmháil le heagraíochtaí ar an gcéad ásc chun deis a thabhairt dóibh freagairt d'ábhair imní sula ndéantar aon ghearán leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

CUNTASACHT GINEARÁLTA

**Cás-Staidéar 2:**

## LÍOMHAIN Á RÁ GO NDEARNADH SONRAÍ A CHOINNEÁIL AGUS A PHRÓISEÁIL GO NEAMHDHLEATHACH I NDÁIL LE NUACHTLITIR

Sa chás seo, líomhain duine aonair go ndearna cuideachta bainistíochta réadmhaoine a shonraí pearsanta – a ainm, a sheoladh agus a sheoladh ríomhphoist – a choinneáil agus a phróiseáil go neamhdhleathach.

Fuair an duine aonair ríomhphost gan iarraidh ina raibh nuachtlitir ón gcuideachta, cé nach raibh aon chaidreamh gnó aige leis an gcuideachta le roinnt blianta. Rinne an duine aonair teagmháil leis an gcuideachta chun a fháil amach cén fáth ar choinnigh sí a shonraí pearsanta. Luaigh an chuideachta go raibh sí roimhe sin ina gníomhaire bainistíochta d'fhorbairt cónaithe ar leith ina raibh leas gnó ag an duine aonair. Dúirt sí gur sheol sí an ríomhphost de bhotún. D'inis an chuideachta don duine aonair go raibh sí tar éis a shonraí pearsanta a scriosadh óna bunachar sonraí.

Ní raibh an duine aonair sásta leis an bhfreagra a fuair sé ón gcuideachta agus chuir sé gearán faoi bhráid an Choimisiúin um Chosaint Sonraí. Tar éis don Choimisiún teagmháil a dhéanamh leis an gcuideachta, mhínigh an chuideachta go raibh sí roimhe sin ina gníomhaire bainistíochta do chuideachta bainistíochta úinéirí agus, tar éis fhoirceannadh an chonartha a bhí aici leis an gcuideachta bainistíochta úinéirí, gur mhainnigh sí sonraí pearsanta an duine aonair a scriosadh óna bunachar sonraí.

Mar chuid den scrúdú ar an ngearán seo, d'fhéach an Coimisiún lena shuí cé acu a bhí nó nach raibh bunús dleathach ag an gcuideachta le sonraí pearsanta an duine aonair a phróiseáil trí iad a choinneáil tar éis dheireadh an chonartha lena mbaineann. D'inis an chuideachta don Choimisiún go raibh sí ag brath ar Airteagal 6(1)(a) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ("RGCS"), ina luaitear go mbeidh próiseáil dleathach i gcás go bhfuil toiliú tugtha ag ábhar sonraí. Luaigh an chuideachta freisin go gceanglaítear uirthi faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, sonraí a choinneáil ar feadh tréimhse nach lú ná sé bliana. Dúirt an chuideachta gur trí dhearmad a choinnigh sí sonraí pearsanta an duine aonair tar éis na tréimhse coinneála sé bliana. Shuigh sí freisin gur de dheasca earráid riaracháin a fuair an duine aonair an ríomhphost gan iarraidh.

Ghlac an chuideachta leis nach raibh aon bhunús dleathach aici a thuilleadh le sonraí pearsanta an duine aonair a phróiseáil trí iad a choinneáil tar éis na tréimhse sé bliana agus dheimhnigh sí gur scrios sí na sonraí pearsanta uile a bhain leis an duine aonair. Dheimhnigh an chuideachta freisin na bearta a rinne sí chun feabhas a chur ar na nósanna imeachta le haghaidh a bunachar sonraí teagmhálaithe a bhainistiú chun a chinntiú nach ndéanfaí próiseáil neamhdhleathach den chineál sin arís.

Dá réir sin, níor chloígh an chuideachta leis na prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta de réir Airteagal 5(1)(b) RGCS (‘teorannú de réir cuspóra’) nuair a bhain sí úsáid as mionsonraí teagmhála an duine aonair chun nuachtlitir a sheoladh chuige, toisc nár cheart di mionsonraí teagmhála an duine aonair a choinneáil ar feadh na tréimhse ama sin. Níor chloígh sí ach oiread le hAirteagal 5(1)(e) RGCS (‘teorannú stórála’) nuair a choinnigh sí sonraí pearsanta lenar cumasaíodh an duine aonair a shainaithint ar feadh tréimhse a bhí níos faide ná mar ba ghá chun na críche ar chuici a fuarthas na sonraí pearsanta ar dtús.

D’eisigh an Coimisiún moltaí chuig an gcuideachta maidir leis na hoibleagáidí atá uirthi a chinntiú go bhfuil an phróiseáil ar fad dleathach, cothrom agus trédhearcach, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 5 RGCS, agus go gcuirtear bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme chun gur féidir léi a chinntiú go ndéantar próiseáil de réir RGCS agus chun gur féidir léi an méid sin a thaispeáint.

### An Príomhthátal atá le Baint:

- Léiríonn an cás seo nach mór do rialaitheoirí sonraí a áirithiú go bhfuil údar maith le próiseáil na sonraí pearsanta ar an gcéad dul síos i gcomhthéacs na próiseála trí na sonraí pearsanta a choinneáil thar an tréimhse choinneála agus trí phróiseáil a dhéanamh trí úsáid a bhaint as na sonraí pearsanta chun cumarsáid a dhéanamh leis na. aonair.

Cuntasacht Ginearálta

**Cás-Staidéar 3:**

## Iarraidh ceartúcháin a chomhlíonadh go páirteach

Ceithre bliana tar éis imscrúdú a chur i gcrích, d'iarr duine aonair go gceartófaí gnéithe den Tuarascáil inmheánach maidir leis an imscrúdú. Cuireadh an Tuarascáil le chéile tar éis imscrúdú neamhspleách inar cuireadh an duine aonair faoi agallamh mar fhinné. Ní raibh an duine aonair ina ábhar don imscrúdú.

Chuir an duine aonair an iarraidh ceartúcháin faoi bhráid an rialaitheora sonraí, arbh é fostóir an duine aonair sa Tionscal Oideachais é. Mar chuid den iarraidh uaidh, luaigh an duine aonair go raibh na sonraí pearsanta míchruinn, neamhiomlán nó míthreorach i roinnt áiteanna den Tuarascáil agus d'iarr sé go gceartófaí na sonraí sin de réir Airteagal 16 RGCS. Sa fhreagra uaidh don duine aonair, luaigh an soláthraí oideachais nach bhféadfadh sé an Tuarascáil a cheartú ach go bhféadfadh sé srian a chur le rochtain ar an Tuarascáil. Ós rud é go raibh an duine aonair míshásta leis an bhfreagra sin, chuir sé gearán faoi bhráid an Choimisiúin um Chosaint Sonraí (an Coimisiún).

Ní dearbhchearta iad cearta cosanta sonraí, agus ní bheidh rialaitheoirí sonraí in ann iarrataí ó ábhair sonraí a chomhlíonadh i gcásanna áirithe. Sa chás seo, scrúdaigh an Coimisiún cé acu a bhí nó nach raibh an ceart ag an soláthraí oideachais nuair a dhiúltaigh sé don iarraidh ceartúcháin ar dtús.

Mar chuid den phróiseas sin, dheimhnigh an soláthraí oideachais don Choimisiún gur tharla sé, mar gheall ar an méid ama a chuaigh thart ó cruthaíodh an Tuarascáil, gur scriosadh nótaí an imscrúdaitheora. D'fhág sé sin nach raibh sé in ann na míchruinnis líomhnaithe a sheiceáil. Mar gheall air sin, dúirt an soláthraí oideachais go bhféadfadh sé ráiteas forlíontach a chur leis an Tuarascáil faoi Airteagal 16 RGCS, lena bhforáiltear do chásanna ina bhfuil sonraí pearsanta neamhiomlán. Dá ndéanfaí amhlaidh, tharraingeofaí sa ráiteas forlíontach aird ar easaontas an duine aonair agus thaifeadfaí seasamh an duine aonair ann.

Mar chuid den phróiseas réitigh chairdiúil, cuireadh an togra ón rialaitheoir faoi bhráid an duine aonair lena bhreithniú. Dhiúltaigh an duine aonair don togra toisc go raibh sé den tuairim go raibh an Tuarascáil neamhiomlán toisc nár tagraíodh inti don fhianaise ar fad a thug sé agus toisc, sna cásanna sin inar tagraíodh don fhianaise uaidh, gur bhraith sé gur tógadh as comhthéacs í. Sa fhreagra uaidh, d'éiligh an duine aonair go n-athscríobhfaí an Tuarascáil chun go gcuirfí a fhianaise ar fad ar áireamh inti. Cheadódh sé an Tuarascáil athscríofa ansin agus dhéanfadh sé í a shíniú agus a dhátú i láthair bheirt fhinnéithe neamhspleácha dá rogha. D'iarr sé leithscéal scríofa iomlán freisin, rud a dhéanfadh an duine aonair é a cheadú, a shíniú agus a dhátú arís i láthair bheirt fhinnéithe neamhspleácha dá rogha. Chuirfí an leithscéal sin ar aghaidh chuig gach ball ábhartha a bhí fostaithe ag an soláthraí oideachais thar thréimhse shonraithe naoi mbliana.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé mar ról ag an gCoimisiún obair an imscrúdaitheora neamhspleách a athmheasúnú ná a athdhéanamh ná an bonn a bhaint den tuairim ghairmiúil a bhí ag saineolaí. Ní thagann an méid sin

faoin gceart go ndéanfaí ceartúcháin faoi Airteagal 16 RGCS ach oiread. Thug an t-imscrúdaitheoir neamhspleách an measúnú gairmiúil uaidh ar an bhfianaise ar fad a bailíodh le linn an imscrúdaithe, agus bhí lánrogha ghairmiúil aige a chinneadh cén t-ábhar a bhí ábhartha dá chur ar áireamh sa Tuarascáil. Ba é cuspóir na fianaise ón duine aonair eolas a thabhairt don imscrúdaitheoir neamhspleách ionas go bhféadfadh sé an t-imscrúdú uaidh a chur i gcrích agus tuarascáil a dhréachtú ar bhonn an mheasúnaithe uaidh. An fíoras nach n-aontaíonn an duine aonair leis an measúnú, níor fhág sé go bhfuil an Tuarascáil míchruinn nó neamhiomlán.

Sa fhreagra uaidh, luaigh an soláthraí oideachais gurbh amhlaidh, ós rud é nárbh údar na Tuarascála é, nach bhféadfadh sé leasú a dhéanamh ar a bhfuil sa Tuarascáil. Mar mhodh chun an gearán seo a réiteach, áfach, dúirt sé go bhféadfadh sé sonraí pearsanta míchruinne ar shainaithin an duine aonair iad a cheartú trí ráiteas forlíontach a dhéanamh. Dúirt sé freisin go bhféadfadh sé an Tuarascáil a scriosadh, rud lena scoirfí de shonraí pearsanta an duine aonair a phróiseáil. Níor ghlac an duine aonair leis an tairiscint sin ach oiread.

D’ainneoin gur dhiúltaigh an duine aonair don tairiscint ón soláthraí oideachais an Tuarascáil a léirscriosadh, chinn an Coimisiún go bhféadfaí an Tuarascáil a léirscriosadh más rud é nár ghá don soláthraí oideachais a thuilleadh í a choinneáil. De rogha air sin, ba cheart don soláthraí oideachais na míchruinnis a bhfuil fianaise orthu a cheartú agus an ráiteas forlíontach a chur leis chun cuntas níos cruinne a thabhairt ar na himeachtaí.

### An Príomhthátal atá le Baint:

- Amhail i gcás na gceart cosanta sonraí uile, ní dearbhcheart é an ceart go ndéanfaí ceartúcháin. Ní mór an ceart a scrúdú ar bhonn cás ar chás, ag brath ar chineál na sonraí pearsanta dá bhfuil ceartúchán á lorg, ar na críocha ar chucu a bailíodh na sonraí pearsanta, agus ar imthosca an cháis. Dá réir sin, maidir le gach cás a thagann os a chomhair i ndáil le diúltú d’iarraidh ceartúcháin, ní mór don Choimisiún é a mheasúnú ar bhonn a fhiúntais féin. Tríd is tríd, ní fhéadfar ach sonraí pearsanta ina bhfuil fíoras a cheartú. Maidir le sonraí pearsanta atá tugtha i dtuairimí, is cuma cé acu is tuairimí pearsanta nó tuairimí gairmiúla iad, ní thiocfaidh siad faoin gceart go ndéanfaí ceartúcháin de ghnáth.

CUNTASACHT GINEARÁLTA

**Cás-Staidéar 4:**

## GEARÁN Á RÁ GUR IARR GNÍOMHAIREACHT LIGIN MÉID IOMARCACH SONRAÍ PEARSANTA

Thaisc duine aonair gearán leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (an Coimisiún) tar éis dó amharc ar réadmhaoin ar cíos. Sa ghearán uaidh, líomhain sé gur iarr an ghníomhaireacht ligin méid iomarcach sonraí pearsanta uaidh le linn an phróisis iarratais.

Dar leis an duine aonair, ós rud é nár éirigh leis an iarratas uaidh ar an réadmhaoin a fháil ar cíos, chuir sé iarraidh léirscriosta faoi bhráid na gníomhaireachta ligin faoi Airteagal 17 RGCS le haghaidh a shonraí pearsanta a scriosadh. Sa fhreagra uaithi don duine aonair, chuir an ghníomhaireacht ligin in iúl gur scrios sí na sonraí pearsanta uile agus dheimhnigh sí nár chomhroinn sí sonraí pearsanta le haon tríú páirtithe. Cé go raibh an duine aonair sásta leis an bhfreagra a fuair sé ón ngníomhaire ligin, bhí imní air fós faoin méid sonraí pearsanta a iarradh ar an gcéad dul síos. Ar an mbonn sin, chuir sé gearán isteach chuig an gCoimisiún.

Mar chuid den phróiseas láimhseála gearán, rinne an Coimisiún teagmháil leis an ngníomhaireacht ligin chun soiléire a iarraidh maidir leis na cineálacha difriúla sonraí pearsanta a bhí sé ag iarraidh mar chuid den phróiseas iarratais. Dheimhnigh an eagraíocht gur iarr sí cóipeanna d’aitheantas, cruthúnas seolta reatha, cruthúnas fostaíochta, teistiméireachtaí ó thiarnaí talún roimhe, ráitis bhainc dhá mhí agus uimhir PSP. Luaigh an ghníomhaireacht ligin gur theastaigh an fhaisnéis sin uaithi chun a chinntiú gurb ionann an t-iarratasóir agus an duine a mhaíonn sé a bheith ann agus chun a chinntiú go bhfuil sé ar acmhainn an iarratasóra an cíos a íoc.

Scrúdaigh an Coimisiún an gearán, agus chinn sé nár chomhlíon an eagraíocht prionsabal an íoslaghdaithe sonraí faoi Airteagal 5(1)(c) RGCS, ina luaitear an méid seo a leanas maidir le sonraí pearsanta: “beidh siad leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil”. Chinn an Coimisiún gurbh iomarcach do chéim tosaigh an phróisis iarratais a bhí an méid sonraí pearsanta a iarradh ón duine aonair mar thionónta ionchasach.

### AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT:

- Molann an Coimisiún nach mór d’úinéirí réadmhaoine agus do ghníomhaireachtaí ligin na prionsabail um chosaint sonraí a chomhlíonadh agus iad ag próiseáil sonraí pearsanta. Is féidir é sin a bhaint amach trína chinntiú gurbh amhlaidh, maidir le faisnéis phearsanta shonrach a iarraidh agus a fháil ó dhaoine aonair chun iad a bhreithniú mar thionóntaí dóchúla, a bheadh sé níos cuí an méid sin a theorannú do na daoine sin a bheidh ag déanamh an chomhaontaithe ligin iarbhír, in ionad an fhaisnéis ar fad a iarraidh i dtús an phróisis.  Is féidir tuilleadh faisnéise faoin ábhar seo a aimsiú ag:

- **https://www.dataprotection.ie/ga/dpc-guidance/treoir-maidir-le-sonrai-pearsanta-iarraidh-o-thionontai-ionchasacha**

- **https://www.dataprotection.ie/ga/dpc-guidance/guidance-collection-personal-data-prior-viewing-property**

IARRATAS ROCHTANA

**Cás-Staidéar 5:**

## IARRAIDH ROCHTANA INAR LORGAÍODH SONRAÍ TRÍÚ PÁIRTÍ

Chuir duine aonair iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí faoi bhráid a iarfhostóra, ar cuideachta léiriúcháin físchluichí é. Chreid an duine aonair go raibh cúis ann lena mheas gur láimhseáil fostaí eile a raibh coinbhleacht leasa aige an iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí uaidh. Tharraing an duine aonair sin ábhar imní anuas leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ansin, á líomhain, i measc nithe eile, gur chuir an tOifigeach Cosanta Sonraí (nach raibh an gearánach ar an eolas faoina chéannacht) moill d'aon ghnó ar an iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí uaidh a chomhlíonadh. D'fhiafraigh an gearánach den Choimisiún an raibh oibleagáid ar an gcuideachta léiriúcháin ainm na ndaoine aonair a raibh baint acu leis an iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí a láimhseáil a sholáthar.

Rinne an Coimisiún measúnú ar an gcreat dlíthiúil a bhaineann leis an gceist sin agus, sa fhreagra uaidh, thagair sé do mhír 73 de bhreithiúnas C-579/21 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus d'Airteagal 15(4) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Soiléiríodh sa bhreithiúnas sin "nach féidir fostaithe an rialaitheora a mheas a bheith ina 'bhfaighteoirí' de réir bhrí Airteagal 15(1)(c) RGCS [...] nuair a phróiseálann siad sonraí pearsanta faoi údarás an rialaitheora sin agus de réir na dtreoracha uaidh". Dá bharr sin, chuir an Coimisiún in iúl don ghearánach nach raibh sé i dteideal liosta a fháil de na fostaithe a raibh baint acu leis an bhfreagra uathu ar an iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí a ullmhú faoin gcatagóir "faighteoirí" dá bhforáiltear faoi Airteagal 15(1)(c) RGCS. Tar éis an mionsonra sin a shoiléiriú agus an cheist ón ngearánach a réiteach, cuireadh an cás i gcrích.

### AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT:

- Níl daoine aonair i dteideal ach a sonraí pearsanta féin a fháil agus iarraidh rochtana á ndéanamh acu. Tríd is tríd, níl tú i dteideal ainmneacha ná sonraí pearsanta eile tríú páirtithe a fháil, cé gur féidir an méid sin a bheith faoi réir measúnuithe áirithe eile ar aon dul le hAirteagal 15(1)(c) agus Airteagal 15(4) RGCS.

Iarratas Rochtana

**Cás-Staidéar 6:**

## Gearán a bhain le hIarraidh Rochtana ar iarradh go n-íocfaí táille ina leith

Fuair an Coimisiún um Chosaint Sonraí gearán ó aturnae i ndáil le hiarraidh rochtana a rinneadh chuig liachtlann chun cóip a fháil de shonraí pearsanta a chliaint. Bhain an gearán le héileamh a rinne an liachtlann chuig aturnae an ghearánaigh á iarraidh go n-íocfaí táille chun an iarraidh rochtana a phróiseáil. Chuir aturnae an ghearánaigh in iúl don liachtlann go bhfuil rochtain ar chóip de shonraí pearsanta saor in aisce faoi RGCS agus gurbh fhéidir gur de bhotún a eisíodh an litir inar iarradh go n-íocfaí táille.

Tar éis dó an gearán seo a fháil, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an liachtlann chun a fháil amach cén fáth ar iarr sí táille chun an iarraidh rochtana a phróiseáil agus chun deimhniú a fháil ón liachtlann maidir le cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon sí an iarraidh rochtana.

Thug an liachtlann freagra pras don Choimisiún ansin, agus í ag glacadh leis nár cheart aon táille a iarraidh. Dúirt sí freisin gur cuireadh oiliúint bhreise cosanta sonraí ar bhaill foirne na liachtlainne maidir leis na hoibleagáidí atá orthu i leith othair a dhéanann iarrataí rochtana. D'inis an liachtlann don Choimisiún gur tugadh cóip de na sonraí pearsanta d'aturnae an ghearánaigh agus gur ghabh sí a leithscéal leis.

### An Príomhthátal atá le Baint:

- Faoi Airteagal 15(3) RGCS, tá oibleagáid ar rialaitheoir sonraí, amhail liachtlann, cóip a sholáthar de na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil. I gcás go n-iarrfaidh an t-ábhar sonraí aon chóipeanna breise ina dhiaidh sin, féadfaidh an rialaitheoir sonraí táille réasúnach a ghearradh atá bunaithe ar chostais riaracháin. Níorbh athiarraidh í an iarraidh rochtana ar leith seo, áfach, agus níor cheart aon táille a iarraidh ina leith.

IARRATAS ROCHTANA

**Cás-Staidéar 7:**

## Mainneachtain freagra a thabhairt ar Iarraidh Rochtana

Fuair an Coimisiún um Chosaint Sonraí gearán ó dhuine aonair a rinne iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí chuig ospidéal stáit chun cóip a fháil den fhaisnéis ar fad a bhí ag an ospidéal stáit maidir leis. Ní bhfuair an duine aonair aon fhreagra ar an iarraidh sin.

Tar éis dó a chinntiú go raibh ag an gCoimisiún an fhaisnéis ar fad a bhí ag teastáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar an ngearán ón duine aonair, rinne an Coimisiún idirghabháil thapa chun an ní a réiteach. Chuige sin, rinne an Coimisiún teagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí don Ghrúpa Ospidéal agus chuir sé in iúl dó go bhfuaireamar gearán ó dhuine aonair maidir le mainneachtain freagra a thabhairt ar iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí.

Mheabhraigh an Coimisiún don ospidéal na hoibleagáidí atá air faoi RGCS, agus a aird á tarraingt ar Airteagal 12(3) RGCS, ina sonraítear go bhfuil oibleagáid ar rialaitheoirí freagra a thabhairt ar an iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí ón duine aonair laistigh den chreat ama reachtúil. Mar chuid den chaidreamh, thug an Coimisiún amlíne don ospidéal chun freagra a thabhairt don duine aonair agus chun cóip de na sonraí pearsanta a sholáthar dó. Chomhlíon an rialaitheoir sonraí an t-ordachán ón gCoimisiún. Tar éis dó a dheimhniú leis an duine aonair go bhfuair sé an fhaisnéis ar fad a d'iarr sé, d'eisigh an Coimisiún comhairle chuig an rialaitheoir sonraí, agus na hoibleagáidí atá air go sonrach faoi Airteagail 12 agus an ceanglas chun faisnéis a thabhairt faoi ghníomhartha a rinneadh i dtaca leis an iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí á meabhrú dó.

### An Príomhthátal atá le Baint:

- Ba cheart d'eagraíochtaí a thabhairt faoi deara go gcoimeádann an Coimisiún taifead ar na gearáin a fhaightear, agus go gcuirfear é sin san áireamh in aon ghníomhaíocht fhéideartha amach anseo, lena n-áirítear tograí le haghaidh fiosrúchán a dhéanamh agus le haghaidh cumhachtaí foirmiúla a fheidhmiú tuilleadh.
- Ba cheart d'eagraíochtaí a thabhairt faoi deara go gcoimeádann an CCS taifead ar ghearáin a fhaightear atá mar chuid d'aon bhreithniú ar ghníomh a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, lena n-áirítear moltaí chun fiosrúchán a dhéanamh agus cumhachtaí foirmiúla a fheidhmiú a thuilleadh mar iomardú.

Iarratas Rochtana

**Cás-Staidéar 8:**

## Eisíodh Fógra Forfheidhmiúcháin mar gheall ar fhreagra neamhiomlán a thabhairt ar iarraidh rochtana

Fuair an Coimisiún um Chosaint Sonraí (an Coimisiún) gearán inar thug ionadaí an ghearánaigh le fios go raibh sé ag iarraidh gearán foirmiúil a dhéanamh maidir leis an moill a chuir Comhlacht Poiblí, ar Tusla é, ar shonraí ina raibh sonraí pearsanta a chliaint a eisiúint, de bhun iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí. Luaigh an t-ionadaí freisin nár tugadh freagra iomlán ar an iarraidh rochtana ón ngearánach agus go raibh na taifid ina raibh sonraí pearsanta á bhfáil aige ina bpíosaí le dhá bhliain anuas. Níorbh eol d'ionadaí an ghearánaigh an méid sonraí pearsanta a bhí fós amuigh i ndáil leis an iarraidh rochtana óna chliant.

Thosaigh an Coimisiún ag déanamh scrúdú ar an ngearán trí theagmháil a dhéanamh le Tusla, agus é ag iarraidh air cóip de na sonraí pearsanta uile a shealbhaigh nó a rialaigh sé i ndáil leis an duine aonair a sholáthar don duine aonair nó fógra a thabhairt don duine aonair faoin gcinneadh uaidh diúltú don iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí, agus sainaithint á déanamh ar aon srian reachtúil a raibh sé ag brath air chun a shonraí a choimeád siar.

Mar fhreagra air sin, dúirt an rialaitheoir sonraí go mbeadh sé in ann sonraí pearsanta a eisiúint chuig an ábhar sonraí laistigh de chreat ama sonraithe. Chuaigh an spriocdháta sin thart, áfach, gan taifid iomlána ina raibh sonraí pearsanta a eisiúint chuig an ábhar sonraí. Tar éis don Choimisiún plé leis an ní, dúirt an rialaitheoir sonraí gurbh amhlaidh, mar gheall ar an méid sonraí pearsanta lena mbaineann, a d'eiseofaí sonraí pearsanta an duine aonair ina mbaisceanna. Bheadh an scaoileadh sin faoi réir srianta a chur i bhfeidhm i leith sonraí neamhphearsanta tríú páirtí, i leith pribhléid ghairmiúil dlí agus i gcás gur dhíspeagadh imeachtaí cúirte a bheadh in eisiúint na sonraí pearsanta.

Dheimhnigh aturnae an ghearánaigh ina dhiaidh sin go bhfuair sé sciar de shonraí pearsanta a chliaint. Chuir sé in iúl, áfach, gur folaíodh cuid mhór de na sonraí sin. Shoiléirigh sé cé na taifid ina raibh sonraí pearsanta an duine aonair a bhí fós amuigh agus a bhí á lorg aige i dteannta na sonraí pearsanta eile a bhí á bpróiseáil. Malartaíodh méid fairsing comhfhreagrais idir Tusla agus an Coimisiún ar feadh tréimhse fhada ama ansin, ar lena linn a mhainnigh an rialaitheoir sonraí roinnt spriocdhátaí a chomhlíonadh i ndáil le taifid ina raibh sonraí pearsanta a eisiúint agus/nó a mhainnigh Tusla freagra a thabhairt ar chomhfhreagras ón gCoimisiún agus ó ionadaí an ábhair sonraí.

Mheas an Coimisiún nach bhféadfaí an gearán seo a réiteach go cairdiúil. Mheas sé é a bheith cuí an próiseas sin a chur i gcrích agus Fógra Forfheidhmiúcháin a eisiúint de bhun alt 109(5)(d)(i) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, chun ceanglas a chur ar an rialaitheoir sonraí na taifid sonraí pearsanta a bhí fágtha a thabhairt don ábhar sonraí laistigh de chreat ama sonraithe. Leis an bhfógra sin, cuireadh Tusla an eolas faoin méid seo a leanas:

"Aon duine (is rialaitheoir sonraí nó próiseálaí sonraí) a mhainneoidh, gan leithscéal réasúnach, ceanglas a bheidh sonraithe i bhfógra forfheidhmiúcháin a chomhlíonadh, nó a dhiúltóidh do cheanglas den sórt sin a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion faoi alt 133(9) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus dlífear (i) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó (ii) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €250,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi."

Mar thoradh ar an bhFógra Forfheidhmiúcháin sin a eisiúint, eisíodh na taifid a bhí fágtha chuig an ábhar sonraí laistigh den chreat ama a bhí sonraithe san Fhógra Forfheidhmiúcháin.

## An Príomhthátal atá le Baint:

- Bhí cumarsáid fhairsing idir an Coimisiún, Tusla agus ionadaí an ábhair sonraí i gceist leis an ngearán seo a scrúdú. Ní eiseofaí aon Fhógra Forfheidhmiúcháin ar bith sa chás seo dá mba rud é gur thug an rialaitheoir sonraí freagra ar an iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí ar bhealach cuí agus laistigh de chreataí ama comhaontaithe. Léirítear sa chás seo na hiarmhairtí a bhíonn ann nuair a mhainníonn rialaitheoir sonraí na hoibleagáidí atá air faoi Airteagal 15 RGCS a chomhlíonadh. Ba cheart do rialaitheoirí sonraí na hiarmhairtí sin a bhreithniú tar éis iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí a fháil faoi Airteagal 15 RGCS agus féachaint lena chinntiú go n-urramaítear an ceart bunúsach rochtana do gach ábhar sonraí.
- Ba cheart d'eagraíochtaí a thabhairt faoi deara go gcoimeádann an CCS taifead ar ghearáin a fhaightear atá mar chuid d'aon bhreithniú ar ghníomh a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, lena n-áirítear moltaí chun fiosrúchán a dhéanamh agus cumhachtaí foirmiúla a fheidhmiú a thuilleadh mar iomardú.

**Cás-Staidéar 9:**

## Iarraidh léirscriosta a bhain le díol réadmhaoine

Iarratas Scriosta

Chuir ceannaitheoir ionchasach tús le ceannach éascaithe réadmhaoine trí idirghabhálaí eastáit réadaigh. Tamaillín ina dhiaidh sin, tharraing díoltóir na réadmhaoine siar ón díol. Mar chuid den phróiseas ceannaigh, thug an ceannaitheoir ionchasach cóip dá aitheantas, cruthúnas seolta agus mionsonraí bainc don idirghabhálaí eastáit réadaigh. Tar éis an chliste sa phróiseas, d'iarr an ceannaitheoir ionchasach go léirscriosfaí a shonraí pearsanta de bhun Airteagal 17 RGCS.

Chuir an ceannaitheoir ionchasach an iarraidh léirscriosta sin ar dtús chuig an seoladh ríomhphoist a bhí liostaithe i mbeartas príobháideachta an idirghabhálaí eastáit réadaigh. Seoladh an iarraidh sin ar ais, áfach, toisc nach raibh an seoladh ríomhphoist sin gníomhach. Sheol an ceannaitheoir ionchasach an iarraidh chuig seoladh ríomhphoist príomhúil an idirghabhálaí eastáit réadaigh ansin.

Ós rud é nach bhfuarthas aon fhreagra ón idirghabhálaí eastáit réadaigh, rinne an duine aonair gearán leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (an Coimisiún). Ag teacht sna sála ar idirghabháil an Choimisiúin, rinne an t-idirghabhálaí eastáit réadaigh caidreamh leis an duine aonair maidir leis an iarraidh léirscriosta uaidh. Le linn an phróisis láimhseála gearán, áfach, fuair an Coimisiún amach gur dhiúltaigh an t-idirghabhálaí eastáit réadaigh don iarraidh léirscriosta a chomhlíonadh. Dar leis an idirghabhálaí eastáit réadaigh, bhí sé ag brath ar oibleagáid faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, rud lenar cruthaíodh ceanglas dlíthiúil chun na sonraí a choinneáil ar feadh sé bliana. Tarchuireadh an ní chuig an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine le haghaidh soiléire, a chuir in iúl ansin nach gcumhdaítear mionsonraí bainc le foclaíocht an Achta agus go bhféadfaí iad a bhaint de bhun iarraidh léirscriosta.

Tar éis an deimhnithe sin, rinne an Coimisiún caidreamh leis an idirghabhálaí eastáit réadaigh chun a chinntiú go léirscriosfaí na mionsonraí bainc mar chuid den iarraidh léirscriosta. Chuir an Coimisiún in iúl don cheannaitheoir ionchasach nach léirscriosfaí míreanna áirithe eile sonraí pearsanta, amhail a ainm, a sheoladh agus a mhionsonraí teagmhála, toisc go raibh bunús dleathach ag an idirghabhálaí eastáit réadaigh leis an gceart go ndéanfaí léirscriosadh a shrianadh ar aon dul leis an Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011. Chinntigh an Coimisiún freisin gur nuashonraigh an t-idirghabhálaí eastáit réadaigh a bheartas príobháideachta chun an pointe cuí teagmhála a léiriú go cruinn.

### Na Príomhthátail atá le Baint:

- Ní mór d'eagraíochtaí a chinntiú go bhfuil pointe cuí teagmhála a ndéantar faireachán air i bhfeidhm acu chun cabhrú le cearta cosanta sonraí a fheidhmiú.
- Ba cheart d'eagraíochtaí a chinntiú freisin go bhfuil aon srianta atá á gcur acu ar chearta a fheidhmiú bailí agus ar aon dul leis an reachtaíocht a bhaineann leis an earnáil ina n-oibríonn siad.

IARRATAS SCRIOSTA

**Cás-Staidéar 10:**

## GEARÁN A BHAIN LE MAINNEACHTAIN FOSTÓRA IONCHASAIGH IARRAIDH LÉIRSCRIOSTA A CHOMHLÍONADH

Bhain an gearán seo leis an mainneachtain líomhnaithe freagra a thabhairt ar iarraidh léirscriosta a rinne duine aonair chuig fostóir ionchasach de bhun Airteagal 17 RGCS.

Tar éis dó an gearán a fháil, chuaigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí (an Coimisiún) i dteagmháil leis an duine aonair agus leis an bhfostóir ionchasach (an rialaitheoir) chun ábhar an ghearáin a shuí agus chun tús a chur leis an bpróiseas réitigh chairdiúil. Tar éis na teagmhála sin, fuair an Coimisiún amach go bhfuair an duine aonair freagra ón rialaitheoir ón uair sin i leith. Dúirt an duine aonair leis an gCoimisiún gur léirscrios an rialaitheoir a shonraí pearsanta. Dúirt sé freisin, áfach, go raibh a chuntas iarratais fós gníomhach ar shuíomh Gréasáin an rialaitheora.

Tar éis dó a dheimhniú go raibh sé sin amhlaidh, rinne an Coimisiún teagmháil leis an rialaitheoir, agus aird an rialaitheora á tarraingt ar an bhfíoras nár léirscriosadh faisnéis maidir leis an gcuntas. Sa fhreagra uaidh, d'admhaigh an rialaitheoir nár scriosadh an fhaisnéis go hiomlán agus chuir sé in iúl gur tharla sé sin mar gheall ar ní teicniúil agus go gcomhlíonfadh sé an iarraidh léirscriosta lom láithreach.

Chuir an rialaitheoir in iúl don Choimisiún ina dhiaidh sin gur chomhlíon sé an iarraidh léirscriosta ina hiomláine ón uair sin i leith tríd an gcuntas a scriosadh. Chuir an rialaitheoir in iúl freisin go ndearna sé teagmháil leis an duine aonair chun an gníomh a rinne sé a dheimhniú agus ghabh sé a leithscéal as an moill ar dhintiúir logála isteach an duine aonair a bhaint dá chórais.

### NA PRÍOMHTHÁTAIL ATÁ LE BAINT:

- Sa chás seo, bhí an Coimisiún in ann a chur in iúl go tapa agus go héifeachtach don fhostóir ionchasach nár chuir sé an iarraidh léirscriosta ón duine aonair i gcrích go hiomlán. Mar thoradh ar an gcumas sin chun dul i dteagmháil go tapa leis an dá pháirtí, bhíothas in ann toradh éifeachtach tapa a bhaint amach. Rud ba thábhachtaí fós, bhí an duine aonair in ann leas a bhaint as an gceart atá aige faoi RGCS chun a shocrú go léirscriosfadh an rialaitheoir sonraí pearsanta a bhaineann leis.
- Tugann an Coimisiún spreagadh do dhaoine aonair teagmháil a dhéanamh leis an oifigeach cosanta sonraí nó le pointí ainmnithe eile teagmhála cosanta sonraí laistigh d'eagraíocht toisc gur féidir leis sin cabhrú le haon iarrataí cosanta sonraí a láimhseáil go cuí agus go héifeachtúil.

**Cás-Staidéar 11:**

## Mainneachtain iarraidh léirscriosta a chomhlíonadh a bhain le cuntas cearrbhachais ar líne

*Iarratas Scriosta*

D'oscail duine aonair cuntas ar líne le geallghlacadóir agus chuir sé suim airgid i dtaisce sa chuntas. Tar éis dó iarracht a dhéanamh an feidhmchlár ("aip") a bhaineann leis an tseirbhís a íoslódáil, thuig an duine aonair go tapa nach raibh an aip comhoiriúnach lena fhón póca. An lá dár gcionn, chuir an duine aonair iarraidh léirscriosta faoi bhráid an gheallghlacadóra faoi Airteagal 17 RGCS. Dhiúltaigh an geallghlacadóir don iarraidh léirscriosta a chomhlíonadh, á lua go raibh oibleagáidí dlíthiúla air na sonraí pearsanta a choinneáil toisc go ndearnadh cistí a chur i dtaisce sa chuntas agus a aistarraingt uaidh, rud a d'fhág gur 'chustaiméir' é. Bhí an duine aonair míshásta leis an bhfreagra sin toisc nár aontaigh sé gur 'chustaiméir' de chuid an gheallghlacadóra é toisc nár chuir sé aon gheall tríd an gcuntas, bíodh sé ar líne nó tríd an aip.

Ag teacht sna sála ar chaidreamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (an Coimisiún), luaigh an geallghlacadóir nach bhféadfadh sé sonraí pearsanta an duine aonair a léirscriosadh toisc go bhfuil sé faoi réir na reachtaíochta Frithsciúrtha Airgid faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010, rud a tháinig chun bheith infheidhme nuair a cuireadh airgead i dtaisce i gcuntas an duine aonair agus nuair a aistarraingíodh an t-airgead sin.

Cé go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil air sonraí pearsanta an duine aonair a choinneáil, d'inis an geallghlacadóir don Choimisiún nach gcoinníonn sé ach an méid íosta sonraí is gá chun an oibleagáid dhlíthiúil sin a chomhlíonadh ar aon dul le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí atá leagtha amach in Airteagal 5(1)(c) RGCS.

Ag teacht sna sála ar an scrúdú uaidh ar an ngearán, chinn an Coimisiún gur thaispeáin an eagraíocht bunús dleathach bailí le coinneáil leanúnach na sonraí pearsanta. Dá ainneoin sin, d'eisigh an Coimisiún moltaí chuig an eagraíocht maidir leis na hoibleagáidí atá uirthi a chinntiú gur dleathach agus cothrom atá an phróiseáil ar fad agus go bhfuil sí trédhearcach maidir lena gníomhaíochtaí próiseála.

### Na Príomhphointí atá le Baint:

- Faoi RGCS, ní hé amháin nach mór do rialaitheoir sonraí bunús dleathach a bheith aige le sonraí pearsanta duine aonair a fháil, ach ní mór dó freisin bunús dleathach leanúnach a bheith aige le coinneáil na sonraí pearsanta de réir Airteagal 6. Is gá do rialaitheoirí a chinntiú go bhfuil siad trédhearcach agus iad ag próiseáil sonraí pearsanta.
- Nuair a ghlacann rialaitheoirí sonraí cur chuige réamhghníomhach nuair a fhaigheann siad iarraidh cosanta sonraí, is minic is féidir nithe a réiteach agus seachaint a dhéanamh ar an ngá le páirt a ghlacadh i bpróiseas fada láimhseála gearán.

IARRATAS SCRIOSTA

**Cás-Staidéar 12:**

## MAINNEACHTAIN IARRAIDH LÉIRSCRIOSTA A CHOMHLÍONADH A BHAIN LE SONRAÍ LEIGHIS

Rinne duine aonair teagmháil leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí tar éis do sholáthraí cúram sláinte diúltú don iarraidh léirscriosta uaidh. D'iarr an duine aonair go léirscriosfaí na sonraí stairiúla sláinte uile a shealbhaigh an soláthraí cúram sláinte faoi. Luaigh sé go raibh na sonraí sin mícheart toisc gur bhain siad le mídhiagnóis líomhnaithe.

Mar chuid dá scrúdú ar an ngearán, d'iarr an Coimisiún ar an soláthraí cúram sláinte a lua cén bunús dleathach a bhí aige le taifid sláinte an duine aonair a phróiseáil, go háirithe i ndáil le hAirteagail 6 agus 9 RGCS. Luaigh an soláthraí cúram sláinte go raibh sé ag brath ar Airteagal 6(1)(e) RGCS chun sonraí pearsanta an duine aonair a phróiseáil. Luaitear in Airteagal 6(1)(e) RGCS go mbeidh an phróiseáil dleathach i gcás gur "...gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir".

I ndáil le hAirteagal 9 RGCS, luaigh an soláthraí cúram sláinte go leanann sé leis na taifid sláinte a phróiseáil faoi Airteagal 9(2)(h) agus (i) RGCS. Luaitear mar a leanas in Airteagal 9(2)(h) RGCS: "is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha leighis choiscthigh nó ceirde...[agus chun] diagnóis leighis...a sholáthar...". Luaitear mar a leanas in Airteagal 9(2)(i) RGCS: "is gá an phróiseáil a dhéanamh ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail i réimse na sláinte poiblí...".

Thug an duine aonair don soláthraí bunaidh cúram sláinte diagnóis fhrithráiteach a fuair sé ó sholáthraithe eile cúram sláinte. Luaigh an duine aonair gur cruthaíodh leis an diagnóis sin go raibh an diagnóis bhunaidh mícheart. Thug an soláthraí cúram sláinte admháil á rá go bhfuair sé na doiciméid ón duine aonair agus rinne sé athbhreithniú orthu. Thug an soláthraí cúram sláinte faoi deara, áfach, gurb ionann diagnóis leighis agus tuairim a thugtar ag pointe ama ar leith. Sa chás seo, bhain na taifid sláinte le tuairim stairiúil leighis a tugadh nuair a fuair an duine aonair an diagnóis. Dá bhrí sin, ní fhéadfar glacadh le haon tuairim leighis a tugadh ag pointe eile ama mar fhianaise á léiriú go bhfuil tuairim stairiúil leighis mícheart. Mar sin, cé gur féidir go dtiocfaidh athrú ar riocht sláinte le himeacht ama, ní chealóidh sé sin an fíoras gur tharla sé, ag pointe ar leith, gur cuireadh cóireáil ar dhuine aonair in aghaidh tinneas ar leith nó gur tugadh diagnóis áirithe dó.

Dar leis an gCoimisiún, is amhlaidh, chun críocha RGCS, a bheidh sonraí pearsanta míchruinn má tá siad mícheart mar fhíoras. Mar sin féin, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil don Choimisiún, níl na sonraí pearsanta – an diagnóis bhunaidh – atá á gcoinneáil ar comhad ag an soláthraí cúram sláinte míchruinn mar fhíoras, toisc gurb ionann iad agus an diagnóis bhunaidh a tugadh ag an bpointe ama sin. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go bhfuil bunús dleathach ag an soláthraí cúram sláinte le leanúint le sonraí sláinte an duine aonair a phróiseáil de réir Airteagal 17(1)(a) RGCS agus gur gá na sonraí pearsanta atá i riocht na diagnóise bunaidh a phróiseáil go fóill i ndáil leis na críocha ar chucu a bailíodh na sonraí pearsanta sin nó a próiseáladh iad ar shlí eile ar dtús. Chinn an Coimisiún freisin gur ghníomhaigh

an soláthraí cúram sláinte i gcomhréir le hAirteagal 17(3)(c) RGCS i ndáil le measúnú cuimsitheach leighis agus cóireáil chuimsitheach leighis a thabhairt don duine aonair nuair a dhiúltaigh sé don iarraidh léirscriosta ón duine aonair a chomhlíonadh.

Tar éis don Choimisiún déileáil leis an ngearán, chuir an soláthraí cúram sláinte ráiteas forlíontach le taifead leighis an duine aonair chun go n-áireofaí leis freisin na doiciméid a sholáthair an duine aonair agus chun aon duine a bheadh ag léamh chomhad leighis an duine aonair amach anseo a chur ar an eolas faoi thuairim an duine aonair agus faoin diagnóis fhrithráiteach i ndáil leis an diagnóis leighis.

Nóta: Luaitear in Airteagal 17(1)(a) RGCS go léirscriosfaidh rialaitheoir sonraí sonraí pearsanta nach bhfuil riachtanach a thuilleadh chun na gcríoch bunaidh. Mar sin féin, eisiaitear le hAirteagal 17(3)(c) RGCS cur i bhfeidhm Airteagal 17(1) in imthosca nach bhfuil an phróiseáil riachtanach a thuilleadh “ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail i réimse na sláinte poiblí i gcomhréir le pointe (h) agus le pointe (i) d’Airteagal 9(2) chomh maith le hAirteagal 9(3)”.

## An Príomhthátal atá le Baint:

- Molann an Coimisiún do dhaoine aonair ábhair imní cosanta sonraí a tharraingt anuas go díreach leis an rialaitheoir ar an gcéad dul síos chun go mbeidh sé in ann aghaidh a thabhairt orthu. Ba cheart do rialaitheoirí sonraí bearta fiúntacha éifeachtúla a bheith i bhfeidhm acu chun déileáil le gearáin cosanta sonraí agus aghaidh a thabhairt orthu i gcás go dtarraingíonn ábhar sonraí anuas iad go díreach.
- Aibhsíonn an cás-staidéar seo nach féidir sonraí stairiúla leighis a scriosadh mar go mbaineann siad le tuairim a thugtar ag pointe áirithe ama agus ní féidir le haon tuairimí sa todhchaí tuairim stairiúil a sholáthair gairmí ina cháil ghairmiúil a fhorscríobh. É sin ráite, bhí scóip ann ráiteas forlíontach a chur leis ar thaifead leighis an duine aonair chun an tuairim leighis nuashonraithe a léiriú, rud a d’fhéadfadh an soláthraí cúram sláinte a bheith déanta gan gá don duine dul i muinín idirghabháil CCS. D’fhéadfadh sé, ar mhaithe le leas an phobail, a cheangal ar sholáthróirí cúram sláinte a chinntiú go bhfuil taifid leighis forlíontacha cothrom le dáta ar thaifead leighis an duine aonair.

NOCHTADH

## Cás-Staidéar 13:

## SONRAÍ SLÁINTE AGUS AIRGEADAIS A NOCHTADH DO THRÍÚ PÁIRTÍ

Chuir duine aonair iarraidh saorála faisnéise faoi bhráid a iarfhostóra, ar Gníomhaireacht Stáit é. Tar éis dó freagra a fháil ar an iarratas sin ar shaoráil faisnéise, fuair an duine amach gur nocht an Ghníomhaireacht Stáit a shonraí airgeadais agus a sonraí pearsanta de chatagóir speisialta – eadhon, sonraí sláinte – do thríú páirtí gaolmhar. Rinne an duine aonair gearán leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

Cuireadh de chúram ar an gCoimisiún a scrúdú cé acu a rinne nó nach ndearna an Ghníomhaireacht Stáit próiseáil dhleathach, ar bhealach nach raibh iomarcach, ar shonraí pearsanta an duine aonair nuair a nocht ball foirne de chuid na Gníomhaireachta Stáit sonraí sláinte agus airgeadais an duine aonair do thríú páirtí bainteach.

In imthoisc an cháis seo, rinne an duine aonair cumarsáid le ball den fhoireann acmhainní daonna ina cháil oifigiúil, ar lena linn a tharraing an duine aonair aird ar shaincheisteanna a bhain lena shláinte, lena stádas airgeadais agus lena shaol pearsanta. Mar gheall ar shaincheisteanna a bhain le sláinte an duine aonair, bhí sé i dteagmháil thráthrialta leis an mball foirne acmhainní daonna ina cháil oifigiúil.

Tar éis cruinniú idir an duine aonair agus an ball foirne acmhainní daonna, sheol an ball sin achoimre ar an méid a pléadh chuig tríú páirtí bainteach, i.e., ball den tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse. Soláthraíonn an tSeirbhís Chúnaimh Clár inmheánach Cúnaimh d'Fhostaithe do bhaill foirne státseirbhíse, rud ar féidir le fostaithe leas a bhaint as trí theagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís. Is seirbhís chomhroinnte í a úsáideann na Gníomhaireachtaí Stáit uile chun tairbhe do gach fostaí, agus folláine fostaithe agus éifeachtacht eagraíochtúil á gcur chun cinn aici.

Le linn an scrúdaithe ar seo, Luaigh an Ghníomhaireacht stáit gur dhleathach a bhí próiseáil na sonraí pearsanta agus comhroinnt shonraí pearsanta an duine aonair ag an mball foirne acmhainní daonna leis an mball den tSeirbhís Chúnaimh toisc gur chomhroinn an duine aonair na sonraí pearsanta faoi shaoirse leis an mball foirne acmhainní daonna agus, dá réir sin, gur thoiligh sé leis an bpróiseáil. Luaigh sí freisin gur ghnáthrud iad na seirbhísí forluiteacha agus an comhairliúchán idir an ball foirne acmhainní daonna agus an tSeirbhís Chúnaimh i ndáil leis an bhfostaí, go n-oibríonn an ball foirne acmhainní daonna agus an ball den tSeirbhís Chúnaimh araon faoi rún daingean le linn dóibh a ndualgais a chomhlíonadh, agus gur chuir an rud a chomhroinn an duine aonair leis an mball foirne acmhainní daonna an oiread sin imní ar an mball sin gur ghá dó é a nochtadh don bhall den tSeirbhís Chúnaimh chun treoir agus tacaíocht chuí a lorg agus chun tacú leis an duine aonair. Ba é seasamh na Gníomhaireachta Stáit, mar sin, nach raibh aon toirmeasc ann ar an nochtadh.

D'ainneoin go raibh fíorimní ar an mball foirne acmhainní daonna faoi shláinte agus leas an duine aonair, chinn an Coimisiún nach raibh na himthosca ag teacht leis an bpráinn a bhaineann leis an mbeatha a chosaint agus go ndearnadh an phróiseáil

toisc gur lorg an ball foirne acmhainní daonna treoir ón mball den tSeirbhís Chúnaimh chun déileáil go práinneach leis na saincheisteanna a tharraing an duine aonair anuas.

Chinn an Coimisiún freisin nach bhféadfadh an Ghníomhaireacht Stáit a bheith ag brath ar thoiliú an duine aonair a bheith faighte aici chun a shonraí pearsanta a phróiseáil ar an mbealach sin toisc gurbh amhlaidh, cé gur chomhroinn an duine aonair na sonraí pearsanta faoi shaoirse leis an mball foirne acmhainní daonna, nár thug sé aon toiliú don bhall foirne sin na sonraí pearsanta sin a nochtadh ansin don bhall den tSeirbhís Chúnaimh.

Níor thug an Ghníomhaireacht Stáit aon bhunús dleathach eile leis an bpróiseáil. Dá réir sin, chinn an Coimisiún nach raibh aon bhunús dleathach ag an nGníomhaireacht Stáit leis an bpróiseáil agus gur fhág sé sin go raibh an phróiseáil neamhdhleathach.

Agus breithniú á dhéanamh ar na prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta, chinn an Coimisiún gur chun críche sonraithe, follasaí agus dlisteanaí a fuair an Ghníomhaireacht Stáit na sonraí pearsanta, ba é sin chun cúnamh acmhainní daonna a thabhairt don duine aonair i leith na saincheisteanna a tharraing sé anuas leis an mball foirne acmhainní daonna. Mar an gcéanna, mar gheall ar an gcaidreamh bainteach idir an ball foirne acmhainní daonna ina cháil oifigiúil agus an ball den tSeirbhís Chúnaimh, ní dhearnadh aon phróiseáil bhreise ar shonraí pearsanta an duine aonair ar bhealach a bhí ar neamhréir leis an gcríoch ar chuici a fuarthas iad, toisc gur nochtadh na sonraí chun cúnamh a thabhairt don duine aonair i leith na saincheisteanna a tarraingíodh anuas, lenar áiríodh folláine fostaithe.

Mar sin féin, chinn an Coimisiún gur mhó an méid sonraí pearsanta a nocht an Ghníomhaireacht Stáit ná an méid ba ghá chun cúnamh a lorg agus chun cúnamh a thabhairt don duine aonair. Dá réir sin, níor chloígh an Ghníomhaireacht Stáit le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí. Ghlac an Ghníomhaireacht Stáit leis an gcinneadh sin.

### An Príomhthátal atá le Baint:

- I gcomhthéacs fostaíochta, tagann chun cinn go minic an gá le sonraí pearsanta fostaithe a chomhroinnt le tríú páirtithe. Léirítear sa chás seo gurb amhlaidh, chun a chinntiú go dtarlaíonn an chomhroinnt i gcomhlíonadh na gceanglas cosanta sonraí, is gá oiliúint leanúnach a chur ar an bhfoireann ar fad maidir leis na hoibleagáidí atá orthu faoin dlí um chosaint sonraí. Ina theannta sin, ní mór do rialaitheoirí dícheall cuí a dhéanamh chun iad féin a shásamh go gcomhlíonann na gníomhaíochtaí próiseála sonraí uile na dlíthe um chosaint sonraí.
- Bíonn an Coimisiún ag súil le cuntasacht thar ceann rialaitheoirí agus, le linn dó gearán a láimhseáil, mionscrúdóidh sé na míniúcháin agus na cúiseanna a thugann rialaitheoir chun a chinntiú gurb infhíoraithe agus intaispeánta atá an seasamh a chuirtear ar aghaidh.

NOCHTADH

**Cás-Staidéar14:**

## SONRAÍ PEARSANTA A NOCHTADH DO GHNÍOMHAIREACHT BAILIÚCHÁIN FIACH

Rinne duine aonair teagmháil leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí tar éis do sholáthraí seirbhíse fuinnimh próiseáil bhreise a dhéanamh ar a shonraí pearsanta agus iad a chomhroinnt le tríú páirtí, ar gníomhaireacht bailiúcháin fiach é. Chuir an duine aonair a chonradh leis an soláthraí seirbhíse i gcrích agus fuair sé a shonrasc deiridh as na seirbhísí a soláthraíodh. Cheistigh an duine aonair roinnt de na muirir ar an sonrasc, ach ní bhfuair sé aon fhreagra ón soláthraí seirbhíse. Ina ionad sin, rinne gníomhaireacht bailiúcháin fiach teagmháil leis.

Rinne an Coimisiún um Chosaint Sonraí teagmháil leis an soláthraí seirbhíse, agus d'fhiafraigh sé de cén bunús dleathach a bhí aige leis an bpróiseáil faoi Airteagal 6 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ("RGCS") i gcomhthéacs sonraí pearsanta an duine aonair a chomhroinnt le tríú páirtí, ar gníomhaireacht bailiúcháin fiach é. Ar dtús, luaigh an soláthraí seirbhíse gurbh é an bunús dleathach a bhí aige le sonraí pearsanta an duine aonair a phróiseáil ná Airteagal 6(1)(b) RGCS, ina luaitear go mbeidh próiseáil dleathach i gcás gur "...gá an phróiseáil a dhéanamh chun conradh ar páirtí ann an t-ábhar sonraí a chomhlíonadh...". Mhínigh an soláthraí seirbhíse don Choimisiún gur le "táille luathscoir" a bhain easaontas an duine aonair leis an sonrasc agus gur cuireadh an táille sin leis an sonrasc toisc gur chealaigh an duine aonair an conradh leis an soláthraí seirbhíse sular comhlíonadh an fad aontaithe conartha. Dar leis an soláthraí seirbhíse, luaitear ina théarmaí agus coinníollacha go ngearrfar táille scoir ar chustaiméir i gcás go mbrisfidh sé an conradh leis an soláthraí seirbhíse. Dúirt an soláthraí seirbhíse freisin gur aontaigh an duine aonair lena théarmaí agus coinníollacha nuair a chláraigh sé leis an soláthraí seirbhíse.

Dúirt an soláthraí seirbhíse leis an gCoimisiún gur mhainnigh sé easaontas an duine aonair leis an sonrasc a thaifeadadh, rud a d'fhág ansin gur comhroinneadh sonraí pearsanta an duine aonair le tríú páirtí. Ghlac an soláthraí seirbhíse leis nár lean sé an nós imeachta inmheánach ceart agus é ag déileáil le fiacha faoi dhíospóid agus gur fhág sé sin go ndearnadh próiseáil mhícheart ar shonraí pearsanta an duine aonair. Dúirt sé, áfach, gurbh earráid dhaonna ba chúis leis sin.

Dá réir sin, mhainnigh an soláthraí seirbhíse a thaispeáint gur chomhlíon sé ceann amháin de na príomhphrionsabail atá in RGCS, is é sin: ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil ar chaoi go n-áirithítear slándáil iomchuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach, agus úsáid á baint as bearta iomchuí teicniúla nó eagraíochtúla, de réir Airteagal 5(1)(f) RGCS ('sláine agus rúndacht').

Ba cheart don soláthraí seirbhíse aird a bheith aige ar Airteagal 25 RGCS ('cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú') maidir lena chinntiú go leanann gach ball foirne na bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla dá chinntiú nach bpróiseáiltear mar réamhshocrú ach sonraí pearsanta atá riachtanach chun gach críche sonraí atá leis an bpróiseáil.

Mhol an Coimisiún don soláthraí seirbhíse gur cheart, i gcás go mbeadh easaontas beo ann i leith an chuntais, gur cheart dó a chinntiú go mbeadh a bhaill foirne ar an eolas faoin nós imeachta inmheánach le haghaidh an céanna a dhoiciméadú ionas nach dtarchuirfí an cuntas chuig gníomhaireacht bailiúcháin fiach go dtí go mbeadh an t-easaontas réitithe nó dúnta.

## An Príomhthátal atá le Baint:

- Féadfaidh próiseálaithe sonraí sonraí pearsanta a phróiseáil go dleathach, ar choinníoll go bhfuil bunús dlí leis an bpróiseáil. Sonraíonn Airteagal 28 den GDPR na himthosca inar féidir le rialaitheoir sonraí seirbhísí próiseálaí sonraí a fhostú. Sa chás seo, áfach, thug an rialaitheoir neamhaird ar imní a d'ardaigh an duine aonair roimhe seo agus theip air a nósanna imeachta inmheánacha féin a leanúint.
- Ní mór do rialaitheoirí sonraí a chinntiú freisin go bhfuil a bhfoireann oilte go hiomlán i nósanna imeachta inmheánacha, agus i mbeartais um chosaint sonraí, chun slándáil iomchuí na sonraí pearsanta a áirithiú, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach.

LONCHÚISEAMH

**Cás-Staidéar 15:**

## LONCHÚISEAMH CHILL INSURANCE LIMITED

I mí Iúil 2022, fuair an Coimisiún um Chosaint Sonraí gearán amháin ó dhuine aonair maidir le teachtaireachtaí margaíochta SMS gan iarraidh a fuarthas ó Chill Insurance Limited. Agus é ag tabhairt freagra ar an imscrúdú ón gCoimisiún ar an ngearán, mhínigh Chill Insurance Limited nach raibh aon toiliú aige leis na cumarsáidí margaíochta sin a sheoladh. Tar éis don Choimisiún gearán den chineál céanna a fháil faoin gcuideachta sa bhliain 2021, rinne an chuideachta athbhreithniú iomlán ar a feachtais mhargaíochta agus rinne sí athruithe ar na feachtais sin. Níor cuireadh chun feidhme na hathruithe uile a sainaithníodh tar éis an athbhreithnithe sin, áfach. Ba é an toradh a bhí air sin go ndearnadh gearán eile sa bhliain 2022. Ós rud é gur eisigh an Coimisiún rabhadh chuig an gcuideachta maidir leis an ngearán roimhe, chinn an Coimisiún ionchúiseamh a dhéanamh de bhun an ghearáin seo.

Ag Cúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath an 11 Meán Fómhair 2023, phléadáil Chill Insurance Limited ciontach i gcúiseamh amháin faoi Rialachán 13(1) de na Rialacháin um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach i dteachtaireacht margaíochta SMS a sheoladh gan toiliú agus i gcúiseamh amháin faoi Rialachán 13(12)(c) de na Rialacháin um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach i mainneachtain rogha bhailí diúltaithe a chur ar áireamh sa teachtaireacht sin. Chuir an Chúirt Dúiche an Probation of Offenders Act, 1907, i bhfeidhm sa chás seo, agus síntiús carthanúil €500 á thabhairt do Little Flower Penny Dinners. D’aontaigh Chill Insurance Limited costais dlí an Choimisiúin a ghlanadh.

**Cás-Staidéar 16:**

## LONCHÚISEAMH HIDDEN HEARING LIMITED

LONCHÚISEAMH

Thaisc ceathrar aonair gearáin faoi theachtaireachtaí margaíochta SMS, ríomhphoist mhargaíochta agus glaonna teileafóin margaíochta gan iarraidh a fuair siad ó Hidden Hearing Limited. Thug duine amháin de na gearánaigh freagra don seoltóir, á iarraidh go mbainfí a uimhir theileafóin de liosta margaíochta na cuideachta. Cé go ndearnadh de réir na hiarrata sin, tharla sé, mar gheall ar earráid córais, gur theip ar an gcóras bainistíochta caidrimh custaiméirí sioncrónú leis an gcóras bainistíochta dialainne. Dá bhrí sin, níor baineadh uimhir theileafóin an ghearánaigh den liosta glaonna agus fuair sé glao teileafóin margaíochta eile gan iarraidh.

San imscrúdú uainn ar na ceithre ghearán seo, suíodh nach raibh aon toiliú ag Hidden Hearing Limited le cumarsáidí margaíochta gan iarraidh a sheoladh chuig na gearánaigh lena mbaineann. Ós rud é gur eisigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí rabhadh chuig an gcuideachta maidir le gearán roimhe, chinn an Coimisiún ionchúiseamh a dhéanamh de bhun na ngearán seo.

Ag Cúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath an 11 Meán Fómhair 2023, phléadáil Hidden Hearing Limited ciontach in dhá chúiseamh faoi Rialachán 13(1) de na Rialacháin um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach i ríomhphost margaíochta agus teachtaireacht margaíochta SMS a sheoladh gan toiliú agus in dhá chúiseamh faoi Rialachán 13(6)(a) de na Rialacháin um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach i nglaonna teileafóin margaíochta a chur gan toiliú. Chuir an Chúirt Dúiche an Probation of Offenders Act, 1907, i bhfeidhm sa chás seo, agus síntiús carthanúil €500 á thabhairt do Little Flower Penny Dinners. D’aontaigh Hidden Hearing Limited costais dlí an Choimisiúin a ghlanadh.

Lonchúiseamh

Cás-Staidéar 17:

## Lonchúiseamh Chumann Scléaróise Iolraí na hÉireann

I mí Aibreáin 2023, fuair an Coimisiún um Chosaint Sonraí gearán amháin ó dhuine aonair maidir le teachtaireachtaí ríomhphoist margaíochta gan iarraidh a fuarthas ó Chumann Scléaróise Iolraí na hÉireann. Agus é ag tabhairt freagra ar an imscrúdú ón gCoimisiún ar an ngearán, mhínigh Cumann Scléaróise Iolraí na hÉireann gur roghnaigh an duine aonair gan cumarsáidí margaíochta a fháil i mí Iúil 2018. Mar chuid de thionscadal ascnaimh a seoladh i mí Aibreáin 2023, áfach, cuireadh seoladh ríomhphoist an ghearánaigh ar áireamh de bhotún sa liosta daoine aonair a thoiligh le cumarsáidí margaíochta a fháil. Mar thoradh air sin, seoladh teachtaireachtaí ríomhphoist margaíochta gan iarraidh chuig an ngearánach. Ós rud é gur eisigh an Coimisiún rabhadh chuig an gcuideachta maidir le gearán roimhe, chinn an Coimisiún ionchúiseamh a dhéanamh de bhun an ghearáin seo.

Ag Cúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath an 11 Meán Fómhair 2023, phléadáil Cumann Scléaróise Iolraí na hÉireann ciontach i gcúiseamh amháin faoi Rialachán 13(1) de na Rialacháin um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach i ríomhphost margaíochta a sheoladh gan toiliú. Chuir an Chúirt Dúiche an Probation of Offenders Act, 1907, i bhfeidhm sa chás seo, agus síntiús carthanúil €500 á thabhairt do Little Flower Penny Dinners. D’aontaigh Cumann Scléaróise Iolraí na hÉireann costais dlí an Choimisiúin a ghlanadh.

**Cás-Staidéar 18:**

## Lonchúiseamh Vodafone Ireland Limited

*Lonchúiseamh*

I mí Iúil 2023, fuair an Coimisiún um Chosaint Sonraí gearán amháin ó dhuine aonair maidir le glao teileafóin margaíochta gan iarraidh a fuarthas ó Vodafone Ireland Limited. Agus é ag tabhairt freagra ar an imscrúdú ón gCoimisiún ar an ngearán, mhínigh Vodafone Ireland Limited gur roghnaigh an duine aonair gan cumarsáidí margaíochta a fháil i mí na Nollag 2021. Fuarthas amach, áfach, gur dearadh go mícheart trí fheachtas margaíochta ríomhphoist le déanaí de dheasca earráid dhaonna. D'fhág sé sin gur seoladh teachtaireachtaí margaíochta chuig 20,790 custaiméir a roghnaigh gan cumarsáidí margaíochta a fháil. A luaithe a sainaithníodh an earráid sin, cuireadh stop leis na feachtais agus níor úsáideadh arís iad. Bhí an duine aonair i measc na gcustaiméirí lena mbaineann.

Rinne an Coimisiún Vodafone Ireland Limited a ionchúiseamh sna blianta 2022, 2021, 2019, 2018, 2013 agus 2011 i leith Rialachán 13 de na Rialacháin um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach a shárú i ndáil le gearáin roimhe sin. Dá réir sin, chinn an Coimisiún ionchúiseamh eile a sheoladh de bhun an ghearáin seo.

Ag Cúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath an 11 Meán Fómhair 2023, phléadáil Vodafone Ireland Limited ciontach i gcúiseamh amháin faoi Rialachán 13(1) de na Rialacháin um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach i ríomhphost margaíochta a sheoladh gan toiliú. Chiontaigh an Chúirt Dúiche Vodafone Ireland Limited sa chúiseamh amháin sin agus d'fhorchuir sí fíneáil €500. D'aontaigh Vodafone Ireland Limited costais dlí an Choimisiúin a ghlanadh.

### An Príomhthátal atá le Baint:

- Léiríonn na hionchúisimh seo a thábhachtaí atá sé go mbeadh córais i bhfeidhm lena dtaifeadtar go cruinn sainroghanna toilithe an ábhair sonraí, go háirithe i gcás go bhfuil eagraíocht ag ascnamh sonraí chuig córais nua ghnó nó go bhfuil sí ag cur tús le feachtais nua mhargaíochta. Léirítear iontu freisin gur cheart d'eagraíochtaí athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar aon liostaí toilithe custaiméirí atá acu.

TCI

**Cás-Staidéar 19:**

## Gearán maidir le próiseáil chothrom a bhain le TCI san áit oibre

Tharraing duine aonair ábhar imní anuas lena fhostóir sa tionscal scéimhe faoi líon ceamaraí teilifíse ciorcaid iata (TCI) san áit oibre a chreid sé a bheith iomarcach. Luaigh an duine nár cuireadh in iúl dó riamh go raibh na ceamaraí á suiteáil agus go raibh imní air go raibh taifeadtaí fuaime agus taifeadtaí físe araon á ndéanamh ag na ceamaraí. Chuir an eagraíocht in iúl don duine aonair gur ar mhaithe le sábháilteacht na foirne a suiteáladh na ceamaraí agus nár taifeadadh aon fhuaim riamh.

Chuir an duine aonair gearán faoi bhráid an Choimisiúin um Chosaint Sonraí toisc go raibh sé míshásta leis an bhfreagra a fuarthas ón eagraíocht. Mar chuid den scrúdú uaidh, chuir an Coimisiún ceist ar an eagraíocht faoi na taifeadtaí fuaime líomhnaithe a taifeadadh leis na ceamaraí TCI. Dheimhnigh an eagraíocht nár taifeadadh aon fhuaim agus thug sí don Choimisiún litir ó sholáthraí an chórais TCI inar deimhníodh tuilleadh nár taifeadadh aon fhuaim leis na ceamaraí toisc nach raibh aon chumas taifeadadh fuaime acu.

Chuir an eagraíocht in iúl don Choimisiún gur shuiteáil sí na ceamaraí ar dtús tar éis sraith fadhbanna slándála, lenar áiríodh teagmhais ghadaíochta. Luaigh sí freisin, áfach, gur ar mhaithe le sábháilteacht na mball foirne agus iad ag obair ina n-aonar a suiteáladh na ceamaraí. Cé gur mhaígh an duine aonair nach raibh sé ar an eolas gur suiteáladh na ceamaraí, luaigh an eagraíocht go raibh na ceamaraí ann le trí bliana sula ndearna an duine aonair gearán leis an gCoimisiún agus gur chuir an duine aonair oiliúint ar an bhfoireann ina leith.

Luaigh an eagraíocht go raibh roinnt bunús dleathach aici le sonraí a phróiseáil ar an mbealach sin, lenar áiríodh Airteagal 6(1)(d) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ("RGCS"), á rá go bhfuil na ceamaraí ag teastáil chun leasanna ríthábhachtacha a foirne a chosaint.  Sonraítear in Airteagal 6(1)(d) RGCS go mbeidh próiseáil sonraí pearsanta dleathach más rud é "[gur] gá an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine nádúrtha eile a chosaint". Luaigh sí Airteagal 6(1)(f) RGCS freisin, ina sonraítear go mbeidh próiseáil dleathach más rud é "[gur] gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir…" toisc go bhfuil leas dlisteanach ag an eagraíocht i slándáil na háite oibre, i sábháilteacht na foirne agus sa choireacht a chosc.

Chuir an Coimisiún in iúl don eagraíocht nach bhféadann sí dul i muinín Airteagal 6(1)(d) RGCS mar bhunús dleathach le ceamaraí TCI a úsáid san áit oibre. Dheimhnigh an eagraíocht gurbh amhlaidh, ar aon dul le hAirteagal 6(1)(f) RGCS, a sheol sí tástáil cothromaithe leasanna dlisteanacha roimh shuiteáil na gceamaraí TCI. Luaigh an eagraíocht freisin go bhfuil an phróiseáil teoranta dá bhfuil riachtanach, á lua gur gá í a dhéanamh chun críocha sábháilteachta. Luaigh sí go gcoinnítear na píosaí scannáin ar feadh tréimhse 20 lá agus go dtaifeadtar píosaí scannáin nua ina n-áit ansin. Luaigh an eagraíocht nach bhfuil rochtain ar na píosaí scannáin, atá cosanta ag pasfhocal, ach amháin ag an lucht bainistíochta.

Ag teacht sna sála ar an scrúdú uaidh ar an ngearán, chinn an Coimisiún gur thaispeáin an eagraíocht bunús dleathach bailí le sonraí pearsanta a phróiseáil trí cheamaraí TCI a úsáid faoi Airteagal 6(1)(f) RGCS.

### Na Príomhphointí atá le Baint:

- Ní mór cúis dhleathach a bheith ann le TCI a úsáid, amhail cosc ar an gcoireacht nó sláinte agus sábháilteacht oibrithe. Ní mór úsáid TCI a bheith riachtanach agus comhréireach.
- Ba cheart d'eagraíochtaí a chur san áireamh, sula suiteálfaí córais den sórt sin, cé na tairbhí is féidir a ghnóthú, cé acu is ann nó nach ann do réitigh níos fearr, agus cén éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ann ar dhaoine aonair.
- Tá tuilleadh eolais ar an ábhar seo le fáil ag:

  https://www.dataprotection.ie/ga/dpc-guidance/treoir-ar-usaid-cctv-do-rialaitheoiri-sonrai

TCI

## Cás-Staidéar 20:

# TCI i Seomraí Folctha

Gach bliain faigheann an CCS go leor fiosruithe agus gearáin ó dhaoine éagsúla a dhéanann gearán go sonrach faoi úsáid TCI i limistéir scíthe ag eagraíochtaí éagsúla ar nós tithe tábhairne, clubanna oíche, bialanna agus iostaí iompair. Go háirithe, líomhnaíonn na gearáin go bhfuil na ceamaraí ag díriú ar réimsí ar leith i seomraí scíthe ina bhfuil ionchas méadaithe maidir le príobháideacht, mar shampla os cionn ciúbach nó fualán.

Cé go ndeachaigh an CCS i dteagmháil le heagraíochtaí ar bhonn duine le duine, ní mór breithniú níos ginearálta a dhéanamh ar an tsaincheist maidir le dleathacht phróiseáil sonraí pearsanta trí TCI i seomraí scíthe. Mar thoradh air sin, tá scrúdú breise déanta ag an CCS ar na saincheisteanna seo agus nuashonraigh sé a Threoir maidir le TCIanna do Rialaitheoirí Sonraí trí mhír shonrach a chur san áireamh ar 'Úsáid TCI i réimsí ina bhfuiltear ag súil le príobháideacht.

## An Príomhthátal atá le Baint:

- Ba cheart d'eagraíochtaí gan úsáid a bhaint as TCI i gcás go bhfuil ionchas réasúnta ard ann maidir le príobháideachas (mar shampla, os cionn ciúbach). Tá an tairseach maidir le húsáid TCI i seomraí codlata níos ginearálta fós an-ard, agus ceanglaítear ar rialtóirí sonraí na saincheisteanna dlisteanacha go léir a thagann chun cinn a shainaithint agus a scrúdú agus bearta cuí a mheasúnú agus a chur i bhfeidhm a chosnaíonn leasanna daoine aonair a úsáideann na háiseanna sin nach mór a mheas. roimh imscaradh aon chórais.
- Molann an CCS go láidir go gcuirfeadh gach rialaitheoir sonraí eolas ar an treoir nuashonraithe seo.

**Cás-Staidéar 21:**

## Gearán faoi shárú a bhain le faisnéis fostaíochta

*Sárú*

Fuair an Coimisiún um Chosaint Sonraí gearán a rinne duine aonair in aghaidh a fhostóra. Bhain sé le sárú sonraí a tharla nuair a cuireadh fillteán acmhainní daonna ina raibh sonraí pearsanta an duine aonair ar thiomántán poiblí a raibh rochtain ag daoine aonair tríú páirtí air.

Dúirt an fostóir leis an gCoimisiún gur thug sé fógra don. Dúirt sé gur tharla sé, de dheasca earráid dhaonna, gur aistríodh fillteán ina raibh sonraí pearsanta chuig tiomántán comhroinnte coiteann inmheánach de thaisme. Dúirt sé freisin nach raibh rochtain ag aon duine ar bith lasmuigh den eagraíocht ar an bhfillteán sin. A luaithe a tháinig an fostóir ar an eolas faoin sárú sin, rinne sé gníomh láithreach chun na comhaid lena mbaineann a dhaingniú.

Daingníodh na fillteáin acmhainní daonna trí iad a bhaint den tiomántán comhroinnte agus trí iad a chur sa tiomántán cuí logánta acmhainní daonna. Rinne an fostóir imscrúdú ar an teagmhas sin agus dheimhnigh sé nach ndearnadh aon phróiseáil bhreise ar shonraí pearsanta sa chás seo. Chuir an fostóir na daoine aonair a ndearnadh difear dóibh ar an eolas faoin sárú agus thug sé an t-eolas is deireanaí roinnt uaireanta maidir leis an gcéanna tríd an ríomhphost. Ina dhiaidh sin, thug an fostóir don duine aonair liosta mionsonraithe de na catagóirí sonraí pearsanta a bhí i gceist leis an sárú sonraí.

Tar éis dó an ní a scrúdú a mhéid a measadh a bheith cuí, mheabhraigh an Coimisiún don fhostóir na hoibleagáidí atá air faoi Airteagal 5(1)(f) agus Airteagal 24 RGCS. Chomhoibrigh an fostóir leis an gCoimisiún arís agus arís eile. Rinne an Coimisiún cigireacht dheonach ag áitreabh an fhostóra freisin. Rinne an Coimisiún measúnú ar an sárú agus chuaigh sé i dteagmháil leis an bhfostóir, a d’inis don Choimisiún go bhfuil bearta i bhfeidhm, nó go bhfuil sé beartaithe bearta a chur i bhfeidhm, chun a chinntiú nach dtarlóidh teagmhas den chineál céanna arís sa todhchaí.

### An Príomhthátal atá le Baint:

- Ba cheart d’eagraíochtaí a chinntiú go bhfuil rialuithe cuí agus faireachán cuí i bhfeidhm acu agus iad ag úsáid saoráidí amhail fillteáin agus tiomántáin chomhroinnte. Má tá seirbhísí den sórt sin á n-úsáid, ba cheart iniúchadh tráthrialta a dhéanamh orthu chun a chinntiú nach bhfuil aon sonraí pearsanta inrochtana.

Sárú

**Cás-Staidéar 22:**

## Próiseálaí Sonraí i Sárú Earnáil na Carthanachta

Bhain ocht n-eagraíocht déag (rialaitheoirí sonraí) a bhí ag obair san earnáil carthanas úsáid as próiseálaí sonraí a bhí lonnaithe lasmuigh de dhlínse an Choimisiúin um Chosaint Sonraí (an Coimisiún). Soláthraíonn na heagraíochtaí sin seirbhísí atá dírithe den chuid is mó ar thacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair soghonta agus is eagraíochtaí neamhbhrabúis iad a n-oibríonn formhór a mball foirne ar bhonn deonach.

Ghnóthaigh drochghníomhaí rochtain ar líonra an tsoláthraí seirbhíse tríú páirtí (líonra an rialaitheora sonraí). Ní raibh an próiseálaí sonraí in ann a dheimhniú cá fhad a bhí an drochghníomhaí ag insíothlú isteach ina chuid córas sular aimsíodh an sárú. Ba é an toradh a bhí air sin ná gur goideadh roinnt sonraí, gur scriosadh bunachar sonraí inar sealbhaíodh na sonraí agus gur tugadh nóta fuascailte inar éilíodh íocaíocht. Rinne an drochghníomhaí teagmháil dhíreach leis an bpróiseálaí sonraí agus thug sé fianaise ar na sonraí goidte.

Níor íoc an próiseálaí sonraí an fhuascailt agus luaigh sé gur athbhunaigh sé a chórais ó chúltaca.  Bhí na sonraí goidte ina riosca fós, áfach.

Ní raibh ach ocht gcinn de na hocht n-eagraíocht déag in ann a dheimhniú go raibh Plean Freagartha do Theagmhais Sáraithe acu cheana féin. Thaispeáin an-chuid de na rialaitheoirí sonraí nach raibh aon taithí TF ar chor ar bith acu agus bhí an chuma air nár aithin siad fairsinge na n-oibleagáidí atá orthu faoi Airteagal 24 RGCS.

I measc fhormhór na n-eagraíochtaí, bhí méideanna difriúla tuisceana ann ar na sonraí pearsanta agus na sonraí catagóire speisialta a shealbhaigh siad. Ina theannta sin, ní raibh roinnt de na heagraíochtaí in ann na catagóirí sonraí a shealbhaigh siad a dheimhniú.

Ní raibh i bhfeidhm ag formhór na n-eagraíochtaí conradh idir an rialaitheoir agus an próiseálaí de bhun Airteagal 28(3) RGCS. Ina ionad sin, bhí na rialaitheoirí sonraí sin ag brath ar Chomhaontú Síntiúis um Bogearraí mar Sheirbhís. Bhí an chuma ar an gcomhaontú sin go raibh sé i bhfabhar an phróiseálaí sonraí maidir le hoibleagáidí i ndáil le freagairt do theagmhas slándála nó i ndáil le faisnéis a bhaineann le teagmhas slándála a sholáthar.

Ní dhearna roinnt de na heagraíochtaí Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí, d'ainneoin chineál na heagraíochta agus na gcliant a bhfreastalaíonn siad orthu. Luaigh roinnt eagraíochtaí nach raibh siad in ann Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí a dhéanamh toisc gur dhiúltaigh an próiseálaí sonraí géilleadh d'fhaisnéis a sholáthar faoina chórais agus faoin sárú.

Rinne an Coimisiún caidreamh leis an údarás cosanta sonraí sa tír a raibh an próiseálaí lonnaithe inti chun faisnéis a bhailiú agus a chomhroinnt. Rinne an Coimisiún tuilleadh caidrimh leis na heagraíochtaí ó thaobh na rialála de agus ó thaobh na maoirseachta de araon, agus roinnt moltaí á soláthar aige lenar leagadh béim ar na hoibleagáidí atá ar na heagraíochtaí maidir le feasacht ar na catagóirí sonraí pearsanta a phróiseálann siad de bhun Airteagal 4(1) agus Airteagal 9 RGCS, maidir leis an tábhacht a bhaineann le grinnfhiosrú a dhéanamh ar aon tríú páirtí a bhfuil siad ag roghnú caidreamh a dhéanamh leis sula gceadófaí an phróiseáil sonraí pearsanta (Airteagal 28(1) RGCS) agus maidir leis an oibleagáid atá orthu a chinntiú go mbeidh comhaontú próiseála i bhfeidhm ina leagtar freagrachtaí an dá pháirtí amach go soiléir (Airteagal 28(2) RGCS) agus go dtástálfar í ar bhonn tráthrialta.

## An Príomhthátal atá le Baint:

- Is iad na príomhbhealaí beir leat go bhféadfaidh eagraíocht a próiseáil ar ghníomhaíochtaí sonraí pearsanta a sheachfhoinsiú chuig tríú páirtí ach ní féidir léi a freagracht agus a hoibleagáidí faoin GDPR a sheachfhoinsiú. Is gá cúram ar leith a dhéanamh agus sonraí daoine aonair á roinnt le tríú páirtithe, go háirithe a sonraí i gcatagóir speisialta. Is ceart daonna bunúsach é cosaint sonraí agus ní mór d'eagraíochtaí in earnáil na gcarthanas a thabhairt chun cuimhne go bhfuil muinín ag daoine as a gcuid sonraí a choinneáil sábháilte.
- Is féidir le heagraíochtaí atá in ann comhairle a lorg ó eagraíochtaí piaraí nó ón CCS modhanna iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur i bhfeidhm.

SÁRÚ

**Cás-Staidéar 23:**

## SCOIL DARA LEIBHÉAL ÍOSPARTACH IONSAÍ IASCAIREACHTA MÍOLTA MÓRA

Ghnóthaigh drochghníomhaí rochtain ar na córais TFC de chuid scoile (de chuid rialaitheora sonraí), lenar áiríodh an córas ríomhphoist, agus d'insíothlaigh sé isteach iontu ar feadh tréimhse anaithnid ama. Bhailigh an drochghníomhaí faisnéis sula ndearna sé ríomhphost fioscaireachta a sheoladh agus a chur ina luí ar an riarthóir cuntas airgeadais íocaíochtaí a dhíriú isteach i gcuntas calaoiseach.

Sheol an drochghníomhaí ríomhphost chuig an riarthóir cuntas, á chur i gcéill gur seoladh é ó sheoladh ríomhphoist phríomhoide na scoile. Tugtar cumarsáid faoi bhréagriocht air sin agus fágann sé go bhfuil an chuma air gur seoladh an ríomhphost ó dhuine aonair a bhfuil iontaoibh as agus gur iarraidh bhailí atá ann. Cuimsíodh sa ríomhphost sin cóipeanna dúblacha calaoiseacha de shonraisc a bhain le hobair dhlisteanach a rinneadh sa scoil. Mhí-ionramháil an drochghníomhaí na mionsonraí cuntais bainc, áfach, chun an íocaíocht a atreorú chuig faighteoir anaithnid agus rinne an scoil an t-idirbheart, agus í neamheolach air sin. Aimsíodh an sárú nuair a chuir an soláthraí dlisteanach in iúl nár íocadh é. Chuir an scoil an fógra faoi shárú isteach.

Mhol an Coimisiún go ndéanfadh an scoil roinnt gníomhartha chun athshlánú ón sárú agus chun atarlú a mhaolú lena n-áirítear cur i bhfeidhm Fíordheimhnithe Ilfhachtóirí, monatóireacht leanúnach agus meabhrúcháin ar a bheartas úsáide ríomhphoist.

### AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT:

- Ceann de na príomhchúiseanna le beir leat is ea nach mór d'aon eagraíocht a fhostaíonn córas ríomhphoist tríú páirtí a chinntiú go gcinntíonn a úsáid laistigh den eagraíocht leibhéal cuí slándála agus gur féidir é seo a bhaint amach trí rogha slándála cuí a chumrú agus trí threoir shoiléir a sholáthar don fhoireann maidir le húsáid cheart an chórais r-phoist. bogearraí atá in úsáid.

**Cás-Staidéar 24:**

## Beartais agus Nósanna Imeachta maidir le TCI

Sárú

Chaill custaiméir de chuid bialainne a ghiuirléidí san áitreabh agus d'iarr sé go dtabharfadh ball foirne rochtain ar phíosaí scannáin TCI na bialainne dó chun cabhrú leis a fháil amach cad a tharla dóibh.

Ag baint úsáid as a fhón dó, thóg an ball foirne grianghraf de na píosaí scannáin agus thug sé cead don chustaiméir amharc ar an íomhá. Dá ainneoin sin:

1. Níor chuir an ball foirne cosc ar an gcustaiméir a fhón póca a úsáid chun cóip den íomhá a thógáil.
2. Níor thaifead an ball foirne mionsonraí teagmhála an chustaiméara ar eagla go mbeadh sé riachtanach teagmháil a dhéanamh leis ina dhiaidh sin maidir leis an íomhá.

Chuir bainisteoir na bialainne an sárú isteach mar shárú ísealriosca. Méadaíodh an leibhéal riosca go hardriosca tar éis don Choimisiún anailís riosca a dhéanamh, áfach mar gheall ar an easpa rialuithe agus beartais inmheánacha atá i bhfeidhm.

Nuair a shuiteálann úinéir/áititheoir áitribh córas TCI, tar éis dó é a chosaint mar bheart riachtanach agus comhréireach, ní mór dóibh mar rialaitheoir sonraí aird chuí a thabhairt ar stóráil shábháilte sonraí pearsanta agus ar chur i bhfeidhm na mbeart slándála cuí. Tá sé de dhualgas ar rialtóirí sonraí bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcoimeádtar sonraí pearsanta slán ó aon phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach agus cailleadh, scrios nó damáiste de thaisme. Sa chás seo, níor cheart go mbeadh cead ag an mball foirne grianghraf a ghlacadh den íomhá.

Ní raibh an bhialann in ann na rioscaí a bhain leis an sárú seo a mhaolú toisc nach raibh sí in ann teagmháil a dhéanamh leis an gcustaiméir chun scriosadh na híomhá ó gach suíomh a iarraidh/a dheimhniú.

Rinne an Coimisiún caidreamh leis an mbialann agus chuir sé in iúl di gur cheart di Beartais agus Nósanna Imeachta maidir le TCI a athbhreithniú. Go háirithe, tharraing an Coimisiún aird na bialainne ar thosca riosca a bhaineann leo seo:

1. Rochtain ar phíosaí scannáin TCI a údarú.
2. Srianta, agus taifeadadh a dhéanamh ar aon dúbailt a dhéantar ar phíosaí scannáin TCI.
3. Oiliúint feasachta don fhoireann agus na rioscaí atá i gceist le píosaí scannáin TCI a chomhroinnt gan bunús dlí, i.e., chun críche LED. Ba cheart é sin a lua go soiléir sa bheartas uaidh maidir le TCI a úsáid.

## An Príomhthátal atá le Baint:

- Príomhthátal is ea gurb amhlaidh, maidir le húsáid TCI laistigh d'aon eagraíocht, ba cheart beartais chuí agus treoir chuí a bheith mar bhonn agus thaca aici agus ba cheart í a fhorfheidhmiú trí oiliúint agus trí fheasacht chun a chinntiú go mbeidh leibhéal cuí slándála ann chun aon rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn a mhaolú.

**Cás-Staidéar 25:**

## Doiciméid páipéir cóipe crua a aistriú

Sárú

Eagraíocht a bhfuil feidhm aici athbhreithnithe neamhspleácha a dhéanamh. Bhí an eagraíocht ag tabhairt doiciméid ar ais tar éis a próiseas achomhairc agus measúnachta a chur i gcrích. Is gnách go molann an eagraíocht go n-úsáidfí córas aistrithe comhad le haghaidh taifid ábhair a aistriú. Mar sin féin, éascaíonn sí cóipeanna crua a sheoladh freisin. Sa chás seo, d'iarr an eagraíocht seolta go dtabharfaí ar ais di na cóipeanna de thaifid a sheol sí i gcóip chrua. Thug an eagraíocht na doiciméid sin ar ais leis an bpost agus bhí an t-imchlúdach treisithe agus slán tráth a tugadh amach as an eagraíocht é. Luadh, áfach, nár seoladh é leis an bpost cláraithe, arbh é an gnáthbheartas don eagraíocht é nuair a bhí sé ag iarraidh cóipeanna crua ó eagraíochtaí chun tacú leis an bpróiseas achomhairc/ measúnachta. Nuair a tháinig an t-imchlúdach ar ais san eagraíocht seolta, bhí uamanna uile an imchlúdaigh scoilte agus an-stróicthe agus bhí trí leathanach ar iarraidh ón bpacáiste.

Cuimsíodh sonraí a bhain le daoine aonair soghonta sna doiciméid. Bhain cineál agus catagóir na sonraí le hAirteagal 4(1) RGCS agus níor cuimsíodh aon sonraí liachta iontu. Bhíothas in ann a thabhairt le tuiscint gur cuimsíodh faisnéis liachta áirithe iontu, áfach, toisc go ndearna an t-úsáideoir seirbhíse caidreamh leis an eagraíocht seolta.

Rinne an eagraíocht caidreamh leis an tseirbhís poist a úsáideadh le linn na mionsonraí a thabhairt ar ais don eagraíocht iarrthach agus, mar chuid den imscrúdú a rinne sí ar na trí leathanach a bhí ar iarraidh, fuarthas amach go raibh an t-imchlúdach neamhdhamáistithe tráth a fuair an tseirbhís poist é. Ós rud é nár seoladh é leis an bpost cláraithe, áfach, ní raibh aon fháil ann ar rianú poist.

Ghabh an eagraíocht uirthi féin úsáid an phoist chláraithe a fhorfheidhmiú agus an beartas uaithi a nuashonrú chun baill foirne a mholadh agus cóipeanna crua á dtabhairt ar ais don eagraíocht seolta acu go ndéanfaí bearta ar aon dul le hAirteagal 5(1)(f) RGCS agus le hAirteagal 32 RGCS chun bearta cuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme, amhail a chinntiú go gclárófar an comhfhreagras leis an tseirbhís poist agus a chinntiú go n-úsáidfear imchlúdaigh threisithe chuí chun leibhéal slándála agus cosanta a bheidh oiriúnach d'aon riosca a chinntiú.

Tugadh faoi deara go ndearna an eagraíocht caidreamh leis an tseirbhís poist mar chuid den imscrúdú a rinne sí ar na trí leathanach a bhí ar iarraidh agus go bhfuarthas amach go raibh an t-imchlúdach neamhdhamáistithe tráth a fuair an tseirbhís poist é. Ós rud é nár seoladh é leis an bpost cláraithe, áfach, ní raibh aon fháil ann ar rianú an imchlúdaigh.

Cé gur luadh sa bheartas a bhí in úsáid ag an eagraíocht gurbh é úsáid an phoist chláraithe an modh roghnaithe postais, shainaithin an eagraíocht freisin nár luadh é sin ach amháin i ndáil le cóipeanna crua a fháil ó na heagraíochtaí seolta. D'aithin an eagraíocht gurbh earráid í sin ina beartais féin.

Rinne an Coimisiún caidreamh leis an eagraíocht agus mhol sé di an beartas uaithi maidir le cóipeanna crua a thabhairt ar ais d'eagraíochtaí a nuashonrú agus gur cheart di an méid sin a chur ar áireamh i bhfeachtais oiliúna foirne agus i bhfeachtais feasachta foirne.

### An Príomhthátal atá le Baint:

- Príomhthátal is ea gurb amhlaidh, maidir le haistriú aon chóipeanna crua ina gcuimsítear sonraí pearsanta laistigh d'eagraíocht nó amach aisti, ba cheart beartais chuí agus treoir chuí a bheith mar bhonn agus thaca aige agus ba cheart é a fhorfheidhmiú trí oiliúint agus trí fheasacht chun a chinntiú go mbeidh leibhéal cuí slándála ann chun aon rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn a mhaolú.

**Cás-Staidéar 26:**

## Doiciméid páipéir cóipe crua a aistriú agus tú ag bogadh áitribh

Sárú

Bhí lia-chleachtóir ginearálta a d'oibrigh a chleachtas óna theach féin ag bogadh a áitribh oibre. Luaigh an lia-chleachtóir ginearálta go raibh 4000 othar ag freastal ar an gcleachtas thar thréimhse ama agus gur oibrigh sé idir stóráil dhigiteach agus chomhaid pháipéir. Bhí an lia-chleachtóir ginearálta ag brath ar thoiliú ó na hothair chun na mionsonraí liachta a stóráil ar an mbealach sin. D'fhostaigh an lia-chleachtóir ginearálta veain seachadta áitiúil chun na comhaid liachta páipéir a bhain leis an gcleachtas a iompar. Cuireadh na comhaid liachta isteach i mboscaí agus seoladh amach iad i veain seachadta phríobháideach.

Aimsíodh an sárú le linn iniúchadh córais a rinneadh tar éis an bhogtha. Ba ar iarraidh a bhí bosca inar cuimsíodh comhaid liachta agus ar iompair fear aistrithe earraí iad ina veain phríobháideach féin. Dheimhnigh an tiománaí veain gur thaisc sé na comhaid sa limistéar fáiltithe den áitreabh nua. Tuairiscíodh an caillteanas comhad don stáisiún áitiúil de chuid an Gharda Síochána freisin. Bhí thart ar 2000 comhad liachta ann nach rabhthas in ann a aimsiú agus dheimhnigh an lia-chleachtóir ginearálta nach raibh aon chóipeanna cúltaca de na taifid sin ann. Bhain na comhaid ar iarraidh le dialanna liachta, le bileoga ama, le taifid vacsaínithe agus le taifid chliniciúla a bhain le hothair phríobháideacha a mheasúnú agus le cóireáil a chur orthu.

Rinne an Coimisiún caidreamh leis an lia-chleachtóir ginearálta agus fuair sé amach nach raibh sé ar intinn ag an lia-chleachtóir ginearálta fógra a thabhairt do na daoine aonair lenar bhain ach go raibh sé i mbun idirchaidrimh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) maidir leis an ní agus go raibh sé ag comhlíonadh an bheartais ó FSS maidir le coinneáil taifead (Caighdeáin agus Cleachtais Mholta FSS le haghaidh Bainistíocht Taifead Cúram Sláinte, QPSD-D-006-3 V3). Luaigh an lia-chleachtóir ginearálta ar dtús gurbh íseal a bhí an riosca toisc nach raibh na sonraí ar iarraidh comhlán.

Ag teacht sna sála ar thuilleadh caidrimh, tharraing an Coimisiún a aird ar na hoibleagáidí atá air faoi Airteagal 34 RGCS fógra a thabhairt do na hábhair sonraí lenar bhain gan moill mhíchuí. Chuir an lia-chleachtóir ginearálta in iúl go seolfadh sé fógra chuig gach othar lenar bhain nó chuig tuismitheoir nó caomhnóir gach othair mhionaoisigh lenar bhain le ríomhphost nó leis an bpost, agus sholáthair sé dréachtchóip den litir don Choimisiún. Deimhníodh iad sin a bheith eisithe.

Cuimsíodh Airteagal 4 RGCS agus Airteagal 9 RGCS araon leis na sonraí pearsanta a bhí i gceist. Ar roinnt de na sonraí pearsanta bhí ainmneacha, seoltaí, dátaí breithe, UPSPanna agus mionsonraí vacsaínithe.

Rinne an lia-chleachtóir ginearálta caidreamh le FSS maidir le taifid liachta a bhainistiú. Thug an lia-chleachtóir ginearálta bearta nua isteach chun taifid liachta a sealbhaíodh a dhigitiú. Rinneadh breithniú, áfach, ar bhearta praiticiúla amhail duine aonair a bheith i bhfeidhm chun aon taifid liachta a bhí á n-iompar a fháil, ar aon dul leis na hoibleagáidí atá leagtha amach faoi Airteagal 5(1)(f) RGCS agus faoi

Airteagal 32 RGCS chun bearta cuí teicniúla agus eagraíochtúla a bheidh oiriúnach d'aon riosca a chur chun feidhme.

Tugadh faoi deara gur oibrigh an lia-chleachtóir ginearálta óna theach ar feadh breis agus 20 bliain agus gurbh amhlaidh nach ndearnadh bearta cuí le linn na comhaid a iompar, cé gur úsáid an lia-chleachtóir ginearálta caibinéid shlána comhad.

Rinne an Coimisiún caidreamh leis an lia-chleachtóir ginearálta agus d'eisigh sé moladh maidir leis na hoibleagáidí atá ar an lia-chleachtóir ginearálta mar rialaitheoir faoi Airteagal 24 RGCS agus threoraigh sé an lia-chleachtóir ginearálta chuig an treoir atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin. Chomh maith leis sin, dhírigh an Coimisiún aird an lia-chleachtóra ghinearálta ar an treoir cosanta sonraí ó Choláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann (ICGP).

### An Príomhthátal atá le Baint:

- Príomhthátal is ea gurb amhlaidh, nuair atá eagraíocht ag aistriú aon chóipeanna crua ina gcuimsítear sonraí pearsanta, amhail nuair atá sí ag bogadh chuig áitreabh nua, nach mór di na rioscaí féideartha uile a chur san áireamh agus a chinntiú go bhfuil bearta cuí teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm chun na rioscaí a chosc nó a mhaolú.

**Cás-Staidéar 27:**

## NA RIOSCAÍ A BHAINEANN LE HÚSÁIDEOIRÍ FÍSCHOMHDHÁLA

*SÁRÚ*

Fuair an Coimisiún fógra ó chomhlacht reachtúil a n-áirítear lena fheidhmeanna imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a bhaineann le hiompar gairmiúil saineolaithe. Tharla an sárú le linn éisteacht phoiblí, a cuireadh ar siúl go cianda, nuair a shann próiseálaí tríú páirtí cead rochtana go mícheart don lucht freastail, a raibh iriseoirí ina mheasc.

D'fhág sé sin gurbh infheicthe a bhí doiciméid inar nochtadh sonraí pearsanta nach raibh daoine den phobal i dteideal amharc orthu toisc nach raibh siad mar chuid den éisteacht. Maidir leis na sonraí pearsanta, a nochtadh de thaisme le linn na héisteachta, d'fhoilsigh na hiriseoirí iad ina dhiaidh sin i lear asraonta meán.

Measúnaíodh an sárú a bheith ina shárú ardriosca toisc go rabhthas in ann láthair an ábhair sonraí, rud a foilsíodh, a thuiscint ó na sonraí a nochtadh.

Trí mhaolú, dheimhnigh an comhlacht reachtúil gur bhain na hasraonta meán na sonraí pearsanta dá n-ardáin. De bhreis air sin, nuashonraigh an próiseálaí tríú páirtí a bhearta teicniúla agus eagraíochtúla chun rochtain d'úsáideoirí poiblí a shrianadh.

### AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT: :

- Leagtar béim sa chás seo ar na rioscaí féideartha a gcruthaíonn úsáideoirí físchomhdhála iad. Ba cheart do rialaitheoirí a chinntiú go mbeidh na daoine aonair a oibríonn na teicneolaíochtaí sin ar an eolas faoi úsáid na dteicneolaíochtaí.

TRASTEORANN

**Cás-Staidéar 28:**

## Réitíodh go Cairdiúil Gearán Trasteorann a bhain le hIarraidh ar Chuideachta Airgeadais ar Líne ar an gCeart go nDéanfaí Léirscriosadh

Bhain an gearán seo le hiarraidh léirscriosta a rinne duine aonair sa Ghearmáin ar chuideachta airgeadais ar líne atá lonnaithe in Éirinn de bhun Airteagal 17 RGCS. Thaisc an duine aonair an gearán uaidh ar dtús trí Údarás Cosanta Sonraí na Réine Thuaidh-Westphalia, a tharchuir an gearán ansin chuig an gCoimisiún mar Phríomhúdarás Maoirseachta.

Fuair an duine aonair diúltú ón gcuideachta géilleadh don iarraidh uaidh go scriosfaí a shonraí pearsanta ó bhunachar sonraí na cuideachta. Chuir an chuideachta in iúl don iarrthóir go raibh oibleagáid dhlíthiúil uirthi lenar ceanglaíodh uirthi na sonraí a choinneáil, de réir Airteagal 17(3)(b) RGCS. Chuir an duine aonair ábhair imní in iúl sa ghearán uaidh toisc nár sholáthair an chuideachta tuilleadh faisnéise maidir leis an mbunús lena diúltú géilleadh don iarraidh uaidh ná faisnéis maidir le cá fhad a choinneodh sí a shonraí.

Tar éis dó an gearán a fháil, rinne an Coimisiún caidreamh leis an gcuideachta. Le linn an chaidrimh sin, fuarthas amach go raibh an chuideachta ina heintiteas rialáilte airgeadais ar ceanglaíodh uirthi leis an dlí na sonraí pearsanta a bhaineann le cuntais dhúnta a choinneáil ar feadh tréimhse seacht mbliana agus gurb amhlaidh, ar dhul in éag don tréimhse sin, a scriosann sí na sonraí pearsanta a bhaineann le cuntas dúnta. Mar chuid den phróiseas réitigh chairdiúil, dheimhnigh an chuideachta an dáta ar a scriosfaí sonraí an duine aonair agus dheimhnigh sí go mbeadh sonraí pearsanta an duine aonair á gcumhdach go dtí an uair sin a d'fhéadfadh sí an iarraidh léirscriosta a chomhlíonadh.

Chuir an Coimisiún an fhaisnéis sin in iúl don duine aonair trí Údarás Cosanta Sonraí na Réine Thuaidh-Westphalia. Thug an duine aonair freagra, á dheimhniú gur réitíodh an gearán cosanta sonraí uaidh leis an bhfaisnéis a sholáthair an Coimisiún, agus ghabh sé buíochas leis an gCoimisiún as a chabhair maidir leis an ní a réiteach.

## An Príomhthátal atá le Baint:

- Léiríonn an cás-staidéar seo na tairbhí a bhaineann le hidirghabháil an CCS do dhaoine aonair trína phróiseas láimhseála gearán agus réitithe cairdiúil, a cheadaíonn dó dul i ngleic le buncheisteanna idir Ábhair Sonraí agus Rialaitheoirí. Ligeann an próiseas don CCS cabhrú le daoine aonair i Stáit an AE – trí aghaidh a thabhairt ar a n-imní, agus soiléiriú a sholáthar ar nósanna imeachta um chosaint sonraí agus ar chearta an duine aonair faoin GDPR.

TRASTEORANN

## Cás-Staidéar 29:

## Rún Cairdiúil ar Ghearán Trasteorann maidir le hIarratas Cirt chun Scriosta

Fuair an Coimisiún gearán ó dhuine aonair maidir le láimhseáil iarratas scriosta faoi Airteagal 17 RGCS. Bhí iarraidh léirscriosta déanta ag an duine aonair sin chun go léirscriosfadh rialtóir a chuntas agus aon sonraí pearsanta iartheachtacha ar leis iad. Luaigh an duine aonair sa chomhfhreagras a sheol sé chuig an gCoimisiún freisin gur chaill sé rochtain ar an gcuntas a bhí i gceist agus, dá bhrí sin, nach raibh sé in ann an cuntas a scriosadh as a stuaim féin trí úsáid a bhaint as uirlis féinscriosta rialtóir mar gheall ar neamh-inrochtaineacht. Thaisc an duine aonair an gearán uaidh le Meta go díreach ar dtús, ach bhí sé míshásta leis an bhfreagra a thug rialtóir ar an iarraidh uaidh. Mar sin, rinne an duine aonair teagmháil leis an gCoimisiún maidir lena ábhair imní, agus cabhair á lorg chun léirscriosadh an chuntais agus na sonraí pearsanta gaolmhara a fháil.

Shainaithin an Coimisiún an gearán a bheith ina ghearán a d'fhéadfaí a réiteach go cairdiúil faoi alt 109(2) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Thosaigh an Coimisiún scrúdú ar an ngearán trí theagmháil a dhéanamh le rialtóir agus trí mhionsonraí an ghearáin a leagan amach.

Sa fhreagra uaidh chuig an gCoimisiún, luaigh Meta go raibh an chuma air nach raibh an duine aonair in ann a chuntas a rochtain, mar a mhaígh an duine aonair sa ghearán uaidh. Chun cabhrú leis an duine aonair an cuntas a bhí i gceist a scriosadh, rinne Meta teagmháil leis an duine aonair go díreach de bharr an chaidrimh leis an gCoimisiún, agus cabhraigh sainfhoireann Meta leis an duine aonair rochtain ar a chuntas a fháil ar ais. D'fhág sé sin go raibh an duine aonair in ann ansin tús a chur leis an bpróiseas um a chuntas agus a shonraí pearsanta gaolmhara a fhéinscriosadh. Chuir an duine aonair in iúl don Choimisiún ina dhiaidh sin go raibh a ghearán réitithe.

### An Príomhthátal atá le Baint:

- Léiríonn an cás seo nach féidir le heagraíochtaí brath i gcónaí ar chórais uathoibrithe chun dul i ngleic le hábhair imní na gcustaiméirí agus go gcaithfidh siad a bheith aireach ar an gcéatadán beag úsáideoirí nach bhfuil in ann a gcearta a fheidhmiú trí na meicníochtaí uathoibrithe atá i bhfeidhm.

**Cás-Staidéar 30:**

## Iarraidh ar Dhíliostú de bhun Airteagal 17 RGCS

Trasteorann

Trí mheicníocht an tSiopa Ilfhreastail (OSS), fuair an Coimisiún gearán maidir le hiarraidh ar 'Cheart go nDéanfaí Ligean i nDearmad' a cuireadh isteach chuig cuideachta teicneolaíochta ilnáisiúnta mhór de bhun Airteagal 17 RGCS. D'iarr an duine aonair go ndíliostófaí trí aimsitheoir aonfhoirmeacha acmhainne (URL) a tugadh mar thorthaí ar inneall cuardaigh an Rialaitheora Sonraí nuair a cuardaíodh ainm an duine aonair. Bhain na URLanna i gceist le gnólacht atá díchláraithe anois de chuid an duine aonair. Bhíothas in ann uimhir theileafóin phearsanta agus seoladh cónaithe an duine aonair a fheiceáil trí na URLanna i gceist (ós rud é gur oibrigh an duine aonair a ghnólacht roimhe ag an seoladh céanna).

Chuir an duine aonair an iarraidh uaidh isteach, mar aon le cóip a bhí curtha in eagar dá aitheantas mar fhíorú. Mar fhreagra uaidh ar an iarraidh díliostaithe ón duine aonair, luaigh an Rialaitheoir Sonraí nach raibh an t-aitheantas a sholáthair an duine aonair inléite. Mar sin féin, ní raibh an chuma air gur bhreithnigh an Rialaitheoir Sonraí an iarraidh shubstainteach í féin agus nár mhínigh sé cé acu a bhí nó nach raibh amhras réasúnach aige maidir le céannacht an duine aonair, ná cé chomh mór is a bhí an t-amhras réasúnach sin, sa chaoi is gur ghá an iarraidh a dhéanamh ar fhaisnéis phearsanta bhreise. Ní raibh an duine aonair sásta leis an bhfreagra ón Rialaitheoir Sonraí agus rinne sé gearán ina dhiaidh sin le hÚdarás Cosanta Sonraí na Baváire (an tÚdarás Maoirseachta lenar Bhain), a d'aistrigh an gearán chuig an gCoimisiún.

Mar fhreagairt don imscrúdú ón gCoimisiún, d'athbhreithnigh an Rialaitheoir Sonraí an iarraidh ón duine aonair agus, tar éis dó an fhaisnéis a soláthraíodh i dteannta na hiarrata a bhreithniú maidir leis na sonraí pearsanta a cuimsíodh sna URLanna, chinn an Rialaitheoir Sonraí gurbh incháilithe lena ndíliostú a bhí na URLanna a ndearnadh gearán fúthu. Mar thoradh air sin, dhíliostaigh an Rialaitheoir Sonraí na URLanna ó na torthaí a thagann i láthair nuair a chuardaítear ainm an duine aonair agus thug sé fógra ina thaobh sin don duine aonair go díreach. Luaigh an Rialaitheoir Sonraí gurbh amhlaidh, dá mba rud é go raibh ag an duine aonair aon

URLanna eile nó aon téarmaí cuardaigh eile ba mhaith leis a chur isteach chun críocha aon iarrata díliostaithe, ba é an modh ab éifeachtúla agus ab éifeachtaí chun é sin a dhéanamh ná a fhoirm ar líne a úsáid.

Thug an duine aonair freagra don Choimisiún ina dhiaidh sin chun a dheimhniú go raibh sé sásta leis na gníomhartha a rinne an Rialaitheoir.

## An Príomhthátal atá le Baint:

- Ní mór iarrataí díliostaithe agus "ceart go ligfí i ndearmad" a mheas i gceart agus tástáil chothromaithe a dhéanamh chun a fháil amach an bhfuil leas an phobail ó thaobh rochtain a fháil ar an bhfaisnéis níos mó ná cearta an duine chun an fhaisnéis chéanna sin a scriosadh, nó a mhalairt.

# Nótaí

# Nótaí

# Innéacs

## A

AE  5, 15, 17, 25, 29, 49, 82, 140
Airteagal 60  10, 25, 38, 40, 41, 42, 44, 45, 46, 47, 49, 85
An Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí  2, 55

## C

Ceart  8, 21, 64
Cearta  3, 22, 76, 78, 90, 92

## F

Fógra  73, 81, 110

## I

Iarraidh  50, 51, 104, 107, 109, 112, 142
Iarraidh Léirscriosta  50, 51
Ionchúiseamh  25

## L

Léirscriosadh  21, 139

## M

Margaíocht Dhíreach Leictreonach  23

## N

Nochtadh  3, 8, 21, 26, 28, 92, 93, 117, 119

## O

Oifigeach Cosanta Sonraí  2, 6, 81, 82, 83, 109

## P

Pearsanta  46, 90
Próiseáil  8, 21, 26, 42, 80

## R

**Réiteach** 21

**Rialachas** 3, 89, 91

**Rialaitheoir Sonraí** 142

**Rochtain** 21, 28, 133

## S

**Sárú** 29, 48, 55, 128, 129, 131, 132, 134, 136, 138

**Sonraí** 2, 3, 4, 6, 7, 9, 10, 11, 12, 13, 14, 15, 17, 18, 19, 21, 22, 25, 26, 27, 29, 30, 31, 32, 33, 34, 35, 36, 37, 38, 39, 41, 44, 45, 46, 47, 48, 50, 51, 52, 53, 55, 56, 58, 59, 60, 61, 62, 63, 64, 65, 70, 72, 74, 76, 77, 78, 79, 80, 81, 82, 83, 84, 85, 86, 87, 88, 89, 90, 91, 92, 93, 94, 96, 98, 99, 100, 101, 102, 104, 106, 107, 108, 109, 110, 111, 112, 113, 114, 115, 117, 119, 121, 122, 123, 124, 125, 127, 128, 129, 139, 140, 141, 142

**Sonraí Pearsanta** 46, 90

## T

**TCI** 6, 9, 10, 11, 12, 26, 31, 32, 33, 34, 35, 54, 60, 65, 70, 71, 72, 125, 126, 127, 132, 133

**Trasteorann** 4, 10, 38, 139, 141, 142

**Trédhearcacht** 42, 44, 51

www.dataprotection.ie

21 Cearnóg Mhic Liam
Baile Átha Cliath 2
D02 RD28
Éire

01 7650100 nó 1800 437 737

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission